
**Tugaimid cúnamh toisc gur chóir déanamh amhlaidh.** Is ar scáth a chéile a mhairimid, ní hamháin toisc go bhfuil an domhandú ár dtabhairt le chéile ach toisc gur daoine daonna muid uile. Is as seo a eascraíonn an fhreagracht atá orainn cuidiú leo siúd atá i ngátar. I gcásanna áirithe téann cúrsaí polaitiúla agus straitéiseacha i bhfeidhm ar chinntí maidir le dáileadh cúnaimh. Ní hamhlaidh an cás in Éirinn. Léiríonn an cúnamh a thugann Éire agus ár gcomhoibriú le tíortha atá i mbéal forbartha ár bhfreagracht i leith daoine eile agus léiríonn sé ár dtuiscint in Éirinn ar a bhfuil i gceist le sochaí chothrom dhomhanda.

PÁIPEAR BÁN UM CHÚNAMH ÉIREANN

Rialtas na hÉireann




**An Mhaláiv: An naoú clárthír ag Éirinn**

Tá ocht gclárthír ag Éirinn. Is tíortha iad sin atá i mbéal forbartha agus a bhfuil Éire i bpáirtíocht shuntasach fhadtéarmach leo. Cuirimid maoiniú suntasach intuartha ar fáil dóibh ar feadh tréimhsí fada chun cuidiú leo lena gcuid forbartha.

Beidh an Mhaláiv ar an naoú clárthír ag Éirinn. Is tír i ngátar í an Mhaláiv, le breis is 65% den daonra ag maireachtáil faoi phointe na bochtaineachta. Anois agus an Mhaláiv mar chlárthír is féidir linn cur leis an bpáirtíocht eadrainn agus leis an méid tacaíochta a chuirimid ar fáil don tír.

**Clár fóirithinte Chúnamh Éireann in 2005**

- Clárthíortha
- Tíortha eile atá ag fáil cúnaimh
- Tíortha nach bhfuil ag fáil cúnaimh

"Is masla é dár ndaonnacht uile, cúig bliana i ndiaidh Chruinniú Mullaigh na Mílaoise, go bhfuil 30,000 leanbh ag fáil bháis gach lá ó ghalair atá éasca a chosc agus go bhfuil siad ag dul a chodladh gach oíche agus ocras orthu, agus nach bhfuil 100 milliún leanbh ag fáil oideachais bhunúsaigh."

An Taoiseach, Bertie Ahern T.D.
Ag labhairt ag Olltionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe
14 Meán Fómhair 2005

# PÁIPÉAR BÁN UM CHÚNAMH ÉIREANN

# Focal ón Taoiseach



" Is masla é dár ndaonnacht uile, cúig bliana i ndiaidh Chruinniú Mullaigh na Mílaoise, go bhfuil 30,000 leanbh ag fáil bháis gach lá ó ghalair atá éasca a chosc agus go bhfuil siad ag dul a chodladh gach oíche agus ocras orthu, agus nach bhfuil 100 milliún leanbh ag fáil oideachais bhunúsaigh".

Ag labhairt ag Olltionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005, leag mé síos na dúshláin atá romhainn inniu.

Is toisc ár stair in Éirinn, gur féidir linn a rá go bhfuilimid báúil leo siúd a bhfuil galar, bochtaineacht agus ocras a bhfulaingt acu gach uile lá ar fud an domhain. Ní leor é a bheith báúil, áfach. Caithfimid beart a dhéanamh de réir ár mbriathair.

Tá an t-uafás dul chun cinn déanta in Éirinn le deich mbliana anuas. Is tír shaibhir í Éire inniu, cuma cén tslí a bhreathnaíonn tú air agus is tír fhorbartha í. Anois níos mó ná riamh roimhe seo, tá sé de chumas againn cabhair a thabhairt do na daoine is mó a bhfuil gá acu leis i gcuid de na tíortha is boichte ar domhan.

Gach uile lá tugann clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann, Cúnamh Éireann, daoine slán. Thairis sin, támid ag obair chun na hathruithe dearfacha agus buanseasmhacha, atá de dhíth chun deis mhaith a thabhairt do dhaoine a saol féin a fheabhsú, a chur i gcrích.

Is cuid lárnach é Cúnamh Éireann agus is gné é atá ag éirí níos tábhachtaí dár mbeartas eachtrach. Creidim go daingean gur léiriú praiticiúil é ár gclár cúnaimh de ar luachanna a shainíonn gaelachas ag tús na naoi haoise is fiche.

Tá bród orm a rá go léirítear flaithiúlacht Mhuintir na hÉireann tríd an gcaiteachas a dhéanann an Rialtas ar a son.

Laistigh de thréimhse trí bliana go dtí deireadh na bliana 2007, beidh beagnach €2 billiún caite againn ar chúnamh chuig na tíortha is boichte ar domhan atá fós i mbéal forbartha.

Tá geallta againn go mbainfimid amach sprioc na NA 0.7% dár n-ollioncam náisiúnta a chaitheamh ar chúnamh faoin mbliain 2012, i bhfad chun tosaigh ar spriocdháta an AE, 2015. Bunaithe ar theilgin reatha beimid ag caitheamh €1.5 billiún ar chúnamh oifigiúil in aghaidh na bliana.

Éilíonn na harduithe móra seo go ndéanfaimid pleanáil chúramach don todhchaí. Sa Pháipéar Bán seo creidimid gur shonraíomar go cruinn conas a chaithfimid agus cathain a chaithfimid bhur gcuid airgid, agus cad iad na tosaíochtaí is ceart an t-airgead a chaitheamh orthu dar linn.

Tá súil agam go nglacfaidh sibh an t-am le breathnú ar na hearnálacha ina bhfuil ár ranníocaíocht – ar bhur son ag déanamh difríocht réadúil i gcomhrac domhanda na bochtaineachta ar fud an domhain.

Tá súil agam go leanfaidh sibh oraibh ag tabhairt tacaíochta don Rialtas agus é ag leithdháileadh na n-acmhainní suntasacha atá ag teastáil chun troid i gcoinne galar, ocras agus i gcoinne na bochtaineachta, acmhainní a chuir sibhse mar cháiníocóirí ar fáil dúinn.

Bertie Ahern
Taoiseach

# Brollach






Gach uile lá tá muintir na hÉireann, trí Chúnamh Éireann, ag déanamh a gcuid chun freastal ar riachtanais na ndaoine is boichte ar domhan. I mbliana, caithfidh an Rialtas os cionn €170 ar son gach fir, mná agus linbh in Éirinn chun athrú buanseasmhach a bhaint amach i saol na bpobal imeallaithe agus is boichte i dtíortha atá ag forbairt – sin €734 milliún sa bhliain 2006.

Is tráthúil an rud é, agus tá sé riachtanach dá bhrí sin, a shonrú do mhuintir na hÉireann agus dár gcomhpháirtithe forbartha, cén fáth, cén áit agus conas atá an t-airgead sin á chaitheamh.

Is cloch mhíle suntasach é an chéad Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann i stair deich mbliana fichead ár gclár cúnaimh.

Leagann sé béim ar an tosaíocht ard atá á chur againn mar náisiún ar chomhrac na bochtaineachta ar fud an domhain agus tagann sé sin chun cinn nuair atá arduithe suntasacha ar chaiteachas do chúnamh.

Leagann an Páipéar Bán béim ar an tábhacht lárnach atá le comhoibriú forbartha i mbeartas eachtrach níos leithne de chuid na hÉireann toisc go gcuireann sé in iúl ár dtiomantas buanseasmhach i leith cearta an duine agus an nós atá againn cloí le ceartas idirnáisiúnta thar aon rud eile.

Níos mó ná sin, tá Cúnamh Éireann ag cur feabhais ar chaighdeán saoil na gcosmhuintir - ár bprionsabail i bhfeidhm. Tá Cúnamh Éireann ag obair in os cionn 90 tír ar fud an domhain, ag cabhrú leis na daoine is leochailí a bpoitéinseal a bhaint amach in ainneoin srianta cúinsí a mbeatha agus in ainneoin na héagóra.

Tá sé ríthábhachtach mar sin go leagfaimid béim ar an bpríomhghné seo de bheartas eachtrach na hÉireann agus go míneoimid conas a thógfaimid ar an obair seo sa todhchaí.

Cuireann an Páipéar Bán in iúl treoirphrionsabail ár gclár cúnaimh. Oibreoimid i gcomhpháirt leis an rialtais agus leis na pobail ar domhan atá ag forbairt, go mór mhór san Afraic. Táimid feasach i gcónaí gur gá dóibh a bheith i gceannas agus ag tiomáint a bhforbartha féin chun cinn. Cuireann an ghaolmhaireacht seo oibleagáidí ar an dá thaobh le cinntiú go mbainfear an leas is fearr as cúnamh agus go mbeidh an cúnamh sin ar fáil sna háiteanna is mó ar féidir leis difríocht a dhéanamh ann. Seasfaimid leis an ngealltanas sin.

Díreoidh Cúnamh Éireann ar na tíortha is boichte ar fud an domhain a bhfuil an gá is mó acu le cúnamh. Rachaimid i ngleic leis na nithe a chúisíonn bochtaineacht, in ionad diriú ar airí na bochtaineachta. Tá sé d'aidhm againn córais a thógáil a rachaidh i ngleic le bochtaineacht ar bhealach a mhairfidh i bhfad i ndiaidh ár n-idirghabhálacha. Is é ár n-ollsprioc muid féin a bheith dímhaoin ar deireadh thiar.

Ní hamháin gur toradh é an Páipéar Bán ar phlé inmheánach, is toradh é ar dhian-chomhchomhairle phoiblí. Chuireamar fáilte roimh aighneachtaí ó dhaoine agus ó eagraíochtaí a raibh suim acu ann, agus shiúlamar an tír ag éisteacht le tuairimí mhuintir na hÉireann faoi cad a cheapann siad is cóir a bheith ar siúl ag an Rialtas ar a son. Chuamar i gcomhairle lenár gcomhpháirtithe in Éirinn agus sa domhan atá ag forbairt. Is le Muintir na hÉireann an Páipéar Bán agus an clár a bhfuil cur síos air sa pháipéar.

Tá cuntas soiléir ar na príomhchinntí a rachaidh i bhfeidhm ar obair Chúnamh Éireann sa todhchaí sa cháipéis seo. Is nuálaíochtaí iad cuid acu agus seasann siad do réimse nua a bheidh ina bhfócas ag Cúnamh Éireann, agus tá cuid acu ag déanamh bailí obair a rinneadh roimhe seo agus ag tógáil ar éachtaí reatha. Tá sé fíorthábhachtach go n-aithnímid nach bhfuilimid ag tosú glan as an nua. Tá léirmheasanna an-dearfacha faighte ag Cúnamh Éireann ó institiúidí neamhspleácha agus ó dheonaitheoirí idirnáisiúnta eile ó cuireadh tús leis sa bhliain 1974.


Tá cáil idirnáisiúnta den scoth bainte amach againn toisc caighdeán an chúnaimh atá tugtha againn agus tá sé d'aidhm againn an caighdeán ard seo a chothú. Eagraíocht í Cúnamh Éireann a bheidh ag foghlaim i gcónaí ag tógáil ar aon rath agus fáilteofar roimh athrú agus roimh bhealaí nua chun a bheith éifeachtúil.

Léirítear an t-éagothromas domhanda sna staitisticí náireacha um dhíothú a bhfuil taithí mhaith againn orthu agus is léiriú iad sin ar an saghas daoine sinn agus téann sé i bhfeidhm orainn uile. Tá sé fúinn an méid agus is féidir linn a dhéanamh chun fáil réidh leis an éagothromas. Tá cosmhuintir na hÉireann, tríd ár gclár cúnaimh, ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, ag cinntiú go mbíonn an ceart bunúsach ag leanaí oideachas a fháil, maoinímid an soláthar bunúsach seirbhísí sláinte do na milliúin daoine leochaileacha agus bochta. Gach uile lá táimid ag cabhrú chun sochaithe a thógáil ina n-éisteann rialtais lena gcuid saoránach agus ina bhfuil sé ar a gcumas freastal ar riachtanais a gcuid saoránach.

Táimid ag tnúth le domhan inár féidir leis na leanaí as na tíortha is boichte a bheith ag súil le todhchaí lán de dheiseanna agus tá súil againn go mbeidh an méid sin ina cheart acu ón tús. Is le bhur gcuid tacaíochta agus leis an bPáipéar Bán mar threoir a oibreoimid chun an méid seo a bhaint amach.



**Dermot Ahern, Uas., T.D.**
An tAire Gnóthaí Eachtracha



**Conor Lenihan Uas., T.D.**
An tAire Stáit um Chomhoibriú Forbartha agus Cearta Daonna

# Clár Ábhair

Tiomantas na hÉireann 8
Treoirphrionsabail 9
Príomhchinntí 11

CUID I **Réamhrá** 19
Cén fáth go dtugtar cúnamh? 20
Cén fáth go bhfuil Páipéar Bán i gceist? 23

CUID II **Fís na hÉireann Maidir le Forbairt** 27

CUID III **An Dúshlán** 33
Freagairt do Ghéarchéimeanna Daonnúla agus Géarchéimeanna Daonnúla a Chosc 34
Rialtas Níos Fearr a Chruthú agus Comhrac na Caimiléireachta 39
Infheistiú i nDaoine: Na hEarnálacha Sóisialta 43
VEID/SEIF agus Galair Theagmhálacha eile 48
Ocras, Slándáil Bhia agus Forbairt Tuaithe 51
Síocháin, Slándáil agus Forbairt 56
Cearta Daonna agus Forbairt 59
Inscne agus Forbairt 62
Timpeallacht agus Forbairt 63
Trádáil agus Forbairt 65

CUID IV **Comhpháirtíocht: Cé Leis a mBímid ag Obair agus Cén Fáth?** 69
Ag Obair le Rialtais 71
An tSochaí Shibhialta agus Eagraíochaí Neamhrialtasacha 75
Éire, Na Náisiúin Aontaithe agus Forbairt 79
Éire, an tAontas Eorpach agus Forbairt 81
Éire, an Banc Domhanda agus Forbairt 83

CUID V **An Áit a mBímid ag Obair** 87
An Afraic 88
Obair Dhomhanda Eile 90

CUID VI **Cur Chuige Comhtháite Maidir le Forbairt** 95

CUID VII **Ag Cinntiú go Bhfuil Cúnamh ag Obair** 99

CUID VIII **Cúnamh na hÉireann agus Pobal na hÉireann** 103

CUID IX **An Clár a Bhainistiú** 109

CUID X **Ag Breathnú ar an Todhchaí** 113

Iarscríbhinn I **Breac-chuntas ar an bPróiseas Comhairliucháin** 119

Iarscríbhinn II **Acrainmneacha** 125

BOSCAÍ

| | |
|---|---|
| Spriocanna Forbartha na Mílaoise | 24 |
| Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh | 35 |
| Comhaltachtaí | 44 |
| Sláinte agus Ionchas Saoil | 45 |
| VEID/SEIF agus Bochtaineacht | 47 |
| Rath sa Chomhrac i gcoinne Galair Theagmhálacha: Polaimiailíteas | 50 |
| Cosaint Shóisialta: Clár Sábháilteachta na hAetóipe | 53 |
| Coimhlint a Chosc agus a Réiteach | 58 |
| Cosantóirí Cearta Daonna | 60 |
| Foréigean Inscne-bhunaithe | 61 |
| Sláinte na Timpeallachta, Uisce agus Sláinteachas | 63 |
| Athrú Aeráide | 64 |
| Trádáil Chóir agus Eiticiúil | 66 |
| Coiste an OECD um Chúnamh agus Forbairt | 70 |
| An Mhaláiv: 9ú Clárthír na hÉireann | 74 |
| Cead Cainte agus Ról na Meán i dTíortha atá ag Forbairt | 78 |
| Faoiseamh ó Fhiachas | 85 |
| Ionad Saorálaíochta agus Cúnamh Éireann | 105 |

# Tiomantas na hÉireann

Ag Cruinniú Mullaigh Athbhreithnithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005, gheall An Taoiseach Bertie Ahern, go mbainfeadh Éire sprioc na Náisiún Aontaithe maidir le caiteachas amach, is é sin, 0.7% dár OTN a chaiteamh ar Chúnamh Oifigiúil d'Fhorbairt (ODA) sa bhliain 2012.

Tá spriocanna eatramhacha leagtha síos, agus tá siad le baint amach roimh an dáta sin, agus úsáidfear iad mar shlat tomhais chun ár ndul chun cinn i dtreo na sprice sin a mheas.


Sa bhliain 2007 beidh ár nODA ionann le 0.5% den OTN.

Sa bhliain 2010 beidh ár nODA ionann le 0.6% den OTN.

Úsáidfear na hacmhainní seo go héifeachtúil agus go héifeachtach ar son mhuintir na hÉireann.

Is tiomantas é seo ag Éire i dtreo na hiarrachta domhanda atá de dhíth chun Spriocanna Forbartha Milaoise na Náisiún Aontaithe a bhaint amach mar atá leagtha síos.

## Leibhéil ODA na hÉireann 1996 - 2012



# Treoirphrionsabail

Is cuid lárnach de ghnóthaí eachtracha na hÉireann í an Fhorbairt.

Is í an ollsprioc a bhaineann le Cúnamh Éireann ná an bhochtaineacht a laghdú agus ar an gcaoi sin leochaileacht a laghdú agus deiseanna a mhéadú.

Tacóidh Éire le cothú forbairt dhaonna, le slándáil agus ceart daonna, le tógáil agus le neartú an daonlathais, le cothú comhionannais inscne agus le cearta daonna a chosaint agus a chothú. *Is iad na prionsabail seo a leanas a bheidh mar threoir duinn:*

## Comhpháirtíocht

Bunófar gaolmhaireacht na hÉireann leis an domhan atá ag forbairt ar sprid na comhpháirtíochta agus an chomhionnais. Is iad Rialtais agus Muintir na dtíortha sin atá i gcomhpháirt linn atá freagrach go príomha as a bhforbairt féin agus iad a stiúirfidh an próiseas forbartha. Ofrálfaidh Éire, comhairle, saineolas agus cúnamh ach chomh fada agus is féidir é bunófar cinntí maidir le pleanáil forbartha ar sheilbh agus ar cheannaireacht áitiúil.

Tá an dualgas ar na tíortha atá i gcomhpháirt linn oibriú chun seasamh i gcoinne na caimiléireachta, rialtas éifeachtúil agus freagracht a chinntiú, an daonlathas a chothú agus cearta daonna a chosaint.

Oibreoimid i gcomhpháirt le deontóirí eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil ár dtosaíochtaí ina dtosaíochtaí acu.

## Úinéireacht Phoiblí agus Trédhearcacht

Déanfaimid deimhin de go mbeidh feasacht níos fearr agus úinéireacht níos mó faoin gclár. Spreagfaimid níos mó feasachta faoi na saincheisteanna a bhaineann le forbairt. Seachadfar an clár ar bhonn oscailte, freagrach agus trédhearacach. Bonn trédhearcach a bheidh le cinntí maidir le maoin a dheonú. Téimid i gcomhairle le comhpháirtithe faoi mhórthionscnaimh bheartais.

## Éifeachtúlacht agus Dearbhú Caighdeáin

Úsáidfimid acmhainní poiblí go héifeachtúil agus go héifeachtach, ag soláthar luach ar airgid do cháiníocóirí na hÉireann. D'fhonn éifeachtúlacht a uasmhéadú, cinnteoimid ardchaighdeán i gcúrsaí pleanála agus bainistíochta ár gcuid tionscadal agus ár gcuid clár. Oibreoimid as lámha deontóirí eile agus leis an bpobal idirnáisiúnta chun a chinntiú go n-úsáidfear cúnamh forbartha chun an éifeacht is fearr a bhaint amach ag leibhéal domhanda. Ní cheanglófar cúnamh na hÉireann le dualgas earraí nó seirbhísí de chuid na hÉireann a úsáid. Is é dianmheasúnú agus dianinúchadh a bheidh mar fhoinse faisnéise in ár gcuid oibre le cinntiú go mbainfear uasleas as acmhainní agus le cinntiú go mbainfear amach luach ar airgead agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfoghlaimeoimid ónár dtaithí.

## Comhleanúnachas

Oibreoimid chun cur chuige comhleanúnach a bhaint amach ar fud gach uile Roinn Rialtais. Laistigh de Chúnamh Éireann é féin, oibreoimid chun comhleanúnachas a bhaint amach ar fud réimse leathan gléasanna forbróireachta a úsáidtear agus chun contrárthachtaí agus neamh-chomhsheasmhacht a laghdú agus a dhíbirt.

## Inbhuanaitheacht Fhadtéarmach

Is idirghabhálacha buanseasmhacha a bheidh in úsáid againn agus cruthóidh siad buntáistí thar an bhfadtéarma. Oibreoimid i dtreo feabhsuithe inmharthana i saol na gcosmhuintireacha, trí chórais a thógáil a rachaidh i ngleic leis na nithe a chúisíonn bochtaineacht in ionad na hairí féin a réiteach. Cuirfidh ár gclár forbartha ábhair imní faoin timpeallacht san áireamh chun leasanna ghlúin na todhchaí a chosaint.

# Príomhchinntí

# Príomhchinntí

Tá roinnt de na príomhchinntí a glacadh sa Pháipéar Bán seo sonraithe thíos. Neartaíonn na cinntí seo an dea-chleachtas atá ann cheana féin ar fud chláir chúnaimh na hÉireann agus sonraíonn sé tionscnaimh nua agus réimse nua gníomhaíochta chomh maith.

| Príomhchinntí | Ár bhFócas |
|---|---|
| > Is í an Afraic a bheidh mar phríomhfhócas geografach do chúnamh na hÉireann. *(Feic lch. 88)* | > **Tá na meicníochtaí maoinithe simplithe againn d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna).** Ciallóidh sé seo go mbeidh na meicníochtaí maoinithe níos éasca le húsáid i gcomhthéacs an iliomad riachtanas a bhíonn ag na heagraíochtaí seo agus san am céanna beidh siad láidir agus dian go leor le cinntiú go bhfuil freagracht don cháiníocóir sóiléir. *(Feic lch.75)* |
| > **Méadóimid líon na bpríomhthíortha lena mbímíd ag obair.** Sa mheántéarma, méadóimid líon na dtíortha comhpháirtíochta ó ocht gcinn go deich gcinn. **Is í An Mhaláiv an chéad tír a ainmneofar mar seo.** *(Feic lch. 73)* | |
| > Doimhneoimid ár bhfócas ar obair a dhéanamh i **stáit leochaileacha.** Ag tógáil ar ár ngníomhaíochtaí reatha, agus ár ról i gcoinneáil na síochána leis na NA, díreoimid ár bhfócas ar Siarra Leon agus An Libéir, dhá thír iad sin le timpeallachtaí feidhmiúla atá fíordhúshlánach. *(Feic lch. 73)* | > **Méadóimid ár gcomhoibriú le cistí agus le cláir na Náisiún Aontaithe** d'fhonn cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú, mar aon le comhsheasmhacht lenár gcur chuige i leith cúnamh forbartha agus lenár dtacaíocht d'athchóiriú na NA. *(Feic lch. 79)* |
| > Cé gurb í an Afraic a bheidh mar phríomhfhócas againn, freagróimid do riachtanais in áiteanna eile ar domhan. Chuige seo, **tógfaimid clár réigiúnach san Áis Thoirtheas;** ag oibriú i **Vítneam,** an tír is déanaí a ainmníomar. *(Feic lch. 90)* | > Oibreoimid chun caighdeáin an chunaimh ón Aontas Eorpach agus éifeachtúlacht seachadta an chúnaimh a fheabhsú. *(Feic lch. 81)* |
| > Forbróimid cláir réigiúnacha san **Afraic Theas agus in Iarthar na hAfraice,** chun dul i ngleic le dúshláin nach bhfuil aon mheas acu ar theorainneacha náisiúnta, cosúil le scaipeadh galair agus neamhshlándáil bhia. *(Feic lch. 89)* | > Oibreoidh Cúnamh Éireann agus an Roinn Airgeadais as lámha a chéile chun peirspeictíocht forbartha láidir a chomhtháthú sna staid ghlactha ag Éire sna **hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais.** *(Feic lch. 84)* |
| > Cuirfimid **cúnamh ar fáil d'Aontas na hAfraice agus d'eagraíochtaí réigiúnacha eile san Afraic,** chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an mór-roinn sin. *(Feic lch. 88)* | > Coinneoimid **meascán de mhodhanna chun cúnamh a sheachadadh** inár dtíortha comhpháirteacha: oibreoimid ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus sinn ag cur san áireamh na cuinsí sainiúla a bhaineann le gach tír. *(Feic lch. 72)* |
| > Is é **cearta daonna** a chothú go díreach agus go hindíreach, a bheidh lárnach i gcónaí i mbeartas gnóthaí eachtracha na hÉireann agus in obair Chúnaimh Éireann. *(Feic lch. 59)* | > Nuair is indéanta, bogfaimid i dtreo timthriallacha maoinaithe de chúig bliana lenár bpríomhchomhpháirtithe, rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí iltaobhacha san áireamh. |

## Príomhchinntí — Freagairt do Ghéarchéimeanna Daonnúla agus na Géarchéimeanna Daonnúla a Chosc

> D'fhonn freagra ar bhonn níos éifeachtúla a thabhairt ar ghéarchéimeanna a thagann aníos gan choinne, forbróimid **Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh** *(feic lch. 35)*, agus is éard a bheidh san áireamh ann ná:

- Soláthairtí daonnúla a réamhlonnú agus a iompar chuig na háiteanna ina bhfuil an ghéarchéim de réir mar is cuí.
- Liosta daoine le hardscileanna, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, na fórsaí cosanta san áireamh, a bheidh réidh le seoladh ar fhógra gearr chuig suiomh na géarchéime.
- Inniúlachtaí i gcás géarchéim a fheabhsú sna gníomhaireachtaí idirnáisiúnta daonnúla a thugann freagra agus sna meicníochtaí araon.

Beidh an Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh ag teacht leis an méid a dhéanaimid i dtionscnaimh níos leithne na NA agus an AE.

> Tabharfaimid tacaíocht do **ról sainiúil comhordaithe na Náisiún Aontaithe** agus iad ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla. Is comhartha láidir é an tacaíocht a thugaimid don Chiste Nua um Fhreagra Lárnach do ghéarchéim de chuid na NA agus leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíochta don obair a dhéanann an Ciste nua. *(Feic lch. 34)*

> Bunóimid Táscfhórsa Ocrais, a tharraingeoidh le chéile saineolas ón earnáil phoiblí agus phríobhaideach, chun imscrúdú a dhéanamh ar ar féidir le hÉirinn a dhéanamh chun dul i ngleic leis na nithe a chúisíonn neamhshlándáil bhia, san Afraic go háirithe. Iarrfar ar an Tascfhórsa Ocrais tuairisc a thabhairt laistigh de shé mhí ón dáta a bhunaítear é. *(Feic lch. 52)*

> Cabhróimid le tíortha atá ag forbairt déileáil le tionchar na ngéarchéimeanna daonnúla *(Feic lch. 34 – 38)*

## Príomhchinntí Inniúlacht Rialtais a Thógáil agus Cuntasacht

- Tabharfaimid tacaíocht d'institiúidí agus d'eagraíochtaí i dtíortha atá ag forbairt a chothaíonn **rialachas, daonlathas agus cearta daonna,** d'fhonn rialtas níos freagraí agus níos éifeachtúla a chinntiú. *(Feic Lch. 59-61)*
- Tabharfaimid tacaíocht dár gcomhpháirtithe sa troid **i gcoinne na caimiléireachta** agus oibreoimid le deontóirí eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus an tsochaí shibhialta le cinntiú go sroicheann ár gcúnamh forbartha na bochtáin agus na daoine is mó a bhfuil gá acu leis. *(Feic lch. 39-42)*
- Rachaimid i gcomhar le **hAontas na hAfraice** maidir leis an mbealach is fearr a aimsiú chun tacaíocht a thabhairt don **Mheicníocht um Athbhreithniú Piaraí na hAfraice,** a imscrúdaíonn rialachas eacnamíoch agus polaitiúil thíortha na hAfraice ag Rialtais eile na hAfraice. Féachaimid go háirithe ar conas is féidir linn tacú leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta. *(Feic lch. 40)*
- **Tacóimid le sochaí shibhialta éagsúil agus neamhspleách** inár gclárthíortha agus spreagfaimid na rialtais iontu chun rannpháirtíocht mhéadaithe agus comhpháirtíocht i bpleanáil d'fhorbairt a éascu. *(Feic Lch. 41-77)*
- **Tabharfaimid tacaíocht ghníomhach chun meáin chumarsáide saor agus neamhspleách** a fhorbairt inár dtíortha comhpháirtíochta mar shampla tábhachtach chun dea-rialachas agus cuntasacht a chothú. *(Feic lch. 78)*
- Méadóimid ár dtacaíocht do **bhearta um chomhionnas inscne, le fócas faoi leith ar fhoréigean bunaithe ar inscne a chosc agus freagairt dó má tharlaíonn sé.** *(Feic lch. 61-62)*

## Príomhchinntí Trádáil agus Forbairt

- Leanfaimid orainn ag moladh **margadh trádála níos fearr do na tíortha a bhfuil an fhorbairt is lú déanta orthu.** *(Feic lch. 55&65)*
- Tabharfaimid tacaíocht do na tionscnaimh **'Cúnamh do Thrádáil'** do na tíortha a bhfuil an méid is lú forbartha déanta acu, chun cabhrú leo a n-inniúlacht chun trádáil a dhéanamh agus chun tionchar na gcomhaontaithe trádála iltaobhacha a chur san áireamh. *(Feic lch. 66)*
- Méadóimid ár dtacaíocht airgeadais do thionscnaimh a chothaíonn **trádáil chothrom agus eiticiúil, agus tacaíocht d'iarrachtaí in Éirinn chun feasacht a ardú faoi na saincheisteanna seo.** *(Feic lch. 66)*
- Tabharfaimid tuilleadh tacaíochta d'fhorbairt san earnáil phríobháideach in ár gclárthíortha. **Tá eagraíocht um fhorbairt ghnó seachbhrabúsacha, Traidlinks, á bhunú le tacaíocht ó Chúnamh Éireann,** chun gaolmhaireachtaí gnó a chothú idir an earnáil phríobháideach in Éirinn agus leis an earnáil phríobháideach i dtíortha atá ag forbairt. *(Feic lch. 106)*
- Féachaimid ar an luach agus an fhéidearthacht a bheadh ann **Banc Forbartha Éireannach** a bhunú. *(Feic lch. 115)*

## Príomhchinntí Infheistíocht a dhéanamh i nDaoine – Na hEarnálacha Sóisialta agus Táirgiúla

- Táimid tiomanta do chláir a fhorbairt a théann i ngleic leis na nithe is mó a chothaíonn breoiteacht agus drochshláinte i measc na ndaoine is boichte agus is leochailí agus na córais sláinte a neartú sna tíortha is boichte. *(Feic lch. 45)*
- Caithfimid €100 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana chun dul i ngleic le VEID/SEIF agus le galair theagmhálacha eile i dtíortha atá ag forbairt. *(Feic lch. 48)*
- Cothóimid ár bhfócas ar bhunoideachas den scoth a sholáthar, suite laistigh de na pleananna cuimsitheacha náisiúnta oideachais. *(Feic lch. 43)*
- Íocfaimid as taighde sláinte ag institiúidí taighde in Éirinn, go hidirnáisiúnta agus sna tíortha atá ag forbairt, dírithe ar riachtanais shonracha sláinte na dtíortha is boichte. *(Feic lch. 47)*
- Tabharfaimid tacaíocht do ghníomhaíochtaí ar fud an chláir chun an rochtain ar uisce sábháilte agus ar shláintíocht bhunúsach a mhéadú. *(Feic lch. 63)*
- Ag teacht leis na pleananna forbartha náisiúnta atá ag ár bpríomhthíortha comhpháirtíochta, féachaimid ar thionscadail bonnegair a mhaoiniú, sa chás go mbíonn siad inbhuanaithe agus oiriúnach, agus é d'aidhm acu fás geilleagrach a éascú. *(Feic lch. 29)*
- Cuireann Cúnamh Éireann comhaltachtaí ollscoile ar fáil d'os cionn 100 scoláire faoi láthair ó thíortha atá ag forbairt, chun ligean dóibh staidéar a dhéanamh in Éirinn nó in institiúidí ina réigiúin bhaile féin. Déanfaimid athbhreithniú mór ar chlár na gcomhaltachtaí ollscoile, d'fhonn a chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag feidhmiú mar ghléas chun inniúlacht a mhéadú dár dtíortha comhpháirtíochta. *(Feic lch. 44)*

## Príomhchinntí Saincheisteanna a thrasghearrann: Inscne, An Timpeallacht, VEID/SEIF agus Rialachas

- Ceithre shaincheist a thrasghearann obair uile Chúnamh Éireann : **Inscne, An Timpeallacht, VEID/SEIF agus Rialachas.** Déanfar na saincheisteanna seo a phríomhshruthú isteach in obair Chúnamh Éireann. Ciallaíonn sé seo go gcuirfear san áireamh iad i bpleanáil, cur i bhfeidhm agus measúnú gach ceann dár n-idirghabhálacha. Tá an comhtháthú seo ag teacht leis na gníomhaíochtaí faoi leith a ghlacaimid i ngach ceann de na ceithre réimse.

## Príomhchinntí Síocháin, Slándáil agus Forbairt

> Oibreoimid chun ról sainiúil a fhorbairt d'Éireann san earnáil a bhaineann le **cosc a chur le coimhlint agus coimhlint a réiteach agus síocháin a chothú,** ag tarraingt ar ár dtaithí agus ar ár n-acmhainní polaitiúla, taidhleoireachta agus cúnaimh. *(Feic lch. 58)*

- Bunófar aonad ainmnithe chun Anailís a dhéanamh ar Choimhlint agus chun Coimhlint a réiteach chomh maith sa Roinn Gnóthaí Eachtracha.

- Beidh sé de thasc ag an Aonad iniúchadh a dhéanamh ar choimhlintí roghnaithe agus tuairisc a thabhairt orthu freisin. Déanfaidh sé anailís agus foghlaimeoidh sé ó phróisis réitigh choimhlinte in áiteanna eile, soláthróidh sé eolas údarásach faoi phróiseas na síochána in Éirinn do dhaoine eile, agus nuair is cuí , cabhróidh sé leis an Rialtas ról díreach a imirt i bpróisis síochána a éascu agus in atógáil araon.

- Oibreoidh an tAonad leis an tsochaí shibhialta agus le hinstitiúidí acadúla, d'fhonn a chinntiú go dtarraingeofar as eolas agus taithí na hÉireann faoi choimhlint a réiteach agus go bhforbrófar é sin chomh maith.

> Tá cúnamh airgid tugtha againn chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún nuabhunaithe um **Thógáil Síochána na NA.** Tabharfaimid tacaíocht d'obair atá ag síor-éabhlódú agus do ról an Choimisiúin in atógáil stáit agus sochaí sa tréimhse iarchoimhlinte. *(Feic lch. 57)*

> Leanfaimid orainn ag glacadh ár ról i **bhfeidhmíochtaí a thugann tacaíocht don tsíocháin** ceadaithe ag an NA ar fud an domhain, an Afraic san áireamh *(Feic lch.51)*.

## Príomhchinntí Cúnamh Éireann agus Muintir na hÉireann

- Tabharfaimid cuireadh don Oireachtas **Comhchoiste Nua den Oireachtas um Ghnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann** a bhunú, le teacht in áit an choiste a bhí ann roimhe seo um Ghnóthaí Eachtracha. *(Feic lch. 105)*

- Bunóimid **Coiste nua Idir-rannach um Fhorbairt** agus is é an tAire Gnóthaí Eachtracha a bheidh mar chathaoirleach air, nó má bhíonn sé as láthair, is é an tAire freagrach as Cúnamh Éireann a bheidh ina chathaoirleach, chun comhleanúnachas a neartú i gcur chuige an Rialtais i ndáil le forbairt agus chun an leas is fearr a bhaint as saineolas agus scileanna ar fud na seirbhíse poiblí. *(Feic lch. 96)*

- Tabharfaimid cuireadh don Oireachtas na socruithe cuí a dhéanamh le **díospóireachtaí rialta a eagrú sa Dáil agus sa Seanad faoi chúrsaí forbartha.** Cothóidh díospóireachtaí mar sin tuilleadh plé polaitiúil faoi chomhoibriú idirnáisiúnta maidir le forbairt agus faoin ról tábhachtach ar féidir le hÉirinn glacadh ann. *(Feic lch. 105)*

- Osclóimid **Ionad Saorálaíochta agus Eolais faoi Chúnamh Éireann** chun tuilleadh eolais agus chun eolas níos fearr a chur ar fáil **don phobal ar fud na hÉireann, do dhaoine aonair** agus **d'institiúidí** maidir le deiseanna chun obair dheonach a dhéanamh. (Feic lch. 105) Bainisteoidh an tIonad Saorálaíochta na deiseanna saorálaíochta sin a bhfuil Cúnamh Éireann freagrach go díreach astu, lena n-áirítear inteirneachtaí laistigh de Chúnamh Éireann agus socrúcháin oibre trí chlár **Saorálaithe na NA.**

- Leanfaimid orainn ag soláthar tacaíochta **d'oideachas forbartha** ag bunleibhéal, meánleibhéal agus ag leibhéal treasach in Éirinn trí bhealaí oideachais neamhfhoirmúla. *(Feic lch. 107)*

- Seolfaimid scéim nua **chun naisc láidre a thógáil idir scoileanna in Éirinn** agus scoileanna i dtíortha atá ag forbairt. Cabhróidh sé seo le daoine óga in Éirinn tuiscint níos doimhne a fháil ar scála na ndúshlán forbartha ar fud an domhain. Fáilteofar roimh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim nua seo i dtreo dheireadh na bliana 2006. *(Feic lch. 106)*

- Le tacaíocht láidir ón bpobal a chinntiú, tá sé riachtanach go mbíonn an pobal ar an eolas faoi na héachtaí a baineadh amach ina gclár cúnaimh. Méadóimid agus feabhsóimid chuige sin **ár ngníomhaíochtaí eolais phoiblí,** chun úinéireacht agus feasacht an phobail faoin gclár a neartú, trí fheachtas mhóra eolais phoiblí a sheoladh. *(Feic lch. 107)*

- Forbróimid clár do nascadh níos straitéisí idir Cúnamh Éireann agus **ardoideachas agus institiúidí taighde in Éirinn.** Cuirfear tús leis an gclár sa bhliain 2007. *(Feic lch. 106).*

- Cuirfimid tacaíocht airgid ar fáil d'imeachtaí chun **Lá na hAfraice, 25 Bealtaine,** a cheiliúradh, d'fhonn tuiscint níos dearfaí agus níos cuimsithí a chothú faoin Afraic in Éirinn. *(Feic lch. 89)*

# Réamhrá

Is éard atá i gceist le comhoibriú san fhorbairt ná bochtaineacht a laghdú, cabhrú le leanaí maireachtáil tríd an luathóige agus dul ar scoil, dóthain bia agus uisce glan a thabhairt do dhaoine.

Is éard atá i gceist ná an cumas a thabhairt do dhaoine smacht a fháil ar a saolta féin agus dóchas a sholáthar don todhchaí.

# Réamhrá

## Cén fáth go dtugtar cúnamh?

I mbliana, 2006, caithfidh an Rialtas breis is €730 milliún ar chúnamh chuig tíortha atá ag forbairt. Leanfaidh an caiteachas seo ar aghaidh ag fás ag teacht leis an tiomantas, sprioc na Náisiún Aontaithe de chaiteachas 0.7% den OTN a chaitheamh ar chúnamh oifigiúil d'fhorbairt.

Is airgead poiblí é seo. Tá sé riachtanach go dtuigeann pobal na hÉireann go dtacaíocnn siad leis na fáthanna a bhfuil an Rialtas ag soláthar an chúnaimh seo.

### Riachtanas

Tugaimid cabhair dóibh siúd leis an riachtanas is mó: na daoine is boichte ar domhan sna tíortha is boichte ar domhan.

Ní féidir an leibhéal riachtanais sna tíortha seo a chur i gcomparáid le rud ar bith in Éirinn. Tá breis is 1 bhilliún duine ag maireachtáil ar €1 amháin in aghaidh an lae, fágann sé seo na daoine sin gach chumhacht agus ar an imeall.

Loiteann bochtaineacht cumas an duine, méadaíonn sé leochaileacht agus cuireann sí srian le deiseanna. Is féidir go mbeadh cearta doshroichte agus go mbeadh rialtais agus sochaí níos laige toisc an bhochtaineacht. Is féidir le bochtaineacht taismí timpeallachta agus geilleagrach a thiontú ina ngéarchéimeanna daonnúla.

Is éard atá i gceist le comhoibriú san fhorbairt ná bochtaineacht a laghdú, cabhrú le leanaí maireachtáil tríd an luathóige agus dul ar scoil, dóthain bia agus uisce glan a thabhairt do dhaoine. Is éard atá i gceist ná an cumas a thabhairt do dhaoine smacht a fháil ar a saolta féin agus dóchas a sholáthar don todhchaí.

Ní hé an cúnamh an réiteach iomlán i gcás forbairt lag, ach is cuid lárnach den réiteach é.

Caithfimid freagra a thabhairt ar scála a thagann le fadhbanna na ndaoine. Tá gá le sreabhadh méadaithe cúnamh agus is gá go mbainisteofar an cúnamh sin i gceart.

### Inniúlacht

Tá inniúlacht againn anios nach raibh raibh againn chun cúnamh a thabhairt.

Ag tús an Aonú Aois is Fiche, tá Éire ar ceann de na náisiúin is saibhre agus is rathúla ó thaobh na trádála de. Ciallaíonn ár rathúlacht gheilleagrach dochreidte le deich mbliana anuas, go bhfuilimid anois níos mó ná riamh ábalta cúnamh a thabhairt. Is féidir linn sa Rialtas níos mó a dhéanamh chun tógail ar thraidisiún láidir na hÉireann, lámh chúnta a thabhairt agus seasamh leis na tíortha is boichte ar domhan.

Ciallaíonn ár rathúlacht gur féidir linn i bhfad Éireann níos mó acmhainní a chuir ar leataobh d'fhorbairt. Sa bhliain 1981, sin fiche cúig bliain ó shin, b'ionann an buiséad cúnaimh agus €22.5 milliún. Faoi 1996, méadaíodh é seo go €142 milliún. I gceann cúpla bliain sroichfidh an buiséad cúnaimh €1 bhilliún.

### Oibríonn Cúnamh

Is samplaí iad An Bhotsuáin agus Uganda de thíortha ina raibh tionchar mór ag cúnamh ar chaighdeán maireachtála na ndaoine agus ar chumas na dtíortha sin bheith i gceannas ar a bhforbairt féin.

Is sampla i An tSáír (Poblacht Dhaonlathach an Chongó anois) de chúnamh a ndeachaigh amú. Tá teipeanna eile ann nach bhfuil chomh suntasach sin: tionscnaimh nó cur chuige nach raibh inmharthanach nó nár chabhraigh leis na daoine i gceist leo.

Níl aon dabht ann ach go ndearnadh botúin roimhe seo. Ar an dul eile níl aon dabht ann ach gur féidir le cúnamh éifeacht shiabhartha a bheith aige. Tá athrú réadúil seachadta aige agus leanfar ar aghaidh ag déanamh sin.

Bhí an-rath ar an líon leanaí sna scoileanna a mhéadú, agus ar imdhíonadh i gcoinne galar a bhuaileann leanaí a sholáthar chomh maith le huisce glan agus cúram sláinte bunúsach agus deiseanna eacnamúla feabhsúithe a chur ar fáil do na milliún daoine.

## Obair Chúnamh Éireann


Tá dul chun cinn iontach déanta ag An Tansáin chun oideachas bunscoile uilíoch a chur ar fáil. Bhí méadú suntasach ar mhéid glan na leanaí a chláraigh le bunscoil ag aois 7 go 13 ó 50% san 1990í déanacha go thart ar 95% sa bhliain 2005.

Le tacaíocht na hÉireann, tá Rialtas Mhósaimbíc agus an Clinton Foundation ag cur cóir leighis ar fáil do níos mó ná 14,000 duine atá ag fulaingt ó VEID/SEIF.

Is le tacaíocht ó Éirinn, atá córas nua leasa shóisialaigh curtha i bhfeidhm san Aetóip a choinníonn 6 mhilliún de na daoine is boichte ón ocras sa tír sin.

Gach aon lá tá Cúnamh Éireann ag feabhsú agus ag sabháil beatha daoine.

Le tacaíocht na hÉireann, tá dul chun cinn iontach déanta ag an Tánsain chun oideachas bunscoile uilíoch a chur ar fáil. Bhí meadú suntasach ar mhéidgh lan na leanaí a chláraigh le bunscoil ó 50% sna 1990í déanacha go thart ar 95% sa bhliain 2005.




*Dalta i mBunscoil Mbwade sa Tansáin*
Tógadh an scoil agus tithe na múinteoirí le tacaíocht ó Chúnamh Éireann

## Domhan atá níos Idirnasctha gach uile lá

Tá cinniúint gach uile chine agus gach uile stát ag brath níos mó ar a chéile anois tríd an bpróiseas domhandaithe.

Tá slándáil, forbairt agus cearta daonna ag neartú a chéile: éilíonn dul chun cinn i réimse amháin go ndéanfar aon dul chun cinn i réimse eile a neartú. Ní aithníonn bagairtí ar shlándáil nó ar fhorbairt na teorainneacha náisiúnta. I ndeireadh na dála, tá buntáistí domhanda le baint as tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt, slándáil agus cearta daonna i dtíortha atá fós ag forbairt agus Éire san áireamh.

Cabhróidh ár n-iarrachtaí chun domhan níos saibhre agus níos cothroma a chruthú le domhan níos sábháilte agus níos seasta a chruthú.

## An Cás do Chúnamh

Cé gur chóir go mbeadh sé ina sprioc de chuid pholsaí eachtrannach na hÉireann go gcothófar domhan níos sábháilte, ní cás praiticiúil amháin é an cás do Chúnamh, is cás mórálta é.

Tugaimid cúnamh toisc gur chóir déanamh amhlaidh.

Is ar scáth a chéile a mhairimid, ní hamháin toisc go bhfuil an domhandú ár dtabhairt le chéile ach toisc gur daoine daonna muid uile.

Is as seo a eascraíonn an fhreagracht atá orainn cuidiú leo siúd atá i ngátar.



*An Afraic Theas 2004*
Ó cuireadh deireadh le cinedheighilt i 1994, mhéadaigh Cúnamh Éireann an méid cabhrach a chuireann sé ar fáil don Afraic Theas, le breis is Ð50 milliún curtha ar fáil ó 2000 chun tacú leis an ngluaiseacht i dtreo an daonlathais sa tír.

Is ag dearbhú gur cuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann agus den Rialtas é ina iomláine, beartas um chomhoibriú a bheith againn agus sinn ag foilsiú agus ag glacadh le Páipeár Bán ar an ábhar.

I gcásanna áirithe téann cúrsaí polaitiúla agus straitéiseacha i bhfeidhm ar chinntí maidir le dáileadh cúnaimh. Ní hamhlaidh an cás in Éirinn. Léiríonn an cúnamh a thugann Éire agus ár gcomhoibriú le tíortha atá i mbéal forbartha ár bhfreagracht i leith daoine eile agus léiríonn sé ár dtuiscint in Éirinn ar a bhfuil i gceist le sochaí chothrom dhomhanda.

## An chúis le Páipéar Bán?

Is é seo an chéad Pháipear Bán riamh sa tír seo a bhaineann go sonrach lenár mbeartas i leith an chomhoibrithe.

Is ag dearbhú gur cuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann agus den Rialtas é ina iomláine, beartas um chomhoibriú a bheith againn, agus sinn ag foilsiú agus ag glacadh le Páipeár Bán ar an ábhar.

Meascann an Paipeár Bán an cleachtas is fearr a thug clár cúnaimh den scoth d'Éireann, le smaointe na saineolaithe agus an phobail ann, a bailíodh trí phróiseas comhchomhairle cuimsitheach.

Cuirfidh an Paipéar Bán creat ar fáil do chaiteachtas na todhchaí agus cuirfidh sé tagarmharc soiléir ar fáil ionas go mbeidh sé de chumas ag ár bpáirtnéirí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ár bhfeidhmiúlacht a mheas.

Ullmhaíodh é agus méadú ollmhór ar chaiteachas na hÉireann ar chúnamh agus ag deontóirí ar fud an domhain.

Is é seo an t-am le féachaint siar ar na héachtaí a baineadh amach go dtí seo, ar na ceachtanna foghlamtha agus chun pleanáil a dhéanamh don todhchaí.

Maidir le todhchaí an chláir chúnaimh, tá sé fíorthábhachtach cuimhneamh go bhfuil taithí againn air seo. Tá dea-cháil ar chaighdeán an chláir ag Cúnamh Éireann go hidirnáisiúnta agus aithníonn deontóirí eile agus eagraíochtaí neamhrialtasacha é sin. Is é an dúshlán ná caighdeán an chláir a chothú agus tógáil air sin de réir mar a leathnaíonn an clár.

Ciallaíonn na hacmhainní atá ar fáil anois go bhfuil sé de chumas ag an Rialtas níos mó a dhéanamh agus freagairt do mhian phobal na hÉireann, is é sin go mbeadh Éire ina ceannródaí agus ina nuálaí i bhforbairt idirnáisiúnta, i dtéarmaí ár gclár oifigiúil féin agus i dtéarmaí ár dtionchar ar an gclár idirnáisiúnta forbartha.

Rinneadh measúnú neamhspleách ar Chúnamh Éireann agus fuarthas go bhfuil sé ar na cláir is éifeachtaí ar domhan. Toisc go bhfuil an clár á leathnú amach, soláthraíonn an clár deiseanna d'Éirinn chun tuilleadh a dhéanamh ach tá sé riachtanach go gcoinnítear an caighdeán ard i gcónaí.

Neartaíonn clár ar ardchaighdeán guth na hÉireann sa domhan, agus léiríonn sé ár luachanna féin.

Éilíonn pobal na hÉireann clár ar ardchaighdeán agus tá a leithéid tuillte ag an bpobal chomh maith.

Tá sé d'acmhainn ag clár ar ardchaighdeán difríocht an-mhór a dhéanamh do na daoine is mó atá imeallaithe, na daoine is boichte agus na daoine is leochailí ar domhan.

# Spriocanna Forbartha na Mílaoise


Is iad Spriocanna Forbartha na Mílaoise a thabharfaidh treoir do beartas cúnaimh agus comhoibrithe na hÉireann.

| Na Spriocanna | Spriocanna don bhliain 2015 (mura luaitear a mhalairt) |
|---|---|



| | Na Spriocanna | Spriocanna don bhliain 2015 (mura luaitear a mhalairt) |
|---|---|---|
| 1 | Dianbhochtaineacht agus ocras a dhibirt | • Líon na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná dollar amháin in aghaidh an lae a laghdú 50%.<br>• Líon na ndaoine a fhulaingíonn ón ocras a laghdú 50% |
| 2 | Bunoideachas uilíoch a bhaint amach | Deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann gach buachaill agus cailín a bhunoideachas nó a bunoideachas. |
| 3 | Comhionannas inscne agus mná a chumhachtú | Deireadh a chur le difríochtaí maidir le bunoideachas agus meánoideachas a bhaint amach do chailiní chomh maith le buachaillí faoin mbliain 2005, agus ag gach leibhéal faoin mbliain 2015. |
| 4 | Básmhaireacht Naíonáin a laghdú | Laghdú dhá thrian a bhaint amach sa ráta básmhaireachta i measc leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. |
| 5 | Meabhairshláinte a fheabhsú | Laghdaigh faoi thrí cheathrú, líon na mban a bhásaíonn agus leanbh á thabhairt ar an saol acu . |
| 6 | An lámh in uachtar a fháil ar na galair VEID/SEIF, maláire agus galair eile | Stop a chur le leathnú VEID/SEIF agus é a thiontú mar aon le teagmhas na maláire agus galair mhóra eile. |

| Na Spriocanna | Spriocanna don bhliain 2015 (mura luaitear a mhalairt) |
|---|---|



| | |
|---|---|
| 7 Inmharthanacht na timpeallachta a chinntiú | • Na prionsabail a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i mbeartais agus i gcláir na tíre agus an caillteanas acmhainní timpeallachta a thiontú.<br>• Faoin mbliain 2015, an líon daoine atá gan rochtain ar uisce glan so-ólta nó ar shláintíocht bhunúsach a laghdú 50%.<br>• Feabhas a chur ar shaolta suas le 100 milliún duine a chónaíonn faoi láthair i slumaí faoin mbliain 2020. |
| 8 Comhpháirtíocht dhomhanda d'fhorbairt a chur chun cinn | • Tuilleadh trádála oscailte agus córais airgeadais a fhorbairt ina mbeidh tiomantas ann don dea-rialachas, d'fhorbairt agus do laghdú na bochtaineachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta<br>• Dul i ngleic le riachtanais speisialta na dtíortha is lú a bhfuil forbairt déanta orthu agus dul i ngleic leis na riachtanais speisialta a bhíonn ag tíortha gan chósta agus le stáit bheaga oileánda atá ag forbairt.<br>• Déileáil go cuimsitheach le fadhbanna fiachais na dtíortha atá ag forbairt<br>• Obair mhaith agus táirgiúil a fhorbairt don aos óg<br>• Rochtain a sholáthar ar dhrugaí atá riachtanach agus inacmhainne i gcomhar le cuideachtaí cógasaíochta i dtíortha atá ag forbairt.<br>• Buntáistí na teicneolaíochtaí nua, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide ach go háirithe, a chur ar fáil i gcomhar leis an earnáil phríobháideach. |

# Fís na hÉireann don Fhorbairt

Léiríonn cur chuige na hÉireann ár dtiomantas do cheartas idirnáisiúnta agus do chothrom na féinne agus is scáth é d'ídeálacha agus do mhianta Mhuintir na hEireann uile.

Is ann a bheidh Cúnamh Éireann, ar son Mhuintir na hÉireann, agus sinn ag obair linn chun créachtaí na bochtaineachta agus na héagóra a leigheas i ndomhan atá scoilte ina dhá leath: sé sin na daoine a bhfuil seans maith acu deiseanna a bheith acu sa saol agus iad siúd a bhfuil na deiseanna sin de dhíth orthu go fóill.

# Fís na hÉireann don Fhorbairt

Is i an ollsprioc atá ag Cúnamh Éireann ná an bhochtaineacht a laghdú agus ar an gcaoi sin leochaileacht a laghdú agus deiseanna a mheadú.

Tá na riachtanais bhunúsacha chéanna ag gach duine ar domhan. Ag an leibhéal is bunúsaí bíonn dóthain bia le hithe agus uisce glan le hól ag teastáil ó dhaoine. Tá sé riachtanach go mothóidís slán agus go mbeídís slán.

Ar nós na hÉireann is mian le daoine i ngach áit soláthar cuí a dhéanamh dá dteaghlaigh agus dá gcúram, agus rochtain a bheith acu ar sheirbhísí oideachais agus sláinte. Teastaíonn uathu maireachtáil le dínit agus a dtodhchaí féin a mhúnlú agus a gcuid féin a dhéanamh sa phróiseas sin.

Is féidir le comhoibriú forbartha é seo a éascú.

Níl aon chúis amháin ann go gcruthaítear bochtaineacht agus nil aon chosán amháin ann d'fhonn é a laghdú. Tá an dúshlán a bhaineann le bochtaineacht a laghdú agus na freagraí ar na dúshláin sin an-chasta agus fite fuaite ar a chéile. Tóg mar shampla, an bealach is fearr le SEIF a laghdú, féadfar é sin a dhéanamh trí oideachas a chur ar chailíní agus méadaítear feidhmiúlacht leanaí ar scoil má fhaigheann siad cothú níos fearr. Eilíonn comhoibriú forbróireachta éifeachtúil, cur chuige leathan ina ndéantar dul chun cinn seasta thar réimse earnálacha.

Tugaimid aitheantas don choimpléascacht sin, laistigh de chlár Chúnamh Éireann, agus inár gcomhoibriú le daoine eile: deontóirí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus na rialtais uile atá i gcomhpháirt linn.

Caithfidh tíortha atá ag forbairt a ndul chun cinn féin a stiúradh. Is iad na daoine is tábhachtaí san fhorbairt ná na daoine aonair, na pobail agus na tíortha sin a bhfuilimid ag iarraidh cabhrú leo. Tá ról tacacíochta, agus éascaíochta againn mar dheonóirí, ach is ról tábhachtach é mar sin féin.

## Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Ghlac ceannairí domhanda ó thíortha forbartha agus ó thíortha atá fós ag forbairt le Spriocanna Forbartha na Mílaoise, ag cruinniú mullaigh na Náisiún Aontaithe in 2000 chun fócas a thabhairt do na hiarrachtaí cúnaimh dhomhanda. Is spriocanna sóiléire agus intomhaiste iad atá le baint amach faoin mbliain 2015 , trí dhianghníomhaíocht idirnáisiúnta.

Is bealach iad Spriocanna Forbartha na Mílaoise do chomhoibriú maidir le forbairt idirnáisiúnta anonn go 2015 agus is iad atá ina mbunphrionsabail faoi bhun chur chuige na hEireann i leith na forbartha.

Ní haon dúrún iad na Spriocanna. Is spriocanna iad atá teoranta de réir ama agus is féidir dul chun cinn an chomhoibrithe idirnáisiúnta forbróireachta a mheas de reir na spriocanna seo.

## An Afraic

Is í an Afraic a bheidh mar phríomhfhócas geografach ag Cúnamh Éireann.

Is san Afraic atá an dul chun cinn is moille déanta i dtreo na Spriocanna Forbartha Mílaoise. Fágadh an Afraic taobh thiar ar fad le caoga bliain anuas sa dul chun cinn geilleagrach domhanda. Meallann Afraic an fho-Sahára níos lú ná 3% den infheistíocht eachtrannach dhomhanda. Tá dhá thrian de na tíortha is boichte ar domhan san Afraic. Téann an imeallú geilleagrach seo i bhfeidhm ar thionchair pholaitiúla na hAfraice sa domhan. Ar bhealaí áirithe, tá an Afraic ar strae.

Tá na riachtanais bhunúsacha chéanna ag gach duine ar domhan. Ag an leibhéal is bunúsaí bíonn dóthain bia le hithe agus uisce glan le hól ag teastáil ó dhaoine. Tá sé riachtanach go mothóidís slán agus go mbeídís slán.

Is iomaí cúis atá ann leis na fadhbanna atá san Afraic; bíonn a cúiseanna féin i gceist i ngach tír agus i ngach réigiún. Caithfear na hoidhreachtaí a choirbeann agus a chuireann sochaí as riocht a d'eascair ón gcoilíneachas agus ón gCogadh Fuar a thuiscint mar fhachtóirí tábhachtacha. Tá an Afraic tar éis fulaingt toisc easpa rialachais agus ceannaireacht láidir agus anois tá drochriachachán i réim ann.

Níl sé i gceist neamhshuim a dhéanamh de na nithe atá le hofráil ag an Afraic ná beag is fiú a dhéanamh d'aon dea-scéal a thagann ón Afraic. Tá an Afraic ollmhór agús éagsúil. Tá Muintir na hAfraice agus Rialtais na hAfraice ag glacadh níos mó smachta ar a dtodhchaí, ach tá tacaíocht agus cúnamh de dhíth orthu go fóill uainn.

## Fócas an chláir

Má mian linn a bheith éifeachtúil, caithfidh ár n-iarrachtaí a bheith fócasaithe. Tuigtear dúinn go maith go mbeidh éifeacht níos fearr againn má dhéanaimid obair mhaith i roinnt réimsí agus má chomhoibrímid agus má comhordanaímid le daoine eile, mar tuigtear dúinn go bhfuilimid páirteach in iarracht idirnáisiúnta níos leithne.

Leanfar ar aghaidh sa tír seo ag díriú ar na bunriachtanais, agus na príomhearnálacha sóisialta sin, sláinte agus oideachas, agus sa chogadh i gcoinne VEID/SEIF , atá níos measa toisc na bochtaineachta agus a scaipeann toisc na bochtaineachta chomh maith. Is ionann infheistíocht sna hearnálacha seo agus infheistíocht i ndaoine, ag ligean dóibh níos mó a dhéanamh chun cur le forbairt a sochaí féin. Daoine atá i gcroílár an chláir seo.

Díreoimid ar na hearnálacha táirgiúla chomh maith, cosúil le forbairt tuaithe, chun an deis a thabhairt do dhaoine iad féin a shaoradh ó dhianbhochtaineacht.

Tá ról na hearnála priobháidi ag éilimh níos mó airde ó dheontóirí. Tugaimid tacaíocht cheana féin don earnáil phríobháideach agus do chumas slí bheatha a bhaint amach inár gcuid chlárthíortha agus méadófar seo. Sa chomhthéacs seo, beimid ag féachaint ar thionscadail tháirgiúla bonneagair a mhaoiniú, nuair is cuí agus nuair is inmharthana iad, agus é d'aidhm acu fás geilleagrach a éascú.

Cé go bhfuil ár bhfócas ar fhorbairt fhadtéarmach, is gné thábhachtach den chlár é, ár gcumas freagairt do thaismí daonnúla a fheabhsú mar aon le cumas ár bpáirtnéirí a fheabhsú chomh maith.

## Rialachas agus Caimiléireacht

Tá an fócas ar rialachas sa chomhoibriú um fhorbairt idirnáisiúnta ag méadú i gcónaí. Tá an fócas céanna ag tíortha atá ag forbairt, ag deontóirí agus ag eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta agus aithnítear nach féidir forbairt a bhuanú gan an dea-rialachais.

Le tríocha bliain anuas, theip ar na córais pholaitiúla i roinnt mhaith de na tíortha is boichte ar domhan na coinníollacha a chur i bhfeidhm a cheadódh forbairt shóisialta agus gheilleagrach. Is iomaí rialtas ann nach bhfuil na hacmhainní aige nó nach bhfuil an cumas ann freastal ar rialchtanais a chuid saoránach.



*Cruinniú in Mabote, Mósaimbíc 2005*
Chuir Éire páirtíocht dhéthaobhach chúnaimh ar bun le Mósaimbíc i 1996. Tá sé anois ar an gclár tíre is mó ag Éirinn, le buiséad €43 milliún i gcomhair 2006.

Tabharfaimid cúnamh chun córais rialtais a thógáil. Tógfaimid an inniúlacht d'fhonn seirbhísí a sheachadadh, a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Tabharfaimid tacaíocht d'iarrachtaí chun seasamh i gcoinne na caimiléireachta agus brú a chuir ar rialtais a bheith níos freagraí i dtaobh riachtanas a gcuid saoránach. Trí obair a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta, cabhróimid leis na saoránaigh a gcuid riachtanas a chur in iúl.

Cé go bhfuil dualgas ar thíortha saibhre, cosúil le hÉirinn, cúnamh a thabhairt, tá an dualgas ar na tíortha atá i bpáirtíocht linn an cúnamh sin a úsáid go héifeachtúil agus é a nascadh le hacmhainní eile ar son leasa an phobail. Caithfidh na tíortha atá i bpairtíocht linn obair a dhéanamh chun seasamh i gcoinne na caimiléireachta agus rialtas éifeachtúil agus freagrach a chinntiú.

Is ionann an comhoibriú éifeachtach agus conradh idir na tíortha a thugann cúnamh agus na tíortha a fhaigheann cúnamh, agus dá réir sin tá freagrachtaí ar an dá thaobh.

Tá béim níos mó ar rialachas ag teastáil toisc an fhreagracht atá orainn i leith ár gcáiníocóirí a mhaoiníonn an clár agus an fhreagracht atá orainn i dtaobh na ndaoine sin a bhfuilimid ag iarraidh cabhrú leo.

## Rialachas Domhanda

Éilimid dea-rialachas mar is cóir ó na tíortha sin a bhfuilimid i gcomhpháirt leo, caithfimid cur le dea-rialachas ag leibhéal domhanda.

Tá sé de cheart ag gach uile thír agus tá an fhreagracht ar gach uile thír a leas féin a chur chun cinn. Tá freagracht idirnáisiúnta ar gach tír fosta maitheas comhchoiteann idirnáisiúnta, beag agus mór, saibhir agus bocht a chur chun cinn.

Is iad na daoine is boichte ar domhan sna tíortha is boichte ar domhan is lú atá in ann iad féin a oiriúnú

Tá sé de cheart ag gach uile thír agus tá an fhreagracht ar gach uile thír a leas féin a chur chun cinn. Tá freagracht idirnáisiúnta ann ar gach tír fosta maitheas comhchoiteann idirnáisiúnta, beag agus mór, saibhir agus bocht a chur chun cinn.

do thionchar an domhandaithe, do shaoirse trádála mhéadaithe agus do na hathruithe ar an aeráid agus is iad sin chomh maith is lú a bhaineann aon leas as dul chun cinn domhanda.

Cuireann an domhandú seo atá ag síormhéadú an t-úafás deiseanna ar fáil. In ár gcuid gníomhaíochtaí sna fóraim idirnáisiúnta, cinntímid go gcuireann an domhandú leasanna ar fáil dóibh siúd leis an riachtanas is mó.

Tá comhoibriú éifeachtúil idirnáisiúnta riachtanach chun dul i ngleic le dúshláin cosúil le coimhlint, sceimhlitheoireacht, scriosadh na timpeallachta, gáinneáil ar dhaoine, trádáil i ndrugaí neamhdhleathacha agus scaipeadh galair. Tá na dúshláin seo i bhfad thar chumas aon náisiúin amháin iad a leigheas.

Seasfaidh Éire an fód chun réiteach comhchoiteann agus comhtháite a aimsiú le déileáil leis na fadhbanna is mó cosúil le bochtaineacht, míshocracht agus coimhlint. Cuirfimid tacaíocht shuntasach airgeadais ar fáil d'institiúidí iltaobhacha atá chun cinn maidir le freagraí a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí na Náisiún Aontaithe le síocháin a chothú go mór mór san Afraic.

## Na hathruithe atá ag teacht ar fhorbairt

Ní rud seasta é comhoibriú forbartha. Bíonn sé de shíor ag éabhlódú, toisc na ceachtanna foghlamtha agus mar fhreagra ar dhúshláin nua.

Tá suim ag méadú i ról na hearnála príobháidí i bhforbairt, agus ón earnáil phríobháideach anseo in Éirinn. Leanfaimid orainn ag tacú le hiarrachtaí chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a neartú.

Tá daoine nua anois ag glacadh páirte i gcomhoibriú forbartha. Feicimid mar shampla, comhpháirtíochtaí nua idir rialtais, an earnáil phríobháideach agus pobail ina bhfuil drochéifeacht ag VEID/SEIF orthu, ag teacht le chéile chun freagra a thabhairt ar bhagairt VEID/SEIF agus galair eile nach iad. Tugaimid tacaíocht do na comhpháirtíochtaí sin.

De réir mar a éabhlóidíonn comhoibriú forbartha, tarlóidh an rud céanna i gcás ról agus obair Chúnamh Éireann, ag teacht leis na prionsabail sonraithe sa Pháipeár Bán seo.



*Mórshiúl bainise i gcampa teifeach in Lumasi sa Tansáin – campa dóibh siúd a díláithríodh toisc an cinedhíothú i Ruanda i 1994.*
Thacaigh Cúnamh Éireann le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha a bhí ag obair leis na daoine díláithrithe chun cuidiú leo filleadh ar an mbaile.

# An Dúshlán

Déanfaidh Éire a dícheall a bheith chomh comhtháite agus is féidir ina cur chuige.

Tacóimid le feabhsúcháin chomhthreormhara chomhordaithe mharthanacha d'fhonn cuidiú le pobail agus le daoine iad féin a chosaint níos fearr ar bhagairtí agus ar dheacrachtaí, na bagairtí agus deacrachtaí sin a thuiscint agus freagairt dóibh go gasta ar mhaithe le saol níos folláine a chaitheamh ar bhonn sóisialta agus eacnamaíochta araon.

# Freagairt do Ghéarchéimeanna Daonnúla agus na Géarchéimeanna Daonnúla a Chosc

## Faoiseamh Daonnúil

### Comhthéacs

Gach uile bhliain, beireann taismí nádúrtha agus géarchéimeanna coimpléascacha fulaingt chuig na milliún daoine ar fud na cruinne. Is féidir le hairicíní, creathanna talún agus tubaistí nádúrtha eile suas le 60,000 míle duine a mharú ina aghaidh na bliana ar an meán. Sa bhliain 2005, toisc an Súnamaí Áiseach agus an crith talún sa Phacastáin, mhéadaigh an uimhir seo go 350,000.

San am seo, tráth na maoine domhanda, nuair atá dul chun cinn faoi luas dochreidte á dhéanamh sa teicneolaíocht, a léiríonn cumas an duine bheith nuálaíoch agus fadhbanna a bhí dosháraithe roimhe seo a réiteach, tá daoine ag éileamh freagraí domhanda níos fearr ar ghéarchéimeanna daonnúla.

Tá dlúthnasc idir cumas na bpobal seo teacht chucu féin i ndiaidh géarchéimeanna daonnúla agus leibhéil iomlána forbartha. Is sna tíortha is lú forbartha a bhíonn an éifeacht is mó ag géarchéimeanna daonnúla agus is iad seo na tíortha is lú atá ar a gcumas freagairt dóibh agus teacht chucu féin ina ndiaidh.

Níl daoine bochta aineolach ar na rioscaí rompu, agus iad ag maireachtáil taobh le héasclínte seismeacha, nó i bhfásach atá breacthur, ar thuilemhánna nó i ngiorracht do choimhlint. Tá na daoine seo feasach faoi na rioscaí rompu gach lá, ach tá siad i bhfostú ag an mbochtaineacht agus dá bhrí sin caithfidh siad maireachtáil leis na rioscaí seo.

### Freagra na hÉireann

Is í an bhunsprioc atá le gníomhaíocht dhaonnúil ná beatha daoine a shábháil, fulaingt a laghdú agus dínit an duine a choinneáil i rith géarchéimeanna agus ina ndiaidh chomh maith. Déanaimid gach uile iarracht chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus táimid tiomanta do na prionsabail dhaonnúla sin, neamhchlaontacht, neodracht agus neamhspleáchas. Táimid tiomanta chomh maith do na prionsabail a bhaineann le Deonú Maith Daonnúil a leagann síos na prionsbail is láidre chun faoiseamh daonnúil a sheachadadh.

### Comhpháirtithe

Agus sinn ag freagairt do ghéarchéimeanna, oibreoimid le réimse leathan comhpháirtithe arb fhéidir leo freagairt go héifeachtúil do riachtanais na gcosmhuintreacha. San áireamh sna comhpháirtithe seo beidh rialtais agus eagraíochtaí áitiúla sna tíortha sin a bheidh i gceist, eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus na hÉireann, an Chrois Dhearg/ Red Cresent Movement, agus eagraíochtaí iltaobhacha cosúil leis na Náisiúin Aontaithe.

*Cuirfimid maoiniú solúbtha, tráthúil ar fáil d'eagraíochtaí áitiúla, Éireannacha agus idirnáisiúnta a léireoidh cumas sóiléir chun cúnamh éifeachtúil daonnúil a sholáthar ar bhonn a chuirfidh riachtanais áitiúla san áireamh agus a thagann le prionsabail daonnúla.*

Cinnteoimid go mbeidh an dea-chleachtas i bhfeidhm, mar aon le foghlaim leanúnach agus go mbainfear amach luach ar airgead trí dhianmheasúnú a dhéanamh.

### Comhordú

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh comhordú cuí i bhfeidhm maidir le géarchéimeanna chun a chinntiú go seachnófar dúbláil agus chun a chinntiú go mbeidh aon ghníomhaíocht dhaonnúil éifeachtach. Ar leibhéal domhanda, tá áit shainiúil ag na Náisiúin Aontaithe chun an cheannaireacht seo sa chomhordú a chur ar fáil.

In aon tír is é an rialtas atá freagrach as folláine a shaoránach féin agus as a shaoránaigh a chosaint chomh maith. Seachas na géarchéimeanna coimpléascacha daonnúla a tharlaíonn toisc coimhlint laistigh de stáit leochaileacha nó stáit a theip, is gá go mbeadh rialtas na tíre i gceist, páirteach sna cinntí a bhaineann le soláthar agus le comhordú faoisimh dhaonnúil a chuid saoránach féin.

*Tabharfaimid tacaíocht do ról comhordaithe na Náisiún Aontaithe, agus nuair is indéanta, tabharfaimid tacaíocht don tír atá thíos leis.*

Is í an bhunsprioc atá le gníomhaíocht dhaonnúil ná beatha daoine a shábháil, fulaingt a laghdú agus dínit an duine a choinneáil i rith géarchéimeanna agus ina ndiaidh chomh maith.

## Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh

Le blianta beaga anuas, tá Éire ag méadú a freagra ar ghéarchéimeanna daonnúla. Go traidisiúnta, is é an freagra a bhí againn i gcás géarchéimeanna mar sin ná, gníomhaireachtaí an NA a mhaoiniú i measc cinn eile, mar shampla, gníomhaireachtaí daonnúla neamhrialtasacha agus teaghlach na Croise Deirge.

Agus an buiséad ag síormhéadú, tá deiseanna ann anois chun ár bhfeidhmíochtaí sainiúla féin a chruthú: An Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh (RRI).

Is éard a bheidh san áireamh sa Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh ná:

- Soláthairtí daonnúla a réamhlonnú agus a iompar chuig na háiteanna ina bhfuil an ghéarchéim de réir mar is cuí.
- Liosta daoine le hardscileanna, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, na fórsaí cosanta san áireamh, a bheidh réidh le seoladh ar fhógra gearr chuig suíomh na géarchéime.
- Inniúlachtaí i gcás gcéarchéim sna gníomhaireachtaí idirnáisiúnta daonnúla a thugann freagra agus sna meicníochtaí araon a fheabhsú .

Freagraíonn an RRI ar roinnt riachtanais Is freagra é ar na bearnaí a d'aithin na NA ina inniúlachtaí féin ar ghéarchéimeanna. Is freagairt ar an tábhacht a leagann pobal na hÉireann ar ár gcumas freagairt go héifeachtúil agus go tapaidh do ghéarchéimeanna agus tubaistí. Cruthaíonn sé an mheicníocht chun ár gcuid scileanna agus taithí a dhoimhniú nuair is ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla atáimid.

Méadaíonn an RRI ár gcumas cúnamh a thabhairt dóibh siúd is mó a bhfuil sé de dhíth orthu.

Bainfidh sé leas as na scileanna, an taithí agus na hacmhainní atá againn mar náisiún chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla. Is gné nua thábhachtach dár gcuid oibre é, an mheicníocht shainiúil Ghaelach a mhéadaíonn ár n-éifeachtúlacht agus sinn ag soláthar cúnaimh dhaonnúil.

### Ról na bhFórsaí Cosanta

Táimid bródúil as an ról atá glactha ag na Fórsaí Cosanta. Ghlac baill na bhFórsaí Cosanta ról tábhachtach i soláthar tacaíocht lóistíochta i ndiaidh an tsúnámaí i Srí Lanca. Is trí Chathlán na hÉireann sa Libéir agus trí Éireannaigh a bheith sa Chosaiv, atá Cúnamh Éireann ag tabhairt tacaíochta do mhion-tionscadail atá ag cabhrú leis na daoine is leochailí sna sochaithe iarchoimhlinte seo.

Is eilimint rialta agus shúntasach é de rannpháirtíocht na hÉireann i bhfeidhmíochtaí a thugann tacaíocht don tsíocháin é a leithéid de chúnamh a chur ar fáil.

Táimid ar an airdeall faoin riachtanas atá ann na Fórsaí Cosanta a úsáid ar bhealach a léiríonn meas ar phrionsabail agus ar an dea-chleachtais cuí i gcás cúnaimh dhaonnúil a thabhairt.

### Cúnamh Bia

Is cuid lárnach é cúnamh bia d'fhreagra an phobail idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna daonnúla. Sa bhliain 2005, fuair breis is 70 milliún duine cúnamh bia i bhfeidhmíochtaí idirnáisiúnta geárchéime.

Cé go bhfuil bunfhreagracht ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha as freagra iomlán Rialtais na tíre seo i leith a fhreagra idirnáisiúnta daonnúil, tá ról tábhachtach ag an Roinn Talmhaíochta chomh maith, i mbeartas náisiúnta um chúnamh bia trí airgead tirim a dheonú gan choinníoll chuig Clár Bia an Domhain na Náisiún Aontaithe.

Is mar chuid dár gcur chuige níos leithne i ndáil le faoiseamh daonnúil agus athshlánaithe agus mar shínitheoir leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia, táimid tiomanta do bhia a sholáthar i ngéarchéim bhia agus i gclár athshlánaithe iar-ghéarchéime.

*Táimid tiomanta d'airgead a dheonú gan choinníoll chun cúnamh bia i gcás éigeandála a cheannach seachas cúnamh bia a úsáid mar bhealach chun tacaíocht a thabhairt do thalmhaíocht intíre nó chun breiseáin talmhaíochta a dhumpáil.*

Bíonn drochéifeacht ag na cleachtais seo ar mhargaí áitiúla agus is féidir leo drochéifeacht shuntasach a bheith acu ar fheirmeoirí i dtíortha atá fós ag forbairt.

## Forbairt agus Faoiseamh a Nascadh

### Comhthéacs

Nasctar faoiseamh agus forbairt ar an tuiscint go laghdaíonn cúnamh éifeachtúil forbartha an gá le cúnamh éigeandála agus gur féidir le faoiseamh éigeandála éifeachtúil cabhrú le bunchlocha forbairt inbhuanaithe a thógáil mar aon le leochaileacht a laghdú.

Féadfar dul chun cinn san fhorbairt a chailleadh nó a ídiú toisc éigeandála a tharlaíonn arís agus arís eile. Mar shampla tá an choimhlint a tharlaíonn arís agus arís eile in Darfur tar éis an dul chun cinn a rinneadh ann thar na nglún a chur siar i bhfad.

Bíonn daoine i bhfad níos leochailí i ndáil le tubaistí agus éigeandálaí toisc na bochtaineachta. Cé nach maireann ach 11% de na daoine ar fud an domhain atá gan chosaint ó bhaol i dtíortha atá ag forbairt is ionann iad agus 53% de na daoine a fhaigheann bás toisc tubaistí.

Is dúshlán ollmhór é do thír atá ag forbairt déileáil leis an athshlánú agus an atógáil i ndiaidh tubaiste mór nó fadálach daonnúil a thiteann amach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh rioscaí ann go dtarlódh culú.

Beidh na dúshláin athshlánaithe difriúil ó thír go tír, ach is féidir le tubaistí daonnúla, is cuma cad a chúisíonn iad, difríocht an-mhór a dhéanamh don dúshlán um fhorbairt fhadtéarmach. Cuirtear isteach ar rochtain ar oideachas nó cosctar an rochtain sin, loitear bonneagar, is féidir na sluaite daoine a dhílárú agus is féidir le forlámhas an dlí agus meas ar chearta daonna imeacht le sruth.

Meastar go bhféadfaí gach €7 a chaitear ag freagairt do thubaiste nádúrtha a sheachaint trí €1 amháin a chaitheamh ar a bheith ullamh do thubaiste agus córas foláirimh luaithe a bheith i bhfeidhm.

Is minic a lagaítear na hinistitúidí sin a bhfuil de dhualgas orthu an t-athshlánú agus an atógáil a stiúradh sa chaoi is nach mbíonn sé de chumas ag tíortha leanúint ar aghaidh sa ghnó nuair a thagann deireadh leis an tubaiste dhaonnúil.

Is féidir leis an bpobal idirnáisiúnta, trí réimse tacaí éagsúla, cúnamh a thabhairt do thíortha a bhfuil géarghá acu leis, ionas gur féidir leo tionchar aon ghéarchéime a laghdú agus ionas gur féidir léi teacht chuici féin i ndiaidh tubaistí.

## Freagra na hÉireann

Tá an leochaileacht lárnach i ngach uile ghéarchéim dhaonnúil. Is í an bhochtaineacht a chúisíonn leochaileacht i dtíortha atá ag forbairt, agus tá gach uile iarracht a dhéanaimid dírithe ar an bpríomhsprioc sé sin, bochtaineacht a laghdú. D'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú agus neart i gcoinne géarchéimeanna a mhéadú, caithfidh rialtais agus gníomhaireachtaí forbartha dul i ngleic leis na naisc idir bhochtaineacht agus leochaileacht.

Is cuma an tubaiste nádúrtha nó coimhlint a bhíonn i gceist, tá sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de géarchéim a sheachaint agus ullmhúchán a dhéanamh dó seachas faoiseamh géarchéime a chur ar fáil nuair a tharlaíonn sé. Meastar go bhféadfaí gach €7 a chaitear ag freagairt do thubaiste nádúrtha a sheachaint trí €1 amháin a chaitheamh ar a bheith ullamh do thubaiste agus córas foláirimh luaithe a bheith i bhfeidhm.

### Riosca Tubaiste a laghdú agus Ullmhúchán

Bíonn ullmhúchán agus pleanáil ag teastáil chun an éifeacht a bhíonn ag tubaistí ar dhaoine a laghdú.

*Tabharfaimid tacaíocht do thíortha atá ag forbairt chun bearta a chur i bhfeidhm chun riosca a laghdú agus chun costas daonna na dtubaistí daonnúla a laghdú.*

Ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm beidh, córais fholáirimh luaithe, oiliúint i mbainistiú tubaistí agus soláthairtí a choinneáil i stóras, mar aon le bearta eile don fhadtéarma cosúil le meicníochtaí um chosaint shóisialta.

Caithfidh eagraíochtaí daonnúla a n-ullmhúchán féin a fheabhsú. Tá tacaíocht tugtha againn do bhunú an Chiste Lárnach um Fhreagra ar Ghéarchéim a ligfidh do ghníomhaireachtaí na NA freagairt ar bhonn níos tapúla agus faoiseamh daonnúil a chomhordú níos fearr, agus déanfaimid é sin go leanúnach.

*Tabharfaimid tacaíocht do thionscnaimh chun inniúlacht na dtíortha atá ag forbairt a mhéadú, NGOanna na hÉireann agus na NGOanna idirnáisiúnta, eagraíocthaí idirnáisiúnta agus iltaobhacha chun ullmhúchán a dhéanamh do ghéarchéimeanna daonnúla agus chun freagairt dóibh chomh maith.*

Is féidir le tubaistí nádúr na ndúshlán atá roimh thíortha atá ag forbairt a athrú go hiomlán. Sna tíortha sin ina bhfuil cláir fhorbartha sheanbhunaithe ann ag Éire, cinnteoimid go mbeidh an tsolúbthacht ag ár gcláir fhorbartha chun straitéisí a thabhairt isteach iontu chun tubaistí a sheachaint agus chun a n-éifeacht a laghdú. Go praiticiúil cuirfear an cúnamh seo ar fáil i gcomhar le tionscnaimh fhadtéarmacha eile.

*Táimid tiomanta do nascadh a dhéanamh idir tubaistí a stopadh, a dtionchar a laghdú agus forbairt fhadtéarmach.*

### Athshlánú agus Bogadh ar Aghaidh

Cé gur féidir leo a bheith deacair, is tús nua iad suímh iar-ghéarchéime. Tá deiseanna ann chun institiúidí nua níos fearr a thógáil, infrastruchtúr a fheabhsú agus sochaí shibhialta níos láidre a thógáil, astu seo tiocfaidh rialtais agus sochaí níos córa agus níos seasta.

Ag cur san áireamh an tionchar mór is féidir le géarchéimeanna ollmhóra nó fadálacha a bheith acu ar dhaoine, ar infrastruchtúr agus ar institiúidí, d'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt mhaith ama chun córais fhreagrúla agus fhadsaolacha rialtais a thógáil chun seirbhísí a sheachadadh a d'fhéadfadh daoine a shaoradh ón mbochtaineacht. Aithnímid go n-éilíonn athshlánú ina dhiaidh géarchéimeanna móra nó fadálacha cur isteach suntasach leanúnach agus go n-éilíonn sé tiomantas airgeadais chomh maith.

Tagann sé le ciall tógáil a dhéanamh bunaithe ar thaithí, ar ghaolmhaireachtaí agus ar an saineolas a bailíodh agus faoiseamh daonnúil á sholáthar nuair atáthar ag dearadh cláir athshlánaithe don mheántéarma i dtír nó i réigiún. D'fhéadfadh cláir athshlánaithe níos mó dochair ná maitheas a dhéanamh gan pleanáil agus comhoibriú cuí.

Ba cheart gurb é an Rialtas nó an t-Údarás i gceist a threoróidh aon atógáil nó athshlánú agus ba cheart go gcomhórdófaí na hiarrachtaí sin i gcomhar leis an sochaí sibhialta agus le heagraícohtaí idirnáisiúnta daonnúla.

Éileoidh institiúidí laga tacaíocht shuntasach ó dheontóirí idirnáisiúnta má táthar chun bogadh ar aghaidh go rathúil agus má tá an todhchaí nua le baint amach ag rialtais na dtíortha atá ag forbairt agus má tá na rialtais sin chun úinéireacht a ghlacadh ar an todhchaí sin. Fearacht, na n-institiúidí idirnáisiúnta, beidh tacaíocht shuntasach ó dheontóirí ag teastáil go mór mór i réimse an cheartais idirthréimhsigh, cosúil le 'Cúirteanna Speisialta' má tá siad lena sainordú a chur i gcrích.

*Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt don athshlánú agus do bhogadh ar aghaidh na dtíortha sin atá ag teacht as coimhlint nó as géarchéiuneanna fadálacha daonnúla.*

I ndiaidh nagéarchéimeanna fadálacha daonnúla, is minic a bhíonn cumas an rialtais áitiúil nó náisiúnta lagaithe go mór sa chaoi is nach féidir leo seirbhísí bunúsacha a sheachadadh, i réimsí cosúil le hoideachas, sláinte agus sláintíocht bhunúsach.

*Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'institiúidí agus d'eagraíochtaí nuabhunaithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus d'institiúidí agus d'eagraiochtaí seanbhunaithe más cuí, a bhfuil d'fhreagracht orthu, seirbhísí bunúsacha sóisialta a sheachadadh, agus atá freagrach as fás geilleagrach cóir agus as córas ceartais i dtíortha atá ag teacht as géarchéimeanna daonnúla.*

Tabharfaimid gach cúnamh chun institiúidí stáit a thógáil nó a atógáil agus chun inniúlachtaí pobail a thógáil nó a atógáil ionas go mbeidh sé ar a gcumas slite beatha inbhuanaithe a bhaint amach dóibh féin.

Is iomaí factóir a chuireann i gcoinne slí bheatha inbhuanaithe a bhaint amach i ndiaidh géarchéimeanna daonnúla ach a luaithe agus is féidir le daoine filleadh ar an obair is ea is luaithe a fhillfear ar an ngnáthshaol arís agus ligfidh sé sin don athshlánú tosú arís.

*Oibreoimid le comhpháirtithe chun cabhrú le hinfrastruchtúr riachtanach a atógail agus chun oiliúint chuí a chuir ar fáil chun slite beatha a thógáil nó a atógáil.*

# Rialtas Níos Fearr a Chruthú agus Comhrac na Caimiléireachta

## Comhthéacs

Baineann rialachas le cumhacht a úsáid chun acmhainní eacnamúla agus sóisialta aon tire bhainistiú. Is é inniúlacht pholaitiúil nó institúideach aon tír ná rialtas cuntasach a thoghadh, dlíthe a chruthú agus a choimeád i bhfeidhm, cearta na ndaoine a chothú agus a chosaint, freastal ar riachtanais na ndaoine agus acmhainní an stáit a bhainistiú go héifeachtúil agus go cóir.

Baineann rialachas chomh maith leis an gcumas seirbhísí riachtanacha sóisialta a mhaoiniú, a phleanáil agus a sheachadadh. Mar shampla sa Mhaláiv, níl ach an Dochtúir Teaghlaigh amháin ann do gach 100,000 duine; in Éirinn tá 237 ann. Sa Nígir freastalaíonn lucht sláinte ar díreach 16% de na breitheanna agus in Éirinn freastalaíonn siad ar 100% daoibh. Níl an inniúlacht institiúideach ag na tíortha seo chun oiliúint a chur ar go leor de lucht gairme sláinte agus dochtúirí nó fiú na córais chun riachtanais réadúla a bpobail féin a mheas. Tá cúnamh de dhíth orthu chun an inniúlacht sin a chothú.

Is fadhb é an drochrialachas i roinnt mhaith tíortha atá ag forbairt, agus cuid de chláirthíortha na hÉireann san áireamh.

Caithfear fadhbanna an rialachais i dtíortha atá ag forbairt a thuiscint ina gcomhthéacs. San Eoraip thóg sé go leor ama chun sochaí a thógáil le córais pholaitiúla atá cuntasach agus a fhreagraíonn go héifeachtúil leis an gcuid is mó dá saoránaigh. Bhain cuid mhaith de na stáit is boichte san Afraic a neamhspleáchas amach beagán thart ar tríocha bliain ó shin agus tháinig siad aníos i gcúinsí a bhí an-deacair. Tógfaidh sé go leor ama chun go dtiocfaidh rialtas atá freagrach agus cuntasach go hiomlán aníos sna tíortha seo agus is é seo freagracht na dtíortha iad féin.

Is ionann camiléireacht agus mí-úsaid cumhachta, cumhacht phoiblí go minic chun fáltas príobháideach a bhaint amach. Bíonn an- bheocht sa chaimiléireacht i dtíortha ina bhfuil na córais lag. Ní féidir a rá gurb ionann rialachas lag agus leibhéil arda chaimileireachta ach más amhlaidh a bhíonn cúrsaí is mó an seans go mbeidh caimiléireacht i gceist.

Tá caimiléireacht ann sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ach is sna tíortha is boichte ina mbíonn smacht ag an stát ar an rochtain ar an gcuid is mó d'acmhainní na tíre, bíonn an chaimiléireacht an-fheiceálach sa saol polaitiúil agus sa saol poiblí. Tá ceannachán poiblí an-oscailte do chaimiléireacht.

Cuireann rialachas lag agus caimiléireacht isteach go mór ar fhorbairt agus laghdaíonn siad éifeachtúlacht agus tionchar aon chúnaimh fhorbartha. Cuireann siad isteach ar mhuinín áitiúil agus idirnáisiúnta sa rialtas agus sna hinstitiúidí stáit. Tá na héifeachtaí baolacha a bhíonn ag caimiléireacht an-dian go deo ar na daoine is boichte agus is iad sin is mó a bhíonn ag brath ar sheirbhísí poiblí agus is iad is lú a bhfuil de chumas orthu íoc as na costais bhreise a bhaineann le breabaireacht agus le calaois.

Is gnéithe níos lárnaí iad, feabhas a chur ar rialachas agus dul i ngleic le caimiléireacht sna cur chuigí a bhíonn in úsáid ag deontóirí idirnáisiúnta agus cúnamh forbartha á thabhairt acu.

Gan an dea-rialachas, ní féidir forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe a bhaint amach.

## Freagra na hÉireann

Is gá go mbeadh feabhas ar rialachas, laghdú ar chaimiléireacht agus ar thógáil an daonlathais mar aon le cuntasacht a bheith ina chuid lárnach d'obair Chúnamh Éireann.

Is gá go mbeadh feabhas ar rialachas, laghdú ar chaimiléireacht agus is gá daonlathas a thógáil mar aon le cuntasacht a bheith ina chuid lárnach d'obair Chúnamh Éireann.

Caithfear úinéireacht ar na hiarrachtaí chun dul i ngleic le caimiléireacht a bheith ag rialtais agus le muintir na dtíortha i gceist. Is féidir le deontóirí tacaíocht a thabhairt dá n-iarrachtaí agus is gá dóibh sin a dhéanamh, má táimid chun dul chun cinn a lorg agus a fheiceáil.

### An Daonlathas agus Forlámhas an Dlí

Cuntasacht atá i lár báire in aon fheabhas ar rialachas. Tá sé riachtanach go mbeadh rialtais cuntasach i leith a saoránach féin. I dtoghcháin atá saor agus cóir, tugann na daoine a mbreithiúnas ar na cinntí a rinne an rialtas.

*Is é an Daonlathas an creatlach is fearr d'fhorbairt atá cóir agus inbhuanaithe agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chórais thrédhearcacha agus chuntasacha i dtíortha atá ag forbairt.*

Caithfidh na deontóirí cabhrú leis na tíortha is boichte chun córais láidre, neamhspleácha dlí agus breithiúnacha mar aon le hinstitiúidí maoirseachta a fhorbairt. Ar na tosaíochtaí atá againn, tá tacaíocht do thoghcháin atá saor agus daonlathach (e.g. trí mhaoir a sholáthar do na toghcháin agus tacaíocht a thabhairt do choimisiúin thoghchánacha), trí tacaíocht a thabhairt do pharlaimintí agus d'athchóiriú parlaiminte agus oifigí neamhspleácha le cumhacht cosúil le hoifig an Ombudsman.

*Tabharfaimid tacaíocht do na hinstitiúidí Stáit agus d'eagraíochtaí neamhspleácha a chothaíonn rialachas, daonlathas agus cearta daonna i dtíortha atá ag forbairt, go mórmhór inár gclárthíortha.*

### Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gCoinne na Caimiléireachta

Shínigh Éire, coinbhinsiún na NA i gCoinne na Caimiléireachta. Tá an poitéinseal sa Choinbhinsiún cur go mór leis an gcomhrac idirnáisiúnta i gcoinne na caimiléireachta. Tá obair ar bun anois chun aon riachtanas reachtúil intíre a aithint agus a chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun ligean d'Éirinn glacadh leis an gCoinbhinsiún.

### Ag Obair le hInstitiúidí Afraiceacha

Ag leibhéal réigiúnach, tabharfaimid tacaíocht do na hinstitiúidí tras-Afraiceacha atá ag teacht chun cinn, cosúil leis an African Union (AU) agus New Economic Partnership for African Development (NEPAD) atá ag iarraidh cuntasacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú i rialtais náisiúnta agus leibhéil chaimiléireachta a laghdú.

Is tionscnamh tábhachtach i ndáil leis seo é an Mheicníocht Athbhreithnithe Piaraí na hAfraice (APRM). Is meicníocht dheonach é an APRM chun rialachas eacnamaíochta agus polaitiúil níos fearr a chothú trí athbhreithnithe a dhéanamh ar bheartais na rialtas ag rialtais Afraiceacha eile. Gné thábhachtach den phróiseas athbhreithnithe a bheidh ann chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na hathchóirithe a spreag próiseas an APRM.

*Rachaimid i gcomhar le hAontas na hAfraice faoi conas is fearr is féidir linn tacaíocht a thabhairt don Mheicníocht Athbhreithnithe Piaraí agus conas tacú le cur i bhfheidhm na moltaí ag leibhéal náisiúnta.*

### Athchóirú san Earnáil Phoiblí agus Rialachas Eacnamaíoch

Tá soláthar seirbhísí agus bainistíocht chóir agus éifeachtúil, eacnamaíoch lárnach i ról an rialtais agus é ar thóir an dea-rialachais.

Bíonn tionchar thar na bearta ag inniúlacht lag institiúide agus bainistíochta san earnáil phoiblí ar sholáthar seirbhísí i dtíortha atá ag forbairt. Ní bhainfear amach aon fheabhas ar sheachadadh seirbhísí sna croí-réimsí cosúil le sláinte agus oideachas gan infheistíocht shuntasach eagraíochtúil agus an toil pholaitiúil chun é athchóiriú a chur i bhfeidhm. Tá an timpeallacht rialacháin a chruthaíonn rialtais i dtíortha atá ag forbairt criticiúil má tá an earnáil

Is féidir le sochaí shibhialta atá inchumhachtaithe a bheith ina ghníomhaí chun athchóiriú polaitiúil agus cuntasach a chur chun cinn i ndaonlathais atá ag forbairt.

phríobháideach chun aon fhás a dhéanamh agus má táthar chun post ar bith a chruthú. Má tá fiontraíocht chun dul chun cinn a dhéanamh, bíonn intuarthacht, buanseasmhacht agus creat dlí agus riaracháin atá cóir agus i bhfeidhm ag teastáil. Chun a bheith éifeachtúil i gcomhrac na bochtaineachta caithfear gníomhaíocht eacnmaíoch ar son na mbocht a chothú. Tarlóidh sé seo má bhíonn na bochtáin páirteach i ngníomhaíocht eacnamúil mar tháirgeoirí, próiseálaithe agus fostóirí.

*Tabharfaimid tacaíocht do thionscnaimh athchóirithe san earnáil phoiblí a rachaidh i dtreo seirbhísí atá éifeachtúil, cóir, agus cuntasach a sheachadadh agus tabharfaimid tacaíocht do bhainistíocht láidir inár gclárthíortha.*

Cé go bhfuil fás geilleagrach riachtanach d'fhorbairt, tá an dáileadh sochair ríthábhachtach chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.Tá ról an-tábhachtach ag rialtais maidir le cinntí a dhéanamh faoi cén áit ina dhíreofar iarrachtaí eacnamaíocha agus faoi conas a dháilfear sochair agus saibhreas na n-acmhainní náisiúnta.

### An tSochaí Shibhialta agus an Rialtas

Tá príomhról ag na saoránaigh, grúpaí abhchóideacha agus eagraíochtaí sa sochaí sibhialta, grúpaí cearta daonna, eagraíochtaí san earnáil phriobháideach agus na meáin, i riachtanais na saoránach a chur in iúl agus chun freagrachtaí rialtais a chur ar súile dóibh.

Is féidir le sochaí shibhialta atá inchumhachtaithe a bheith ina ghníomhaí chun athchóiriú polaitiúil agus cuntasach a chur chun cinn i ndaonlathais atá ag forbairt.

Mar is eol dúinn uile ó thaithí na hÉireann ar fhorbairt, éilíonn fás láidir, seasta, agus cóir eacnamaíoch go mbeadh an rialtas seasmhach agus cuntasach, go ndéanfar infheistíocht shuntasach leanúnach san oideachas agus sa tsláinte, agus earnáil dhinimiciúil agus nuálaíoch príobháideach agus sochaí shibhialta atá sásta labhairt amach. Tá suim shuntasach idirnáisiúnta ann i measc tíortha atá ag forbairt sa mhúnla comhpháirtíochta sóisialta in Éirinn mar bhealach chun beartas atá níos uilechuimsithí a chur chun cinn agus is rud é sin gur ceart dúinn a roinnt.

*Tabharfaimid tacaíocht do shochaí éagsúil neamhspleách agus shibhialta a fhorbairt agus spreagfaimid rialtais inár gclárthíortha chun tuilleadh rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta a éascú sa phleanáil d'fhorbairt. Nuair is cuí féachaimid ar thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí chun taithí na hÉireann ar ráthúlacht gheilleagrach agus ár bpróiseas um chomhpháirtíocht shóisialta a roinnt.*

### Airgead na gcáiníocóirí a chosaint

Cosnóimid airgead cáiníocóirí na hÉireann. Glacaimid céimeanna chun a chinntiú nach mbainfear mí-úsáid as airgead na gcáiníocóirí, go laghdófar rioscaí agus go seolfar airgead tríd an stát i dtíortha atá ag forbairt ar bhonn éifeachtúil chun inniúlacht an stáit a fheabhsú agus chun leasa na ndaoine is boichte.

Tá caiteachas an Rialtais ar chúnamh d'fhorbairt faoi dhainmhaoirseacht faoi láthair ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Coiste an Oireachtais um Chuntais Phoiblí, Coiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha, An Bord Comhairleach do Chúnamh Éireann, an Coiste Iniúchta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Aonad Luachála agus Iniúchta na Roinne.

Tá infheistíocht leanúnach i bpearsanra agus i gcórais bhainistíochta riachtanach chun clár Chúnamh Éireann a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus chun maoirseacht a dhéanamh air.

Inár gclárthíortha, tá aon chaiteachas ar bith faoi réir iniúchta ag gnóthaí neamhspleácha. Glacaimid páirt chomh maith i gcomh-mheasúnaithe ar chaiteachas le tíortha eile a thugann cúnamh airgid. Tá iniúchóirí agus cuntasóirí ar an bhfoireann sna misin inár gclárthíortha.




*Ábhair toghcháin agus iad cúlcharntha i stóras an Choimisiúin Toghcháin Neamhspleách, Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) 2006.*
I mbliana, reáchtáil an PDC a chéad toghcháin ilpháirtí ó fuair an tír neamhspleáchas sa bhliain 1960. Chuir Cúnamh Éireann €1.3 milliún ar fáil chun tacú leis an bpróiseas toghcháin.

De réir mar a mhéadófar ar an mbuiséad cúnaimh thar na blianta amach romhainn, beidh méadú freisin ar an ngá le dianmhaoirseacht agus measúnú. Táimid tiomanta don fheidhm iniúchta agus luachála sa Roinn Gnóthaí Eachtracha a fheabhsú agus meicníochtaí eile nach iad le cinntiú go bhfuil cistí poiblí sábháilte agus go gcaithfear an t-airgead ar bhochtaineacht a laghdú agus ar fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

*Déanfaimid cinnte de go mbeidh córais láidre mhaoirseachta i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt d'aon chaiteachas a dhéanfar as státchiste na hÉireann i dtíortha atá ag forbairt agus cinnteoimid go mbeifear freagrach as chomh maith.*

Táimid ar an airdeall i gcónaí go ndearbhófar nach gcuirfear airgead poiblí amú nó nach gcaillfear é trí chaimiléireacht.

*Bunóimid Aonad Rialachais nua laistigh de Chúnamh Éireann, a bheidh ina lárphointe do gach gníomhaíocht dár gcuid san earnáil seo, ionas go gcuirfear san áireamh saincheisteanna rialachais agus caimiléireachta ar fud obair an chláir.*

Caithfear sinn a shásamh go bhfuil na córais rialacháin agus airgeadais atá ag ár gcomhpháirtithe, agus na rialtais sin lena bhfuilimid ag obair leo, leordhothánach chun airgead na gcáiníocóirí in Éirinn a chosaint agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe chun iad a neartú.

Mura mbímid sásta leis na córais seo, breathnóimid ar bhealaí eile chun cúnamh a thabhairt. Agus an méid sin á dhéanamh againn, táimid ag deimhniú go dtugaimid aire do na daoine is mó a bhfuil gá acu le cúnamh agus go bhfuilimid ag tabhairt aire do leasanna cáiníocóirí na hÉireann.

# Infheistiú i nDaoine – Na hEarnálacha Sóisialta

## Oideachas

### Comhthéacs

Is ceart bunúsach daonna é an ceart atá ag an duine oideachas a fháil agus tá sé riachtanach chun gach uile cheart daonna eile a thuiscint.

Tá oideachas i gcroílár na forbartha. Is é an príomhbhealach inar féidir le daoine fásta agus leanaí atá imeallaithe ó thaobh na heacnamaíochta de iad féin a ardú ón mbochtaineacht, agus a sláinte a thuiscint agus a fheabhsú agus slite beatha inmharthana a chruthú agus na bealaí a bhaint amach dóibh féin chun bheith níos rannpháirtí ina bpobail féin.

Má ardaítear an leibhéal oideachais féadfar tionchar níos mó a imirt ar rialachas agus ar fhás eacnamaíochta. Cruthaíonn oideachas lucht vótála atá níos géarchúisí agus cruthaíonn sé oibreoirí níos éifeachtaí. Má bhíonn leibhéil níos airde oideachais ar fáil cruthaíonn sé sin tuiscint níos iomláine faoin tsochaí agus faoi rannpháirtíocht sa tsochaí. Is infheistíocht riachtanach sa todhchaí é infheistíocht san oideachas.

Le deich mbliana anuas tá méadú suntasach tagtha ar iarrachtaí chun a chinntiú go gcríochnóidh gach leanbh a bhunscolaíocht. Léiríonn an áit lárnach atá ag an oideachas laistigh de Spriocanna Forbartha na Mílaoise an tiomantas seo. Leagadh béim faoi leith ar chomhionannas a bhaint amach ar rochtain agus ar dheiseanna do chailíní agus do bhuachaillí.

Cé go bhfuil an líon leanaí nach bhfuil ar scoil ag laghdú, ní fhaigheann céad milliún leanaí aon bhunoideachas. Má leanann na treochtaí reatha ar aghaidh, bainfear amach díreach 87% den ghlanchoibhneas cláraithe sa bhliain 2015, agus ní bhainfear sprioc an MDG amach. Tá iarracht faoi leith ag teastáil ó Afraic an Fho-Sahára, toisc go mbeidh ar an tír 88 milliún áit bhreise bunscoile a aimsiú.

Is díol imní fós é an líon daltaí nach bhfuil ag críochnú a gcuid bunscolaíochta mar aon le caighdeán na scolaíochta sin.

Tá clárú mall le scoil forleathan, ní chríochnaíonn go leor daltaí a dtréimhse bunscolaíochta agus is minic a bhíonn daltaí ag athdhéanamh gráid. Anuas air sin, beidh luach íslithe ar chlárú le bunscoil má bhíonn caighdeán an oideachais lag, mura mbíonn oiliúint chuí á fháil ag múinteoirí, mura ndéantar forbairt ar an gcuraclam agus mura ndéantar tástáil rialta ar dhaltaí chun a ndul chun cinn a mheas.

### Freagra na hÉireann

Bhí an t-oideachas sa tír seo lárnach i bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann. Tá a fhios againn ónár dtaithí féin go dtógann sé tamall maith sula tiontaítear príomhchinntí beartais agus forbairt seasta san oideachas go dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta. Bhí an t-oideachas mar cheann de na príomhthiománaithe a chur chun cinn ár ráthúlacht eacnamaíoch agus d'fhéadfaimis labhairt amach ar son infheistíocht leanúnach phleanáilte san oideachas.

#### Bunoideachas Uilíoch

Oibreoimid le deontóirí idirnáisiúnta, le rialtais na dtíortha atá ag forbairt agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun cabhrú le hiarrachtaí comhchoiteann chun bunoideachas uilíoch a bhaint amach faoin mbliain 2015.

Cé go bhfuil rochtain ina dúshlán go fóill, caillfear an luach atá ar bhunoideachas uilíoch mura mbíonn fócas láidir ar ardchaighdeán a bhaint amach ann. Ní hamháin gur ceist é an líon leanaí a théann isteach san oideachas nó fiú an líon leanaí a chríochnaíonn an bunoideachas ach is ceist é an leibhéal bunscileanna saoil (litearthacht agus uimhearthacht san áireamh), eolas agus dearcaí a bhaineann siad amach agus iad ar scoil.

Is é oideachas an príomhbhealach inar féidir le daoine fásta agus leanaí atá imeallaithe ó thaobh na heacnamaíochta de iad féin a ardú as an mbochtaineacht.

Cé go mbeidh sé ina thosaíocht dúinn i gcónaí go mbainfear amach spriocanna sa bhunoideachas, tá an ráthúlacht san earnáil seo ag cruthú éilimh ar rochtain níos fearr agus oideachas dara leibhéal níos fearr chomh maith. Sna blianta atá ag teacht, beidh infheistíocht in oideachas ar feadh an tsaoil, oideachas dara leibhéal agus oideachas tríú leibhéal fíorthábhachtach má táthar chun tógáil ar an dul chun cinn sa bhunscolaíocht.

*Is é an príomhfhócas a bheidh ag ár dtacaíocht d'oideachas sna tíortha atá ag forbairt, agus ár gclárthíortha ach go háirithe ná, oideachas bunscoile ar ardchaighdeán a chur ar fáil, lonnaithe laistigh de pleananna cuimsitheacha náisiúnta.*

### Córais Oideachais Phoiblí

Tá ganntanas inniúlachta ag gach uile leibhéal den chóras oideachais sna tíortha atá ag forbairt, ón rialtas lárnach, trí réigiúin, ceantair, agus fo-cheantair agus ag leibhéal na scoile féin chun pleanáil, bainistíocht, agus cur i bhfeidhm an airgeadais, an mhonatóireacht agus measúnú na gcóras oideachais. Tá an méid seo le sonrú sna múinteoirí atá droch-oillte agus nach bhfaigheann ach tuarastal an-íseal, bíonn ísle brí ar na múinteoirí agus is minic a bhíonn siad as láthair, ní bhíonn áiseanna oiriúnacha acu, agus ní bhíonn ach fáil an-teoranta ar theicneolaíochtaí nua agus is beag an deis a bhíonn ag tuismitheoirí nó pobail labhairt amach faoin mbealach ina riartar na scoileanna.

Tá sé fíorthábhachtach go neartófar na córais oideachais phoiblí ag gach uile leibhéal. Cé go bhfuiltear ag díriú go príomha ar an mbunleibhéal, caithfidh go síneoidh sé amach chuig an gcóras oideachais uile agus go léireoidh sé riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta na bpobal agus na dtíortha i gceist.

*Táimid tiomanta d'inniúlacht na n-údarás náisiúnta, ceantrach agus áitiúla a neartú d'fhonn oideachas poiblí a phleanáil a chur i bhfeidhm agus chun monatóireacht a dhéanamh air go mórmhór in ár gclárthíortha.*

Éileoidh feabhsuithe inmharthana sna córais oideachais go ndéanfaidh rialtais náisiúnta agus an pobal idirnáisiúnta tiomantas fadtéarmach acmhainní ina leith. Táimid tiomanta do mhaoiniú intuartha, fadtéarmach d'oideachas a chur ar fáil.

### Comhionannas san Oideachas

I dtíortha atá ag forbairt is iad na cailíní is mó a coinnítear as rochtain ar oideachas. Anuas ar é a bheith ina cheart, tá an t-uafás buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta ag baint le leibhéal oideachais chailíní a mhéadú. Is é an t-oideachas, go mórmhór atá ar cheann de na bealaí is fearr i gcoinne scaipeadh an ghalair VEID/SEIF. Is vacsaín sóisialta é a chabhróidh chun iompraíocht a athrú agus chun daoine óga a chur ar an airdeall faoi na rioscaí a bhaineann leis an ngalar. Nuair a chuirtear oideachas ar chailíní, bíonn buntáistí breise i gceist, sé sin go laghdaítear ráta báis na naíonán agus na leanaí óga agus bíonn stádas níos airde ag na mná agus tagann ardú ar rannpháirtíocht na mban sa tsochaí.

*Táimid tiomanta do thacaíocht a thabairt i dtíortha atá ag forbairt do thionscnaimh a mhéadóidh rochtain ar oideachas do chailíní agus a mhéadóidh rannpháirtíocht na mban ag leibhéal pleanála oideachais áitiúil, ceantrach agus náisiúnta.*

### Comhaltachtaí

Ar feadh cuid mhaith de stair chláir Chúnamh Éireann, chuireamar scoláireachtaí ar fáil chun an deis a thabhairt do scoláirí iarchéime ó thíortha atá ag forbairt a gcuid oiliúna a chur i gcrích.

Is é is aidhm leis an gClár Oiliúna Comhaltachta ná dul i ngleic le ganntanais inniúlachtaí faoi leith inár gclárthíortha. Beidh sé seo ina príomhaidhm ag an gclár i gcónaí. Tá na daoine a fhaigheann comhaltachtaí tiomanta d'fhilleadh abhaile, nuair a bheidh a gcuid oiliúna curtha i gcrích acu agus a scileanna nua a chur i bhfeidhm chun leasa an phobail níos leithne.

*Déanfaimid athbhreithniú mór ar chlár na gComhaltachtaí ollscoile, d'fhonn a chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag feidhmiú mar ghléas chun inniúlacht a mhéadú dár dtíortha comhpháirtíochta.*

# Sláinte

## Comhthéacs

Is ceart bunúsach daonna é go bhfuil gach duine i dteideal an chaighdeáin is airde sláinte fhisiciúil agus mheabhrach a bheith ar fáil dóibh.

Cé go bhfuil sláinte an domhain ag feabhsú go ginearálta, fós tá leibhéal míshásúil breoiteachta agus báis a bhféadfaí a sheachaint ann go fóill. Sa bhliain 2005, fuair níos mó ná 12 milliún déag leanaí bás roimh a gcuigiú breithlá agus fuair 500 míle bean bás toisc fadhbanna a tháinig aníos agus iad ag tabhairt leanbh ar an saol.

Ríomhtar sláinte phobal tíre ar bith le slat tomhais eile seachas an soláthar seirbhísí cúraim shláinte. Téann saincheisteanna cosúil le cothú, sláintíocht, rochtain ar uisce glan, oideachas, fachtóirí sóisialta agus cultúrtha i bhfeidhm ar shláinte an phobail chomh maith. Féadfar feabhsuithe suntasacha agus seasta a bhaint amach i sláinte dhaonra i gcomhthéacs chur chuige leathan a úsáid chun dul i ngleic le heaspa forbartha agus le bochtaineacht.

Le blianta beaga anuas, rinne rialtais i dtíortha atá ag forbairt, deontóirí agus eagraíochtaí iltaobhacha chun soláthar cúraim shlainte a chur chun cinn i dtíortha atá ag forbairt, go mórmhór mar fhreagra ar ghalair theagmhálacha cosúil le VEID/SEIF, maláire agus Eitinn.

Tá freagraí láidre ar na bagairtí seo ag teastáil gan amhras. Gan athchóiriú suntasach ar na córais shláinte, d'fhéadfadh nach mbeadh roinnt mhaith de na hidirghabhálacha ardphróifíl i gcoinne galair shonracha a bheith neamh-inbhuanaithe nó níos measa ná sin d'fhéadfaidís níos mó olcais ná maitheasa a dhéanamh. Mar shampla tá cóir leighis i gcoinne SEIF ina phróiseas coimpléascach a éilíonn réimse seirbhísí mar chúltaca chun an chóir leighis a choinneáil ag imeacht do shaol an duine i gceist. Mura mbíonn a dhóthain drugaí, pearsanra sláinte, nó áiseanna saotharlainne, teipfidh ar an gcóir leighis agus d'fhéadfaí cineálacha nua den víreas nach gcuirfidh drugaí an ruaig orthu a chruthú.

D'fhonn athrú suntasach a chur i gcrích i sláinte mhóramh na ndaoine sna tíortha is boichte, caithfidh rialtais agus deontóirí féachaint ar chaiteachas ar shláinte mar infheistíocht sa todhchaí agus mar chuid lárnach dá gcur chuige iomlán chun bochtaineacht a laghdú.

Cosúil le go leor earnálacha eile, cuireann sláinte le heaspa forbartha agus le bochtaineacht agus is iad an dá rud sin a théann go mór i bhfeidhm ar an tsláinte féin. Tagann sé le ciall, má bhíonn leanaí le dul chun cinn níos fearr a dhéanamh ar scoil is gá dóibh dóthain bia a bheith acu agus is gá dóibh a bheith saor ó ghalair agus má tá méith thalmhaíochta le méadú is gá go mbeadh an feirmeoir sláintiúil.

Ar deireadh thiar thall, tá géarghá le feabhas ar shláinte na ndaoine sna tíortha is boichte má tá siad chun dul chun cinn eacnamúil agus sóisialta a dhéanamh.

### Sláinte agus Ionchas Saoil

Féadfar a bheith ag súil leis go mairfidh cailín óg a thagann ar an saol inniu in Éirinn ar feadh 80 bliain. Má shaolaítear cailín san am céanna i Siarra Leon , bheifí ag súil go mairfidh sí ar feadh 40 bliain.

Níl ach seans an-bheag ann go bhfaighidh an cailín i Siarra Leon aon vacsaín agus tá seans mór ann go mbeidh sí faoi bhun meáchain tríd a hóige ar fad. Seans maith go bpósfaidh sí agus í sna déaga agus go saolóidh sí seisear leanaí nó níos mó gan cúnamh ó dhuine oilte i gcúrsaí breith leanaí. Gheobhaidh ceann amháin nó níos mó dá leanaí bás agus iad an-óg, agus beidh riosca an-ard ann go bhfaighidh sí bás í féin agus í ag breith linbh. Má éiríonn sí breoite, is féidir léi a bheith ag súil le tuairim is luach $3 SAM a fháil i leigheas in aghaidh na bliana. Má mhaireann sí trí a meánaois féin, gheobhaidh sí galar ainsealach agus gan rochtain ar go leor leighis, gheobhaidh sí bás go hanabaí.

## Freagra na hÉireann

Táimid tiomanta do chláir a fhorbairt a théann i ngleic leis na nithe is mó a chothaíonn breoiteacht agus drochshláinte i measc na ndaoine is boichte agus is leochailí agus na córais sláinte a neartú sna tíortha is boichte.

Is éard a bheidh inár gcur chuige bunaithe ar riachtanais ná, tacaíocht do rochtain feabhsaithe ar uisce glan, ar shláintíocht bhunúsach, ar chothú agus ar chláir níos éifeachtúla chun cabhrú le daoine agus cur chuigí iomlánaíocha chun cosc a chur le galair.

Féadfar dul i ngleic le réimsí sonracha na heasláinte amháin ar bhonn idirnáisiúnta agus réigiúnach. Níl aon mheas ag galair theagmhálacha ar theorainneacha. Táimid tiomanta do tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí iltaobhacha agus d'institiúidi réigiúnacha chun freagairt ar bhagairtí sonracha i leith na sláinte trí chur chuigí réigiúnacha.

Is iad eagraíochtaí iltaobhacha agus comhpháirtíochtaí domhanda sláinte a chuireann acmhainní riachtanacha saineolais ar fáil do chláir shláinte tíortha. Tabharfaimid tacaíocht do na heagraíochtaí seo chun cúnamh a sholáthar chomh éifeachtúil agus is féidir.

### Córais Sláinte

Cuirfear lenár dtiomantas chun dul i ngleic le galair theagmhálacha trí fhócas láidir ar infheistíocht sna hinstitiúidí cúraimshláinte agus sna córais araon.

I bhformhór na dtíortha atá ag forbairt is réimse eagraíochtaí a chuireann cúramshláinte ar fáil, roinnte idir rialtas (náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil) an earnáil phríobháideach agus NGOanna. Tá sé riachtanach go mbeadh an cumas ag rialtais soláthar chúraimshlainte a rialú agus a chomhordú.

Cuirfimid maoiniú intuartha fadtéarmach ar fáil do chórais chúraimshláinte i dtiortha atá ag forbairt trí thacaíocht do réimse smaointe lena n-airítear acmhainní daonna agus ábhair, oiliúint, córais um fhaisnéis ar shláinte, rialúchán agus beartas a fhorbairt, buiséadú agus pleanáil.

Cabhróimid le soláthar cúraimshláinte neamhstáit trí thacaíocht a thabhairt do sholáthar neamhrialtasach nasctha le tosaíochtaí náisiúnta sláinte. Tá an tacaíocht seo riachtanach sa chás go mbíonn na córais náisiúnta lag.

> *Is mar chuid dár gcur chuige iomlán chun bochtaineacht a laghdú, atáimid tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh in institúidí poiblí cúraimshláinte agus córais i ngach ceann dár gclárthíortha.*

### Sláinte Máthartha agus Sláinte Atáirgeach

Gach uile nóiméad faigheann bean bás agus í ag breith linbh i dtíortha atá fós ag forbairt. Do gach uile bhean a fhaigheann bás, gortaítear nó cuirtear máchair ar fhiche bean eile.

Fulaingíonn na mná níos mó ná a sciar den drochshláinte. Tá neamhshuim déanta ag pleanáil do chúramshláinte de seo rómhinic. Tá sé seo soiléir san easpa rochtana ar fhaisnéis agus ar oideachas, sa bhaol níos mó ar rioscaí sláinte agus rochtain an-bhocht ar chúramshláinte lena n-áirítear seirbhísí sláinte atáirgithe. Anuas ar shainriachtanais na mban, bíonn tionchar an-suntasach ag sláinte na mban ar shláinte agua ar leas leanaí óga agus ar an teaghlach ina iomláine.

Caithfear béim a leagan ar fhreagairt do riachtanais shláinte na mban, sna hearnálacha seo, bun-chúramshláinte, agus sláinte na máithreacha agus sláinte atáirgithe chun freagra éifeachtúil iomlánaíoch a thabhairt d'fhonn sláinte a fheabhsú i dtíortha atá ag forbairt.

## Sa bhliain 2005, fuair níos mó ná 12 milliún déag leanbh bás roimh a gcuigiú breithlá

*Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do na riachtanais shláinte shonracha a bhíonn ag mná laistigh dár gcur chuige i leith sláinte i dtíortha atá ag forbairt.*

### Taighde

Tá taighde criticiúil chun córais sláinte poiblí níos fearr a fhorbairt, chun bealaí níos fearr a aimsiú chun dul i ngleic le galair agus chun na príomhchúiseanna go dtagann easláinte ar dhaoine a aimsiú. Táimid tiomanta do mhaoiniú a mhéadú ar thaighde sláinte a théann i ngleic le riachtanais sláinte na ndaoine is boichte agus is leochailí sna tíortha atá ag forbairt. Déanfaimid deimhin de chomh maith go gcuirfear leasanna aon taighde ar fáil go forleathan ar fud ár n-iarrachtaí chun sláinte dhomhanda a fheabhsú.

*Íocfaimid as taighde sláinte ag institiúidí taighde in Éirinn, go hidirnáisiúnta agus sna tíortha atá ag forbairt dírithe ar riachtanais shonracha sláinte na dtíortha is boichte.*

### VEID/SEIF agus Bochtaineacht

Tá impleachtaí móra ag baint le géarchéim VEID/SEIF i ndáil le bochtaineacht a laghdú agus i leith Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Is galar bochtaineachta é.

Is iad siud is mó atá faoi mhíbhuntáiste toisc easpa rochtana ar sheirbhísí sóisialta, ar oideachas, ar chúram sláinte, ar chothú agus ar dheiseanna chun ioncam a thuilleamh nó fostaíocht a fháil, is iad sin is leochailí, agus is iad mná, leanaí agus seandaoine na daoine is leochailí ar fad.

Méadaíonn VEID/SEIF bochtaineacht chomh maith. Ídíonn sé an cumas atá ag teaghlach a bheith táirgiúil agus ioncam a thuilleamh. Tá an SEIF ag marú daoine fásta agus iad i mbarr a réime, tá na daoine is óige agus is táirgiúla sa tsochaí á mbánú aige agus fágtar teaghlaigh, pobail agus tíortha gan iad. Cruthaíonn an SEIF riachtanais neamhghácha cúraim agus cuireann sé brú ar chaiteachas an teaghlaigh chun costais leighis agus costais eile a bhaineann leis a ghlanadh.

Ná mná is mó a bhíonn thíos leis. Tá níos mó ban ag maireachtáil leis an ngalar ná fir. Is mná agus cailíní is mó atá sa 57% de dhaoine fásta atá ag maireachtáil le SEIF san Afraic fho-Shahárach agus tá tuismitheoir amháin nó beirt caillte ag 11 milliún déag leanaí toisc VEID/SEIF. Tá na córais thraidisiúnta tacaíochta sna tíortha seo faoi bhrú cheana féin agus tá cuid mhaith de na mórtheaghlaigh faoi an iomarca brú agus tá géarghá acu le tacaíocht sheachtrach.

Táimid ag tabhairt tosaíochta don chomhrac i gcoinne SEIF toisc é a bheith ina dhlúthchuid den iarracht ar bhochtaineacht agus leochaileacht a laghdú.

Táimid ag tabhairt próifíl níos airde do VEID/SEIF ar fud na heagraíochta agus fiú tá an clár agus an fhoireann á athchóiriú againn chun a bheith freagrach i dtaobh na heipidéime VEID/SEIF.

# VEID/SEIF agus Galair Theagmhálacha eile

## Comhthéacs

Le fiche cúig bliain anuas is é an VEID/SEIF atá tagtha i réim mar bhagairt nua ollmhór ar fhorbairt daoine san Afraic.

Tá an galar SEIF tolgtha ag breis is 40 milliún duine ar fud an domhain uile. Tá dhá thrian díobh seo ina gcónaí san Afraic fho-Shahárach. Sa bhliain 2005, fuair os cionn 3 mhilliún duine bás toisc an SEIF, agus bhí 2.4 milliún daoibh sin ina gcónaí san Afraic fho-Shahárach. I Leosóta, ceann de chlárthíortha na hÉireann, tá an SEIF ag suas le 30% de na daoine fásta.

Anuas ar an gcostas úafásach daonna, tá an VEID/SEIF ag scriosadh na hearnálacha tairgiúla agus na córais oideachais sna tíortha atá ag forbairt agus tá an brú rómhór ar na córais sláinte atá lag cheana féin.

Tá na 'seanghalair' cosúil leis an mhaláire agus an eitinn tagtha ar ais go tréan arís. Maraíonn na Mhaláire os cionn aon mhilliún duine sa bhreis ar an méid a mharaíodh sí tríocha bliain ó shin. Is ionann an méadú ar an eitinn de thoradh ar SEIF, agus bás 2 mhilliún duine gach uile bhliain.

Leanaí sna tíortha is boichte is mó atá i mbaol an ghalair a tholgadh. Is bagairt shuntasach ar leanaí, i dtíortha atá ag forbairt go fóill, iad roinnt mhaith de na galair nach gcuireann isteach ar leanaí i dtíortha forbartha ar chor ar bith, toisc nach bhfuil imdhíonadh agus vacsaíniú iomlán i bhfeidhm agus toisc go mbíonn caighdeán an uisce agus na sláintíochta íseal. Is galair theagmhálacha is cúis le bás 7 milliún leanaí gach uile bhliain.

Is féidir gach ceann de na galair seo a chosc nó a leigheas.

Tá na milliún leanaí ina ndílleachtaí le deich mbliana anuas toisc an SEIF/VEID. Is í an Afraic fho-Shahárach is mó atá thíos leis, áit a bhfuil 12.3 milliún leanaí ina ndílleachtaí toisc SEIF. Méadóidh an líon dílleachta sna deich mbliana atá romhainn.

Is géarchéim agus dúshlán leanúnach é dul i ngleic le galair theagmhálacha go mórmhór VEID/SEIF, do thíortha atá ag forbairt go mórmhór san Afraic. Tá sé deacair galair a chosc. Níl aon vacsaín ann faoi láthair don SEIF, agus toisc nádúr an ghalair agus an bealach ina scaiptear é, bíonn sé deacair rudaí a dhéanamh chun é a stopadh. Tá an leigheas agus an cúram a théann leis an-chasta agus costasach agus ní fiú a dhath é gan na córais inmharthana chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar.

Le blianta beaga anuas tá méadú suntasach ar an bhfreagra ar VEID/SEIF agus ar ghalair eile teagmhálacha ag leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i roinnt de na tíortha fho-Shaháracha, cosúil le Uganda, tá freagra leanúnach níos mó de dhíth má táthar chun scaipeadh SEIF a mhoilliú agus má táthar chun cóir leighis a chur ar na daoine sin atá ag maireachtáil le SEIF.

## Freagra na hÉireann

Tá aitheantas idirnáisiúnta ann ar cheannaireacht pholaitiúil agus tiomantas airgid na hÉireann i leith an chomhraic i gcoinne VEID/SEIF. Tá sé de theist orainn le fada go bhfuilimid ag dul i ngleic le galair theagmhálacha ag leibhéil idirnáisiúnta, réigiúnach agus tíre. Sa bhliain 2005, d'fhógair an Taoiseach, *go gcaithfear €100 milliún in aghaidh na bliana chun dul i ngleic le VEID/SEIF agus galair eile teagmhálacha i dtíortha atá ag forbairt,* déanfar é seo agus sinn ag tógáil ar thiomantais eile pholaitiúla agus airgeadais a rinneadh.

Tá níos mó ná dúshlán sláinte i gceist le dul i ngleic le galar teagmhálach.Is cuid lárnach é den dúshlán forbartha.

Anuas ar an gcostas úafásach daonna, tá an VEID/SEIF ag scriosadh na hearnálacha tairgiúla agus na córais oideachais sna tíortha atá ag forbairt agus tá an brú rómhór ar na córais sláinte atá lag cheana féin.

Táimid tiomanta do chur chuige leathan chun dul i ngleic le galair theagmhálacha. Cuirfear tionchar mór na ngalar teagmhálach ar fud gach uile ghné den tsochaí agus den gheilleagair san áireamh inár gcur chuige agus cabhróimid le rialtais pleanáil a dhéanamh chun déileáil leis an tionchar sin.

Leanfaimid orainn ag obair i dtreo rochtain uilíoch a bhaint amach ar chosc, chóireáil leighis agus cúram VEID/SEIF.

**Tacaíocht a thabhairt d'Fhreagraí Náisiúnta.**
Caithfidh rialtais i dtíortha atá ag forbairt tionchar meántéarmach agus fadtéarmach na ngalar teagmhálach, go mórmhór VEID/SEIF a thógáil san áireamh agus iad ag tabhairt faoi phleanáil eacnamaíoch agus forbartha. Tabharfaimid cúnamh do rialtais inár gclárthíortha chun an phleanáil sin a dhéanamh.

Cuireann galair theagmhálacha brú thar na bearta ar chórais stáit atá an-lag cheana féin. Is é a bheidh mar bhunús againn mar fhreagra inár gclárthíortha ná cabhair a thabhairt chun inniúlacht institiúide a thógáil agus córais náisiúnta a neartú, go mórmhór san earnáil sláinte. Sa chás go bhfuil inniúlacht stáit an-lag, tabharfaimid tacaíocht do chláir choisc, chóireála agus chúraim i bhfeidhm ag eagraíochtaí áitiúla, náisiúnta agus ag an tsochaí shibhialta a thagann le freagraí náisiúnta.

**Ag Tabhairt Tacaíochta do Chomhpháirtíochtaí Domhanda agus Réigiúnacha**
Cuireann comhpháirtíochtaí sláinte domhanda agus réigiúnacha VEID/SEIF na rialtais a thugann cúnamh agus na rialtais a fhaigheann cúnamh, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na NA agus an earnáil phríobháideach le chéile. Cuireann na comhpháirtíochtaí seo deiseanna suntasacha ar fáil do Chúnamh Éireann chun déileáil go héifeachtach agus go suntasach leis an gcomhrac i gcoinne na ngalar teagmhálach.

Déanfaimid ár seacht ndícheall a chinntiú go dtiocfaidh na cur chuigí domhanda maidir le dul i ngleic le galair theagmhálacha le Spriocanna Forbartha an Mílaoise, le tosaíochtaí na tíre, go mbeidh siad cuntasach do chomhpháirtithe agus na luchtanna leasa, agus go rachaidh siad i ngleic le riachtanais na ndaoine is boichte agus is leochailí (mná agus leanaí, go háirithe).

Anuas air sin, déanfaimid iarracht ar thacaíocht a thabhairt d'Institiúidí Taighde in Éirinn chun inniúlacht a fhorbairt in Éirinn chun déiléail le galair theagmhálacha dhomhanda.

Tá Grúpa Comhairle Teicniúil bunaithe againn chun comhairle a thabhairt ar na hacmhainní breise a úsáid chun dul i ngleic le VEID/SEIF agus le galair theagmhálacha eile. Tarraingíonn an grúpa seo ar shaineolas leathan agus ar an taithí atá ar fáil in Éirinn.

**Leanaí**
Tá leanaí, go mórmhór leanaí óga ó theaghlaigh bhochta, an-leochaileach ó thaobh galair theagmhálacha a phiocadh suas i dtíortha atá ag forbairt.

Tá réimse leathan fachtóirí ann a mhéadaíonn na rioscaí do leanaí ó ghalair theagmhálacha, orthu sin tá easpa eangacha muiscíte glan, easpa imdhíonaithe, ganntanas uisce, sláintíocht agus cothú suarach, agus SEIF a thógadh ag leanaí ó na máithreacha ina mbroinn.

*Táimid tiomanta do thacaíoocht a thabhairt do chláir a laghdóidh an riosca galrú agus galair i measc leanaí agus táimid tiomanta do chúram a thabhairt dóibh siúd atá buailte leis.*

Bíonn géarghá ag leanaí le cúram agus cosaint nuair a chailltear a gcuid tuismitheoirí. Is iad na teaghlaigh atá ina bpríomhfhactóir chun timpeallacht chosantach, sheasta a tógáil do leanaí a rinneadh dilleachtaí diobh toisc an SEIF, is cuma an é tuismitheoir aonair, seantuismitheoir nó duine óg atá i gceannas an teaghlaigh sin.

*Táimid tiomanta dár gcláir thacaíochta a théann i ngleic le riachtanais na ndílleachtaí agus na leanaí leochaileacha agus a thacaíonn le teaghlaigh agus le pobail a thugann aire do leanaí a chaill tuismitheoirí a mhéadú. Leagfaimid amach suas le 20% de na hacmhainní breise do SEIF agus do ghalair thógálacha eile chun tacaíocht a thabhairt do leanaí leochaileacha.*

## Is féidir leis an domhan dul i ngleic go ráthúil le galair theagmhálacha

Sa bhliain 1988, rinneadh paralisígh de 350,000 leanbh ar fud an domhain toisc polaimiailítis. Sa bhliain 2003, rinneadh parailísigh de níos lú ná 800 leanbh toisc na polaimialilítise, tá an polaimialíteas le fáil anois i sé thír ar fud na cruinne.

Ó 1988, tugadh imdhíonadh i gcoinne an pholaimiailítis do thuairim is dhá bhilliún leanbh ar fud na cruinne de bhuí an chomhoibrithe ó níos mó ná 200 tír agus fiche milliún saorálaí, le hinfheistíocht idirnáisiúnta de 3 bhilliún dollar.

Meastar go mbeidh gach tír saor ó pholaimiailítis faoin mbliain 2007.




*Lichinga, Mósaimbíc*
Tá 16% de dhaonra fásta Mhósaimbíc VEID-deimhneach. Ó 2003 i leith, trí mheán na páirtíochta le Fondúireacht Clinton, cuireadh comhairleoireacht maidir le VEID ar fáil do bhreis is 250,000 duine agus tá 83 ionad ag tairiscint seirbhísí chun cosc a chur le tarchur an ghalair ó mháthair go leanbh.

# Ocras, Slándáil Bhia agus Forbairt Tuaithe

Tá an ceart céanna ag chuile dhuine beo a bheith saor ó ocras agus rochtain a bheith acu ar bhia atá sábháilte, cothaitheach agus leordhóthánach. Inniu áfach, ní fhaigheann os cionn 800 milliún duine, agus 300 milliún leanbh san áireamh, go leor bia chun saol sláintúil agus gniomhach a chaitheamh.

Féadfar an t-ocras a rangú ina dhá shaghas: géarocras agus ocras ainsealach.

Is gorta nó suímh ina mbíonn daonra ag fulaingt ó ghéarocras is cúis le 8% de dhaonra an domhain a bheith faoi thionchar an ocrais gach uile bhliain. Is ocras é seo a spreagann ábhar nuachta.

Tá móramh na ndaoine ocracha, ag fulaingt ó ocras ainsealach: daoine atá gan a ndóthain bia go leanúnach toisc easpa rochtana ar chainníochtaí agus caighdeáin bhia leordhóthanach. Bíonn sé de thoradh ar ocras ainsealach agus an easpa cothaithe ná go moillítear fás leanaí, téann sé i bhfeidhm ar chumas an duine dianmhacnamh a dhéanamh, téann sé i bhfeidhm ar iompar agus cumas intinne an linbh ar scoil, méadaíonn an baol ar ghalair a thogadh toisc go lagaíonn sé an córas imdhíonachta, agus bíonn éifeachtaí galair áirithe cosúil le VEID/SEIF i bhfad níos measa.

Is í an bhochtaineacht an phríomhchúis le hocras ainsealach agus míchothú. Is é an chéad Sprioc Forbartha Mílaoise ná líon na ndaoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht agus le hocras a laghdú 50%.Tá míshlándáil bhia forleathan ar fud an domhain, ag laghdú an dul chun cinn i dtreo na MDGanna eile go mórmhór san Afraic fho-Shahárach.

Is é an dúshlán is mó atá roimh na tíortha is boichte atá ag forbairt , do dheontóirí agus do ghníomhaireachtaí forbartha atá ag obair leo, ná deimhin a dhéanamh de go bhfuil a muintir agus a gcuid bia slán, trí dheimhin a dheánamh de go bhfuil de chumas acu go leor bia a tháirgeadh d'aiste bia slaintiúil.

## Slándáil Bhia

### Comhthéacs

Aontaíodh ar shainmhíniú ar shlándáil bhia ag an gCruinniú Mullaigh ar Bhia an Domhain: 'Bíonn slándáil bhia ann nuair a bhíonn rochtain ag gach uile dhuine an t-am ar fad ar bhia atá sabháilte, agus cothaitheach a fhreastalóidh ar a riachtanais bhia agus ar a roghanna féin chun saol gníomhach agus sláintiúil a chaitheamh'.

Is féidir le míshlándáil bhia a bheith sealadach, i gcás ganntanas bia i gceantar áitiúil nó d'fhéadfadh an ganntanas a bheith fadálach agus d'fhéadfadh gorta a bheith ann. Is ionann míshlándáil bhia ainsealach agus leochaileacht ard maidir le gorta, laghdaíonn slándáil bhia an leochaileacht sin.

### Freagra na hÉireann

Freagróimid do riachtanais ainsealacha agus do na cúiseanna is bun leis an ocras. Is é ár n-ollaidhm ná, slándáil bhia a chur chun cinn trí réimse idirghabhálacha éagsúla, lena n-áirítear forbairt tuaithe, taighde talmhaíochta agus slite beatha a thógáil. Is é ár bhfócas ar bhoctaineacht an bealach is cuimsithí chun dul i ngleic le bochtaineacht.

#### Slándáil Bhia agus Gorta a Sheachaint

Tá go leor réigiún ar fud na cruinne i mbaol ganntanas bia, go mórmhór Rinn na hAfraice agus An Afraic Theas.Tá na milliún daoine i gcónaí i mbaol ó ghorta toisc bochtaineacht ainsealach go príomha. Ní féidir leis na daoine seo fanacht ar chláir fhorbartha níos fadtéarmaí chun iad a shaoradh ón mbochtaineacht.

Tá móramh na ndaoine ocracha, ag fulaingt ó ocras ainsealach: daoine atá gan a ndóthain bia go leanúnach toisc easpa rochtana ar chainníochtaí agus caighdeáin bhia leordhóthanach.

Táimid tiomanta d'obair go dlúth lenár rialtais chomhpháirtíochta, le gníomhaireachtaí iltaobhacha agus le heagraíochtaí daonnúla chun meicníochtaí éifeachtúla agus tacaí a fhorbairt a chuirfidh stop le tiontú gantannais bhia leanúnacha go gortaí agus oibreoidh siad seo comhtreormhar le cláir forbartha níos fadtéarmaí.

*I gceantair agus i réigiúin ina bhfuil an-bhaol ann go bhfulaingeodh na daoine ó ghanntanas bhia agus ó ghorta, tacóimid le cláir a laghdóidh an baol ar thubaiste, chun éifeachtaí ganntanais bhia leanúnaigh a laghdú agus chun gorta forleathan a chosc agus dul i ngleic ag an am céanna leis na bun-nithe a chúisíonn leochaileacht.*

## Tascfhórsa Ocrais

Tá sé de dhea-theist ar Éirinn go dtéann sí i ngleic le fadhbanna an ocrais, agus le míshlándáil bhia agus slite beatha i dtíortha níos boichte.

Ina oráid chuig na Náisiúin Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005, d'fhógair an Taoiseach go gcuirfí acmhainní nua suntasacha ar fáil trí chlár Chúnamh Éireann d'fhaoiseamh ó ghorta agus chun dul i ngleic leis na bun-nithe a chúisíonn ocras.

*Bunóimid Tascfhórsa Ocrais chun breathnú ar cad is féidir linn a dhéanamh chun dul i ngleic leis na bunfháthanna go dtarlaíonn míshlándáil bhia go mórmhór san Afraic.*

Cuirfidh an Tascfhórsa Ocrais na príomhdhaoine ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, on earnáil NGO, ó institiúidí tríú leibhéal, ón Rialtas agus ón earnáil phríobháideach le chéile. Oibreoidh an Tascfhórsa leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le Ranna Rialtais eile agus iarrfar air tuairisc a thabhairt laistigh de shé mhí ón dáta a bunaíodh é.

## Cosaint Shóisialta

Níl córais leasa shóisialaigh ná teidlíochtaí tacaíochta ag an gcuid is mó de na tíortha is boichte ar domhan mar a bhíonn i mórchuid de na tíortha is forbartha. Toisc nach bhfuil aon chóras ná meicníochtaí do chosaint shóisialta i bhfeidhm, cuirtear líon ollmhór daoine gan aon shlí bheatha acu i mbaol ó thaismí eacnamúla agus ó thubaistí nádúrtha gach uile bhliain.

In am an ghátair déanfaidh daoine agus pobail bhochta pé rud is féidir leo chun coinneáil orthu, díolfaidh siad a sócmhainní luachmhara mar shampla, talamh, beostoc agus gléasra, roghnóidh siad barraí le riosca beag nach bhfuil rótháirgiúil don bhia agus seolfaidh siad a gcuid leanaí chun oibre seachas chun na scoile.

Méadaíonn sé seo an méid a fhulaingíonn na daoine agus méadaíonn sé an ráta báis nuair a bhíonn géarchéim ann agus laghdaíonn sé cumas na ndaoine a thagann tríd a leithéid de rud filleadh ar ghníomhaíocht tháirgiúil arís nuair a thagann deireadh leis an ngéarchéim.

Is éard atá sna cláir um chosaint shóisialta ná, idirghabhálacha poiblí chun cabhrú le daoine aonair, le teaghlaigh agus le pobail chun a leochaileacht féin agus an baol a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Seo roinnt samplaí de na cláir sin: cláir árachais shóisialta, agus líontán sábhála agus pinsin, chun na rioscaí a bhaineann le dífhostaíocht, easláinte, míchumas, gortú ón obair agus seanaois a laghdú. Cuireann córais leasa shóisialaigh líontán sábhála ar fáil do phobail atá ag iarraidh imeacht ó shlite beatha neamh-inmharthana.

*Aithneoimid bealaí nua, nuálaíocha chun leochaileacht a laghdú agus cuirfimid cosaint shóisialta ar fáil agus tógfaimid inniúlacht tháirgiúil.*

## Cosaint Shóisialta: Clár Líontán Sábhála na hAetóipe

Gach uile bhliain bíonn bagairt ghorta forleathan san Aetóip. I rith na bliana 2002/2003 bhí os cionn 14 milliún duine ag lorg faoisimh éigeandála (e.g.,21% den daonra uile). Cé gur bliain eisceachtúil a bhí ann sa bhliain 2002/03, bíonn cúnamh éigeandála ag teastáil ón Aetóip gach uile bhliain.

Le deich mbliana anuas níor laghdaigh líon na ndaoine a bhí ag lorg cúnaimh faoi bhun cúig mhilliún riamh. Tá míshlándáil bhia ainsealach i bhfeidhm ann.

Ní chuireann an cúnamh éigeandála a thugtar gach uile bhliain stop le bochtaineacht. Ní chabhraíonn sé le teaghlaigh a gcuid sócmhainní a thógáil arís chun cabhrú leo filleadh ar an táirgiúlacht arís.

Tá an grúpa daoine leochaileacha seo ag fás i gcónaí san Aetóip toisc go bhfuil an pobal ag fás, toisc go bhfuil níos lú agus níos lú talún i seilbh daoine aonair agus i seilbh an phobail, toisc go bhfuiltear ag brath ar thalmhaíocht atá ag brath ar an mbáisteach agus toisc go bhfuil easpa deiseanna ann chun sócmhainní a thógáil.

Ba í an ghéarchéim sa bhliain 2003 a spreag an ghluaiseacht ó fhreastal a dhéanamh ar riachtanais de bharr míshlándáil ainsealach bhia le faoiseamh éigeandála agus freastal ar riachtanais trí chóras cosanta sóisialta ina ionad sin: An Clár um Líontáin Sábhála Náisiúnta.

Seasann an clár seo do fhreagairt straitéiseach agus pleanáilte ag Rialtas na hAetóipe agus an pobal idirnáisiúnta ar na triomaigh, gortaí agus ar an míshlándáil ainsealach bhia a tharlaíonn arís agus arís eile leis na blianta fada san Aetóip.

I láthair na huaire cuireann an clár airgead nó bia ar fáil d'obair a dhéanann seacht milliún de na daoine is boichte san Aetóip. Is ciste iontaobhais faoi mhaoirseacht Clár Fhorbartha na Náisiún Aontaithe a riarann é agus tacaíonn réimse deontóirí idirnáisiúnta leis.

Meastar go mbeadh idir 5 agus 7 milliún duine in aghaidh na bliana ag fulaingt ón ocras san Aetóip gach uile bhliain gan an clár líontáin shábhála. Cuireann an tionscnamh le tionscadail uiscithe agus le tógáil agus le cothabháil bhóithre tuaithe, scoileanna agus infrastruchtúr poiblí eile.

Chuir Éire €5 mhilliún ar fáil don chiste sa bhliain 2005 agus leanfaidh sí ar aghaidh ag tacú leis an gclár.

# Forbairt Tuaithe agus Talmhaíocht

## Comhthéacs

Maireann trí cheathrú de na daoine is boichte i gceantair thuaithe agus braitheann a slite beatha ar an talmhaíocht. Is é an talmhaíocht atá i réim i ngeilleagar na hAfraice, agus tá 70% d'fhórsa oibre na mór-roinne ag obair ann agus is ionann an talmhaíocht agus 40% d'onnmhairí na tíre. Is é an talmhaíocht an ghníomhaíocht is mó san earnáil phríobháideach san Afraic.

Tá na treochtaí reatha i bhfeidhmiúlacht na talmhaíochta san Afraic fho-Shahárach an-bhocht. Idir na blianta 1980 agus 2001, tháinig laghdú 5% ar tháirgeacht talmhaíochta sa réigiún agus mhéadaigh an daonra san am céanna. Bhí sé de thoradh air sin gur tháing méadú 50% ar líon na ndaoine a bhfuil ocras ainsealach orthu.

Tá tionchar nach beag ag titim ar phraghsanna tráchtearraí, pleanáil lag, infheistíocht íseal ó rialtais agus ó dheontóirí , easpa teicneolaíochta agus oiliúna, deacrachtaí maidir le húinéireacht talún agus tionacht, chomh maith le bagairtí nua cosúil le athrú aeráide, díghrádú na timpeallachta agus VEID/ SEIF ar fheidhmiúlacht na hAfraice ó thaobh na talmhaíochta de.

Is é úinéireacht talún agus tionacht ceann de na saincheisteanna struchtúrtha is tábhachtaí agus is achrannaí atá roimh thíortha atá ag forbairt san Afraic fho-Shahárach. Is í an fheirmeoireacht an bunbhealach atá ann chun slí bheatha a dhéanamh amach agus is é an talamh an modh is coitianta a úsáidtear chun saibhreas a bhailiú agus chun saibhreas a sheoladh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Tá ceist na maoine agus na talún mar aon leis an ngaol idir chearta agus dlíthe a bhaineann leis an duine agus na cearta agus na dlíthe a bhaineann leis an bpobal lárnach i gcultúr an iomaí tír atá ag forbairt. Faoi láthair i bhformhór na dtíortha atá ag forbairt agus san Afraic fho-Shahárach is beag úinéirí talún baineann atá ann cé gurb iad na mná a tháirgeann suas le 60% - 80% de bhia na Mór-Roinne. Tá an scéal seo tar éis éirí i bhfad níos measa le blianta beaga anuas i gcomhthéacs an VEID/SEIF toisc go bhfuil baintreacha anois chun tionacht a dtithe a chailleadh toisc a bhfear céile a bheith caillte.

Is féidir le leithdháileadh cúramach, cothrom, dea-bhainistithe cur le cur chuige leathan i gceantair atá ag forbairt faoin tuath agus is féidir leis cur le táirgeadh talmhaíochta na hAfraice chomh maith. Is iad rialtais na hAfraice amháin arb fhéidir leo é seo a chur chun cinn agus is féidir le deontóirí cúnamh a thabhairt agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí ar athdháileadh a bhaint amach.

## Freagra na hÉireann

Is é an talmhaíocht an ghníomhaíocht is mó san earnáil phríobháideach san Afraic. Is é cumasú agus cabhrú le fás geilleagrach atá ar son na mbochtán trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tuaithe agus do thalmhaíocht atá i gcroílár na coimhlinte is gcoinne na bochtaineachta sna tíortha is boichte, go mórmhór san Afraic.

### Forbairt Tuaithe agus Talmhaíocht

Caithfidh an tacaíocht d'fhorbairt agus do thalmhaíocht a bheith comhtháite agus inmharthana.

> *Tabharfaimid tacaíocht do bhearta chun feabhas a chur ar tháirgeacht agus ar éifeachtúlacht thalmhaíocht na hAfraice trí mhaoiniú breise d'infrastruchtúr tuaithe, do bhainistiocht uisce agus do thionsnaimh bhainistíochta imharthana talún.*

Tá cosaint na timpeallachta i gcroílár aon fhorbairt inmharthana tuaithe. Tá an rialtas tiomanta d'fhorbairt inmharthana tuaithe a chothromaíonn feabhsuithe i

dtáirgeacht talmhaíochta le cothrom sóisialta agus le hinmharthanacht timpeallachta fadtéarmach.

Cuirfidh margaí idirnáisiúnta deiseanna easpórtála ar fáil do tháirgí feirme na hAfraice, Cé go bhfuil go leor le déanamh go háitiúil agus go réigiúnach chun cabhrú leis na tíortha is lú forbartha (LDCanna) dul san iomaíocht ar bhonn domhanda, leanfaimid orainn ag labhairt ar son rochtain atá go hiomlán saor ó chuótaí agus ó dhleachtanna ar mhargaí na dtíortha forbartha agus ar son bearta chun cúiteamh a thabhairt i gcoinne ídiú roghnach do LDCanna ag an WTO. Má táthar chun earraí talmhaíochta a thrádáil go hidirnáisiúnta, beidh cúnamh ag teastáil ó tháirgeoirí chun na caighdeáin atá ag síorardú a bhaint amach.

## Seirbhísí Taighde agus Síneadh Talmhaíochta

Beidh ról thar na bearta ag taighde cuí chun feidhmiúlacht agus inmharthanacht na talmhaíochta i gcuid de na tíortha is boichte a fheabhsú, áit ina mbíonn cuid mhaith acu ag brath ar thalmhaíocht ar scála beag chun maireachtála. Is éard atá i gceist le 'Seirbhísí Síntí' ná úsáid phraiticiúil a bhaint as taighde ar mhodhanna feirmeoireachta.

Tá Éire ag tacú le taighde talmhaíochta ar son na mbochtán chun cabhrú le tíortha atá ag forbairt, mar shampla tríd an nGrúpa Comhchomhairleach um Thaighde Talmhaíochta Idirnáisiúnta. Méadóimid an maoiniú sin, go háirithe an maoiniú atá dírithe ar bharraí a mhéadú trí fheabhsuithe inbhuanaithe. Beidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag déanamh níos mó mar chuid den chur chuige níos comhtháite, chun taighde talmhaíochta a chur chun cinn i gcomhar le réimse ionad taighde domhanda, reigiúnach agus Éireannach.

*Táimid tiomanta do chúnamh mhéadaithe a chur ar fáil d'fhorbairt tuaithe agus do thalmhaíocht, agus taighde talmhaíochta agus seirbhísí síntí san áireamh trí chomhpháirtíochtaí éifeachtach.*



*Tréadaí Bó i ndroim draenála in Tigray, An Aetóip Thuaidh*
Toisc go raibh an talamh ag meath agus ag éirí tur le himeacht ama sa réigiún seo chuir Cúnamh Éireann tionscadal athnuachana ar bun chun athfhoraoisiú a dhéanamh ar na cnoic agus micrea-dhambaí a thógáil le go mbeadh an talamh torthúil arís – agus ar an gcaoi sin slí mhaireachtála an phobail áitiúil a chothú.

## Úinéireacht Talún agus Tionacht

Is saincheist chasta í úinéireacht talún agus tionacht. Cuireann sé dúshláin éagsúla chun cinn i dtíortha éagsúla agus is féidir leis a bheith deacair dul chun cinn a bhaint amach. Ach d'fhéadfadh na buntáistí inbhuanaithe do na bochtáin faoin tuath agus don eacnamíocht uile bheith an-suntasach.

Toisc gur deontóir sinn is féidir linn labhairt amach ar son na mbuntáistí a bhaineann le athdháileadh talún agus is féidir linn tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí iltaobhacha chun dul i ngleic leis an tsaincheist bhunúsach seo.

*Tábharfaimid tacaíocht do chláir um athdháileadh iltaobhach, náisiúnta cothrom talún, agus nuair is cuí labhróimid amach ar son na mbuntáistí fadtéarmacha inár gclárthíortha.*

# Síocháin, Slándáil agus Forbairt

Is dúshlán an-mhór don fhorbairt í coimhlint armtha. Le dhá scór bliain anuas tá taithí faighte ag níos mó ná aon trian de thíortha na hAfraice ar choimhlint. Tá costas ollmhór ag baint leis seo i dtéarmaí na ndaoine a maraíodh, agus i dtéarmaí scrios sóisialta agus eacnamaíoch a rinneadh. Loiteann coimhlint slite beatha, infrastruchtúr, agus atreoraíonn sé acmhainní agus cúlchistí luachmhara agus cuirtear siar aon dul chun cinn a rinneadh ó thaobh na forbartha de.

Tá slándáil agus buanseasmhacht riachtanach d'fhorbairt agus tá forbairt riachtanach don tslándáil agus don bhuanseasmhacht. Is féidir le bochtaineacht agus tearcfhorbairt a bheith ina chúis coimhlinte chomh maith le bheith ina iarmhairt ar choimhlint.

Le blianta beaga anuas, tá aitheantas tugtha ag an bpobal idirnáisiúnta don ghaol idir slándáil agus forbairt. Caithfear an ghaolmhaireacht idir an dá réimse seo a chur san áireamh má táimid chun a bheith eifeachtúil ó thaobh forbairt agus slándáil a chur chun cinn.

Tá an choimhlint an-réadúil i nuastair go leor tíortha ina bhfuilimid ag obair, Uganda, Siarra Leon, Tíomór Leste agus Mósaimbíc. Is cuid thábhachtach d'obair Chúnamh Éireann é déileáil le tionchar na coimhlinte, le atógáil iar-choimhlinte agus le hiarrachtaí chun síocháin fhadtéarmach a bhaint amach.

Tugaimid tacaíocht do ghníomhaíochtaí a chuireann le tógáil na síochána agus le coimhlint a chosc. Is féidir breathnú ar an gcuid is mó den obair a dhéanann Cúnamh Éireann mar iarracht le bunchúiseanna na coimhlinte a laghdú nó a bhaint amach go hiomlán. Ba cheart go laghdófaí líon na gcoimhlintí trí site beatha, cúramshláinte, oideachas agus institiúidí daonlathacha a neartú.

## Iltaobhachas Éifeachtach

Caithfear ár gcuid oibre san earnáil forbartha a chur ar an leibhéal céanna le gníomhaíocht pholaitiúil agus taidhleoireachta san Aontas Eorpach agus sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim eile iltaobhacha.

Is é olltiomantas na hÉireann don iltaobhachas atá ina bhunchloch ag ár gcuid iarrachtaí i ndáil le coimhlint a chosc agus a réiteach. Tá aitheantas ann go n-éilíonn slándáil dhomhanda comhghníomhaíocht ón bpobal idirnáisiúnta uile, agus na Náisiúin Aontaithe ina lár. Is tosaíocht d'Éire é na Náisiúin Aontaithe a neartú agus é a fheistiú chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus chun gníomhú go héifeachtúil d'Éire agus don Aontas Eorpach. Thug Cruinniú Mullaigh Athbhreithnithe na Náisiún Aontaithe 2005, aitheantas agus tacaíocht don chomhoibriú idir an AE agus an NA maidir le héigeandálaí a bhainistiú agus maidir leis an tsíocháin a choimeád.

Tá torthaí bainte amach ag ár gcur chuige iltaobhach. Éire a bhí i bhfeighil bhunú Áis Síochána na hAfraice, i rith thréimhse uachtaránachta na tíre seo ar an Aontas Eorpach. Tugann an Áis Síochána, arna mhaoiniú ag an AE tacaíocht d'oibríochtaí síochána Afracacha ar an mór-roinn. Bunaíodh é ar iarratas ón African Union, agus is céim mhór chun tosaigh é i dtreo réitigh Afracacha ar fhadhbanna slándála na hAfraice. Is aitheantas é go bhfuil maoiniú, tacaíocht agus forbairt ag teastáil ó inniúlacht na hAfraice sa réimse seo.

Níos minice anois údaraíonn na Náisiúin Aontaithe eagraíochtaí réigiúnacha, cosúil leis an African Union (AU) chun tabhairt faoi oibríochtaí tacaíochta síochána ar a son. Ligeann na hinniúlachtaí um bainistíocht shibhialta agus mhíleata atá á fhorbairt faoin mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta (ESDP) don AE freagra a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar bhonn iomlánaíoch ar fud na cruinne. Is gá don AU agus do na heagraíochtaí fo-réigiúnacha Afracacha príomhról a ghlacadh i gcoimhlint a chosc, a bhainistiú agus a réiteach san Afraic. Tabharfaimid tacaíocht d'obair na heagraíochtaí seo, cosúil leis an tacaíocht airgeadais do Mhisean Aontais na hAfraice sa tSúdáin agus cabhróimid leis na hinstitiúidí a n-inniúlacht féin a fhorbairt.

Filleann suas le leath de na tíortha a thagann amach as coimhlint ar an bhforéigean laistigh de chúig bliana.
– Kofi Annan

## Oibríochtaí Tacúla Síochána

Uaireanta d'fheadfadh go mbeadh gá le hidirbheartaíocht mhíleata, ag teacht le dlí idirnáisiúnta chun síocháin leochaileach a chaomhnú. *Leanfaidh Éire ar aghaidh ag glacadh páirte in oibríochtaí tacúla síochána atá formheasta ag na NA ar fud na cruinne,* ag leanúint ar aghaidh le traidisiún fada agus bródúil a thosaigh nuair a ghlacamar páirt don chéad uair ina leithéid de mhisean sa bhliain 1958. Tá Éire ag obair faoi láthair in oibríochtaí tacúla síochána formheasta ag an AE, ar na tíortha atá i gceist tá An Libéir, An Chosaiv, An Bhosnia - Heirseagaivéin, atá ag cabhrú le seasmhacht a sholáthar ionas gur féidir leis an atógáil iar-choimhlinte dul chun cinn.

Is minic a thugann oifigigh shíochána na hÉireann faoi thionscadail a chabhróidh go díreach leis na pobail ina mbíonn siad ag obair. Nuair is cuí cuirfimid tacaíocht airgid ar fáil do na gníomhaíochtaí seo.

## Bainistíocht Éigeandála Sibhialtaigh

Tá oibríochtaí tacúla sibhialtaigh ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí i sochaí ina bhfuil coimhlint tar éis an infrastruchtúr bunúsach a loit; sé sin an póilíní, an córas ceartais, an státseirbhís agus an riaracháin áitiúil. Tá an-taithí ag Éire ar oibríochtaí tacúla sibhialtaigh agus leanfar ar aghaidh le cur chuige iomlanaíoch bunaithe ar riachtanais a ghlacadh i leith tacaíocht a thabhairt do shíocháin.

## Cúnamh a thabhairt i suímh choimhlínte

I suímh choimhlinte, tá comhoibriú éifeachtach forbartha an-deacair. Tá sé deacair nó beagnach do-dhéanta cúnamh a thabhairt nuair a bhíonn na córais stáit as feidhm nó ag feidhmiú ar leibhéal atá ró-lag. Tá sé dúshlánach cúnamh daonnúil a sheachadadh nuair atá coimhlint ar siúl. I measc na n-eagraíochtaí daonnúla, tá Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge i stád sainiúil chun gníomhú i suímh choimhlinte agus beidh sé ina phríomh-chomhpháirtí ag Éirinn.

## An tSíocháin a Dhaingniú

Titeann suas le leath de na tíortha a thagann amach as coimhlint ar ais ar an bhforéigean laistigh de chúig bliana. Tá iarrachtaí leanúnacha ag teastáil chun síocháin fhadsaolach a chinntiú. Caithfear a bheith cuimsitheach ó taobh dul i ngleic le saincheisteanna cosúil le forlámhas an dlí, athchóiriú na hearnála slándála, iar-chomhraiceoirí agus leanbhshaighdiúrí a dhí–armáil agus cabhrú leo filleadh ar ais ar an tsochaí, mianaigh a ghlanadh amach as áit agus cabhair a thabhairt do dhaoine asáitithe. Tá sé riachtanach fíordheiseanna eacnamíochta ar féidir leo slite beatha inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine a chruthú.

Bunaíodh an Coimisiún um Thógáil na Síochána ag deireadh na bliana 2005. Beidh ról suntasach ag an gCoimisiún um Thógáil na Síochána i mbunús a leagadh síos d'fhorbairt inbhuanaithe i sochaí iar-choimhlinte. Tá tacaíocht airgid tiomanta ag Éire chun tacú lena gcuid oibríochtaí cheana féin.

## Réimsí Nua i gComhoibriú Forbartha

Tá cleachtas idirnáisiúnta ag éabhlódú mar aitheantas ar na dúshláin seo. Tá réimse nua caiteachais curtha leis an sainmhiniú a aontaíodh air faoi cad is cúnamh forbartha oifigiúil ann ag Coiste um Chúnamh Forbartha an OECD.

Ina measc tá bearta sna hearnálocha a bhaineann le cosc a chur le leanbhshaighdiúrí a earcú, gníomhaíochtaí sibhialta chun síocháin a thógáil, cosc a chur le coimhlintí agus coimhlintí a réiteach agus a smachtú, an líon arm beag a laghdú agus scaipeadh na n-arm a stopadh. Tá cinneadh an OECD tar éis deiseanna do réimsí nua oibre i dtíortha ag teacht as coimhlint a oscailt d'Éirinn agus do deontóirí eile.

## Coimhlint a chosc agus a réiteach - Ról d'Éirinn

Tá Éire i staid mhaith chun ról níos gníomhaí a ghlacadh i gcoimhlint idirnáisiúnta a stopadh agus a réiteach. Tá dea-thoil idirnáisiúnta ar fud an domhain atá fós ag forbairt tuillte againn toisc ár stair féin, agus na suímh a ghlacamar go traidisiúnta maidir le díchoilíniú, dí-armáil agus an Meánoirthear. Tá ár seasamh méadaithe toisc an ghairmiúlacht a léiríomar i rith Uachtaránacht an AE agus ar Chomhairle Shlándála na NA. Tá ár seasamh feabhsaithe freisin toisc an ráthúlacht eacnamaíochta a bhaineamar amach agus toisc ár ról i gcoinneáil na síochána agus toisc ár dtiomantas daingean go mbainfaimid amach an sprioc 0.7%.

Tá eilimint an-sainiúil curtha isteach sa mheascán is é sin ár bpróiseas síochána féin. Cé go raibh cáil idirnáisiúnta orainn tráth toisc coimhlinte tá cáil orainn anois toisc nach bhfuil sé sin i gceist níos mó.

Is eilimint dhearfach eile é an méadú ar ár mbuiséad cúnaimh, ciallaíonn sé sin go bhfuil an cumas airgeadais againn leibhéal gníomhaíochta níos mó a mhaoiniú san earnáil seo nuair atá na naisc idir slándáil, coimhlintí a réiteach agus forbairt i bhfad níos soiléire agus níos inghlactha ná riamh.

Tá dlúthbhaint againn anois le réigiúin shuntasacha na hAfraice fo-Sharáraí go háirithe agus tá an ghaolmhaireacht sin ag forbairt i gcónaí. Toisc go bhfuil clár cúnaimh againn ann atá ag síormheadú, agus ag dul i bhfeidhm ar an áit, meastar gurb í seo an áit is dóichí a bheimid bainteach léi cé nár cheart dúinn áiteanna eile a choinneáil as an áireamh.

Táimid tiomanta do ról níos mó a imirt nuair is cuí agus nuair is féidir é, chun próisis síochána a éascú agus chun cabhrú leo agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do thíortha chomh maith.

Dá réir sin, beartaíodh go mbunófaí Aonad faoi leith chun Anailís a dhéanamh ar Choimhlint agus a réiteach sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Beidh sé de fhreagracht ar an aonad ar dtús

- tuairisc a thabhairt agus iniúchadh a dhéanamh ar choimhlíntí áirithe;
- ceachtanna agus anailís a bhaint as próisis réitigh síochána in áiteanna eile;
- a bheith ar an eolas faoi thaighde ábhartha;
- naisc a fhorbairt, tríd ár Misean Buan chuig na Náisiúin Aontaithe leis an gCoimisiún um Thógáil na Síochána de chuid na NA;
- eolas údarásach a sholáthar faoi phróiseas na Síochána in Éirinn do dhaoine eile;
- obair a dhéanamh le hinstitiúidí acadúla, le heagraíochtaí ón tsochaí shibhailta agus le comhpháirtithe ionchasacha eile, le cinntiú go dtarraingeofar as taithí agus saineolas na hÉireann agus go bhforbrófar é chomh maith.

Cabhróidh an t-aonad leis an Rialtas ról níos gníomhaí a ghlacadh, nuair is cuí agus nuair is féidir é, i suímh shonracha choimhlinte agus iarchoimhlinte.

Beidh an tAonad bunaithe i Rannán Polaitiúil sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, ag obair go dlúth le Cúnamh Éireann. Bainfidh sé leas chomh maith as Rannán Angla-Éireannach na Roinne.

Déanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha iarracht pearsanra eile Éireannacha a fháil ar iasacht chuig poist ábhartha san AE, sa NA, OSCE agus in eagraíochtaí eile.

# Cearta Daonna agus Forbairt

Tá cearta daonna uilíoch agus ní féidir iad a scoilt. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfear i bhfeidhm Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus na hionstraimí idirnáisiúnta eile um chearta daonna d'fhonn nádúr uilíoch na gcearta a leagadh síos iad a bheith i bhfeidhm sa saol. Cé go bhfuil díospóireacht ann faoin gceart chun forbartha, ní mór cearta daonna a bheith ann don fhorbairt, idir fhorbairt shibialta, chultúrtha, eacnamaiochta, pholaitiúil agus shóisialta. Ar an dul sin, tá forbairt riachtanach ionas gur féidir le daoine leas a bhaint as an cearta sin.

*Ba chóir go gcuirfeadh cláir Chúnamh Éireann na cearta sin chun cinn.*

Tá sé de dhualgas ar gach uile stát cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn. Tá feidhm le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus le hionstraimí eile sna tíortha a thugann cúnamh agus sna tíortha a fhaigheann cúnamh. Faoi na hoibleagáidí idirnáisiúnta seo, tá rialtais freagrach go príomha as na cuinsí a chruthú inar féidir na cearta sin a bhaint amach agus as deimhin a dhéanamh de nach sáraítear na cearta sin.

Níl áit ar bith ar domhan saor ó sháraithe cearta daonna. Tá an baol níos airde áfach, in áiteanna ina bhfuil na córais pholaitiúla, eacnamaíochta agus riaracháin lag. Tá ár gcúnamh ag cabhrú chun na córais sin a neartú agus tagann sé le hiarrachtaí na hÉireann chun uafáis i leith cearta daonna a chosc agus chun pionóis a ghearradh tríd an chórais idirnáisiúnta ceartais choiriúil agus go háirithe an Chúirt Idirnáisiúnta Choiriúil. Agus é sin á dhéanamh againn táimid ag obair chun cearta daonna a chothú agus a chosaint.


Is ionann caiteachas ar fhorbairt agus caiteachas ar chearta daonna. Trí rochtain a chur ar fáil ar oideachas, mar sheirbhísí sláinte, ar uisce glan, ar thithíocht, agus ar rialtas níos fearr, tá Cúnamh Éireann ag cabhrú leis na daoine is imeallaí i gcuid de na sochaithe is imeallaí ar dhroim an domhain, chun a gcearta a bhaint amach gach lá. Tá ar gcúnamh ag cur beocht, ar bhonn praiticiúil, i dteanga na gcearta.

Tacaímid chomh maith le gníomhaíochtaí deartha go sonrach chun cearta daonna a chur chun cinn, córais rialtais agus institiúidí cearta daonna intíre a neartú, go háirithe trí oiliúint dlí. Tugaimid tacaíocht d'iarrachtaí san earnáil seo ar fud na hAfraice, agus Comhpháirtíocht Nua d'Fhorbairt Afracach (NEPAD).

*Tá tacaíocht shuntasach airgid tugtha againn d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta Daonna ó bunaíodh é. Leanfaidh Éire ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht láidir, agus tacaíocht airgid san áireamh, do mheicníocht chearta daonna na Náisiún Aontaithe.*

I mí Mheán Fómhair 2005 ag Cruinniú Mullaigh Athbhreithnithe na Mílaoise, rinne baill na NA tiomantas go gcuirfí Comhairle um Chearta Daonna in áit an Choimisiúin um Chearta Daonna agus an 15 Márta 2006, ghlac an Tionól Ginearálta leis an rún Comhairle a bhunú. Oibreoidh Éire in éineacht lenár gcomhpháirtithe san AE, chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh an comhlacht nua creat ar fáil chun cearta daonna a chothú agus a chur chun cinn.

Tá sé riachtanach go mbeadh lucht sáraithe cearta daonna ar an eolas go ngearrfar pionós.




*Is clártír í Uganda ó 1994 i leith, agus tacaíonn* Cúnamh Éireann le raon tionscadal cearta daonna agus tionscadail chun rialú níos fearr a chothú sa tír – ina measc Stiúrthóireacht Eitice agus Ionracais agus oifig Chigireacht an Rialtais.

Tarlaíonn cuid mhaith de na sáruithe is measa i gcomhthéacsanna ina bhfuil coimhlint fhoréigneach agus coimhlint shibhialta i gceist. Tá sé riachtanach go mbeadh lucht sáraithe cearta daonna ar an eolas go ngearrfar pionós. Tugaimid tacaíocht don Chúirt Speisialta de chuid na NA, i Sierra Leone, (tír í atá ag teacht as coimhlint) a bhfuil de shainordú uirthi iad siúd is mó atá freagrach as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí i Sierra Leone i rith cath sibhialta na tíre sin a chur ar triail. Leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíochta don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus molfaimid do stáit eile an rud céanna a dhéanamh.

## Sochaí Shibhialta

Cé go bhfuil an fhreagracht bhunúsach ar rialtais as cearta daonna a muintir féin a chosaint, tá ról nach beag le glacadh ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna), lena n-airítear oideachas poiblí, feasacht a ardú, agus i gcásanna áirithe gníomhartha an rialtais a thaifead agus cúiteamh a fháil ar mhí-úsáid. Leanfar ar aghaidh leis na comhpháirtíochtaí láidre leis na NGOanna agus le grúpaí eile a bhaineann leis an tsochaí shibhialta chun cearta daonna a chosaint agus chun daonlathas a chothú. Beidh sé d'aidhm ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ról a fhorbairt chun oiliúint dlí a thabhairt d'oifigigh ó thíortha atá ag forbairt.

Tá sé riachtanach guthanna daoine aonair, pobail agus an tsochaí shibhialta go ginearálta a neartú chun a gcearta agus a riachtanais féin a chur in iúl.

### Cosantóirí Cearta Daonna

Tá ról ceannaireachta glactha ag an Rialtas maidir leis an ról faoi leith atá ag cosantóirí cearta daonna. Sa bhliain 2004, nuair a bhí Uachtaránacht an AE againn, bhaineamar aontú amach maidir leis na chéad treoirlínte faoi Chosantóirí Cearta Daonna, chun ról an AE a mhéadú maidir le cosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá chun tosaigh sna hiarrachtaí ar chearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn. Leanann Éire ar aghaidh ag ardú cáis chosantóirí cearta daonna aonair ag an leibhéal iltaobhach agus go díreach leis na tíortha i gceist.

*Tabharfaimid tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais d'obair chosanteoirí cearta daonna.*

## Deacrachtaí a thagann aníos

Beidh cothú cearta daonna go díreach agus go hindíreach ina chuid lárnach don chlár cúnaimh i gcónaí. Ó am go ham tagann ócáidí aníos nuair is gá dúinn machnamh a dhéanamh faoi conas is ceart dúinn freagra a thabhairt maidir le rialtais atá i gcomhpháirt linn nach gcoinníonn le luachanna agus le noirm chearta daonna. Déanfaimid cumarsáid shoiléir, láidir a dhéanamh, le rialtais i ndáil lena leithéid de theipeanna bunaithe ar an múnla comhpháirtíochta atá faoi bhun inár gcláir fhorbartha uile. Oibreoimid go dlúth le Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh agus leis an bpobal idirnáisiúnta chun na hathruithe agus na feabhsuithe cuí a lorg. Feabhsaíonn comhoibriú den chineál sin ár neart agus neartaíonn sé ár suíomh féin. Sa chás go mbeadh dul chun cinn dodhéanta, laghdóimid nó cuirfimid ár gcúnamh go háit éigin eile munar féidir dul chun cinn a dhéanamh.

Tá Cúnamh Éireann ag seachadadh cúnaimh i gcuid de na timpeallachtaí oibriúcháin is deacra ar domhan. Aithnímid go dtiocfar trasna ar fhadhbanna. Le bheith éifeachtach, is gá go mbeadh ár gcúnamh iontaobhach agus intuartha agus ní bhogfaimid i dtreo ár leibhéal cúnaimh a laghdú gan cúis mhaith. I measc na gclár atá againn tá na cinn seo a leanas, scoileanna a thógáil, múinteoirí a oiliúint, an curaclam a fheabhsú agus ábhair riachtanacha foghlama a chur ar fáil. Caithfimid smaoineamh an-chúramach a dhéanamh sula nglacfar le cinneadh a d'fhéadfadh cur isteach diúltach a bheith aige ar oideachas nó ar shláinte na ndaoine is mó a bhfuil gá acu leis. Tá sé tábhachtach gan pionós a ghearradh ar na daoine a bhfuilimid ag iarraidh cabhrú leo – na daoine is boichte agus na daoine is leochailí trí bhrú a chur orthu ualach an fhreagra ar ghníomhaíochtaí a rialtais a iompair.

### Foréigean Inscne-bhunaithe

Is éard atá i gceist le comhionannas inscne a chur chun cinn ná cabhrú leis na mná a gcearta daonna a bhaint amach. Tá na cearta seo sonraithe sa Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta cearta daonna eile. Níl aon díolúine bailí ó na prionsabail bhunúsacha sna hionstraimí sin bunaithe ar nithe náisiúnta, cultúrtha ná creidimh.

In éineacht le Amnesty International agus le roinnt NGOanna um Fhorbairt agus Chearta Daonna na hÉireann, ghlac an Rialtas comhthionscnamh chun aird a tharraingt ar fhoréigean inscne-bhunaithe agus chun oibriú i dtreo freagra níos córasaí go hidirnáisiúnta.

Is éard atá i bhforéigean bunaithe ar inscne ná foréigean gnéasach, gáinneáil ghnéasach, milleadh ginitiúil na mban agus striapachas fórsáilte. Cé nach mbaineann a leithéid d'fhoréigean le suímh choimhlinte amháin, is sna coimhlintí is mó a bhíonn sé forleathan agus tá na staitisticí uafásach: meastar gur eagnaíodh suas le 75% de na mná sa Libéir i rith na coimhlinte.

Glacadh an chéad chéim riachtanach chun próifíl an fhoréigin inscne-bhunaithe a ardú mar shaincheist thábhachtach ann féin. Ag tógáil air seo, *leanfaimid orainn ag labhairt amach go hidirnáisiúnta ar son níos mó acmhainní a chur ar fáil chun foréigean inscne-bhunaithe a chosc.*

# Inscne agus Forbairt

*Cothóimid comhionannas ar fud an chláir.*

Is é atá i gceist le dul i ngleic le neamhchomhionannas inscne ná an ceart bunúsach ar chomhionannas a chur i bhfeidhm. Tá sé seo riachtanach chomh maith chun bochtaineacht a laghdú.

Le fiche bliain anuas, rinneadh dul chun cinn áirithe ar chomhionannas inscne le níos mó ban sa pholaitíocht agus sa saol poiblí, agus le rochtain níos fearr ar oideachas agus fostaíocht. Tá guth níos láidre ag mná, tá siad níos eagraithe agus níos feasaí faoina gcearta daonna.

Is dúshlán lárnach é comhionannas inscne. Is iad na mná a iompaíonn ualach dofhulaingthe cúraim do dhaoine atá ag maireachtáil le VEID/SEIF. Tá mná ag fulaingt ó éigniú agus ó fhoréigean níos minice anois. Tá téarmaí agus coinníollacha a gcuid oibre an-dainséarach go minic. Is ionann mná agus dhá thrian de bhochtáin an domhain. I dtíortha atá ag forbairt, tá mná tuaithe freagrach as 60-80% de tháirgíocht an bhia, ach tá smacht an-srianta acu ar thalamh agus ar shócmhainní eile.

Is gá go mbeadh comhionannas inscne i gcroílár na n-iarrachtaí chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Cé go bhfuil tiomantas sonrach ag an bpobal idirnáisiúnta faoi Sprioc 3 de Spriocanna Forbartha na Mílaoise, chun 'comhionannas inscne a chothú agus mná a chumhachtú', téann an cheist i bhfeidhm ar gach ceann de na hocht sprioc.

Tá réimse tiomantais idirnáisiúnta faoi bhun tiomantas na hÉireann maidir le comhionannas inscne, lena n-áirítear an Coinbhinsiún ar gach Cineál Idirdhealaithe i gCoinne na mBan a Dhíbirt (glactha ag Éire sa bhliain 1985) agus an tArdán um Ghníomhaíocht a aontaíodh ag an gCeathrú Comhdháil Domhanda faoi Mhná ag na NA sa bhliain 1995.

Táimid ag tiontú na tiomantais seo go gníomhaíochtaí trí obair Chunamh Éireann.

Déanaimid é seo trí ghníomhaíochtaí sonracha a ghlacadh chun suíomh agus stádas na mban a fheabhasú. Méadóimid an maoiniú a thugaimid d'eagraíochtaí do mhná le cinntiú go bhfanfaidh riachtanais agus suimeanna na mban ar an gclár forbartha agus ar an gclár cearta daonna. I dteannta le comhpháirtithe, cothóimid inchumhachtú eacnamúil na mban, cinnteoimid go mbeidh rochtain níos fearr ar oideachas ar ardchaighdeán ag buachaillí agus ag cailíní araon agus tabharfaimid tacaíocht do chláirshláinte atá pobalbhunaithe a chumasaíonn rochtain na mban ar sheirbhísí atáirgithe agus ar sheirbhísí slainte eile.

Déanfaimid príomhshruthú ar nithe a bhaineann le hinscne i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí comhoibritheacha forbartha. Ciallaíonn sé seo go gcuirfear san áireamh iad i bpleanáil, cur i bhfeidhm agus measúnú gach ceann dár n-idirghabhálacha agus tionscnaimh. Is coincheap simplí ach dúshlánach é. Cuirfear i bhfeidhm é ar fud an chláir, mar shampla, inár gcuid oibre chun forbairt a dhéanamh san earnáil phríobháideach, chun slite beatha a dhaingniú agus i gcláir um chosaint shóisialta.

Oibreoimid i gcoinne foréigin atá bunaithe ar inscne lenár gcomhpháirtithe go hidirnáisiúnta. Táimid tiomanta i suímh dhaonnúla agus choimhlinte, chun Rún 1325 den Chomhairle Slándála maidir le mná a chur i bhfeidhm, sé sin síocháin agus slándáil a thug aitheantas den fhiric go bhfuil riachtanas ag mná a bheith páirteach ar aon leibhéal le fir agus ar gach leibhéal agus i ngach ról chun slándáil agus síocháin a chothú.

Beidh éifeacht níos mó ag ár ngníomhaíochtaí má chuirtear saincheisteanna a bhaineann le comhionannas inscne san áireamh ón tús agus más cuid de gach gné dár gcuid oibre é cearta daonna na mban a chur chun cinn.

# Timpeallacht agus Forbairt

Tá an timpeallacht agus bochtaineacht nasctha go dlúth lena chéile. I dtíortha atá ag forbairt, is iad na daoine is boichte atá ag brath go hiomlán ar a dtimpeallacht chun slí bheatha a dhéanamh amach dóibh féin, agus bíonn tionchar níos mó ag athrú aeráide, ag dighradú na timpeallachta agus ag caillteanas bitheagsúlachta orthu seo ná ar aon ghrúpa eile.

Tá na bochtáin, na bochtáin faoin tuath níos mó ná bochtáin eile ag brath ar níos lú i gcónaí.

Tá níos mó agus níos mó de na daoine is boichte ar domhan ag maireachtáil i dtimpeallachtaí imeallacha. De réir mar atá acmhainní riachtanacha nádúrtha, cosúil le huisce glan, admhad chun cócaireacht a dhéanamh agus talamh méith ag éirí gann agus an daonra ag fás gan stop, beidh an baol ann i gcónaí go mbeidh gantannas bia ar dhaoine agus tá an fhéidearthacht sin ag síormhéadú. Is féidir le ganntanas acmhainní a bheith ina chúis choimhlinte agus is féidir leis sin tuilleadh scriosta a dhéanamh ar an timpeallacht.

Méadaíonn bagairtí domhanda cosúil le hathrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta na fadhbanna timpeallachta áitiúla cosúil le truailliú agus ídiú ithreach. Is iad acmhainní bitheolaíoch an domhain a chuireann bia, uisce glan, breosla, fothain agus leigheasanna ar fáil dúinn. Tá éifeachtaí díreacha ag caillteanas na bitheagsúlachta, bunphlandaí agus aimnmhithe ar fholláine an duine.

Tá nasc láidir idir an tsláinte agus caighdeán na timpeallachta. Cuirtear daoine i suímh thuaithe agus uirbeacha i mbaol toisc truailliú aeir, easpa uisce glan, agus diúscairt bhaolach drámhaíola.

### Sláinte Timpeallachta, Uisce agus Sláintíocht

Maraíonn galair a bhaineann le huisce breis is 5 mhilliún duine gach bliain. Fulaingaíonn tuairim is 2.3 milliún duine ó ghalair a bhfuil baint acu le huisce brocach. Leanaí óga is mó atá i mbaol. Ar an 1.96 daoine a fuair bás ó bhuinneach teagmhálach sa bhliain 2001, ba leanaí faoi bhun aois a cúig iad 1.3 milliún daoibh.

Measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go mbeadh fáltas de €3 agus €34 ar gach €1 a infheistofar in uisce agus i slaintíocht ag brath ar an réigiún.

Tá an brú ar mhná agus ar chailíní uisce a bhailiú ag lot a seansanna oideachais nó obair le tuarastal a fháil toisc go mbíonn orthu aistir an-fhada a shiúil.

*Tabharfaimid tacaíocht do ghníomhaíochtaí ar fud an chláir chun an rochtain ar uisce sábháilte agus ar shláintíocht bhunúsach a mhéadú.*

Chuir Cruinniú Mullaigh Johannesburg sa bhliain 2002 i gcuimhne do dhaoine go bhfuil forbairt inbhuanaithe riachtanach chun bochtaineacht a laghdú. Dearbhaíodh é seo i Measúnú Eiceachóras na Mílaoise a léirigh go bhfuil na héiceachórais á milleadh agus go bhfuil éifeachtaí nach beag aige sin ar fholláine an duine. Is trí chothromaíocht idir na gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta amháin arb fhéidir linn réitigh fhadtéarmacha ar bhochtaineacht a bhaint amach.

Tá na bochtáin, na bochtáin faoin tuath níos mó ná bochtáin eile, ag brath ar níos lú i gcónaí.

*Táimid tiomanta do bhochtaineacht a laghdú trí fhorbairt inbhuanaithe timpeallachta. Aithnímid ról na timpeallachta chun slite beatha agus folláine móramh na ndaoine is boichte ar domhan a chinntiú.*

Cuirfimid prionsabail na forbartha comhtháithe san áireamh inár mbeartais agus inár gcláir go mórmhór inar gcláir um fhorbairt tuaithe.

Caithfidh tíortha atá ag forbairt ceannaireacht a ghlacadh ar a n-acmhainní nádúrtha féin a bhainistiú agus a dtimpeallachtaí fein a chosaint.

*Cabhróimid lenár gcomhpháirtithe, sé sin tíortha atá ag forbairt go fóill, chun an timpeallacht a thabhairt san áireamh i bhforbairt agus i bpleanáil náisiúnta.*

*Leanaimid orainn ag déanamh ár gcuid maidir le hiarrachtaí iltaobhacha chun fadhbanna domhanda timpeallachta a réiteach. Leanfaimid orainn ag glacadh páirte i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe chun dul i bhfeidhm ar iarrachtaí domhanda chun forbairt inbhuanaithe a chinntiú.*

Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta cosúil le Coinbhinsiúin Rio um Bhitheagsúlacht, Fairsingiú Fásaigh agus Athrú Aeráide.

*Oibreoidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus Cúnamh Éireann le chéile chun tiomantas na hÉireann a choimeád, chun cabhrú leis na náisiúin is boichte ar domhan chun a gcuid acmhainní a chosaint agus chun dul i ngleic le cúinsí timpeallachta atá ag athrú.*

## Athrú Aeráide

Cé go gcuirtear tús le bunchúiseanna na n-athruithe ar an aeráid sa domhan forbartha is iad na daoine a mhaireann sna tíortha atá ag forbairt is mó a bhíonn buailte aige.

Is bagairt mhór é athrú aeráide d'fhorbairt. Tá feanntacht mhéadaithe agus minicíocht triomaigh, tuilte agus cioclóin ag cur ár n-iarrachtaí ar shlándáil bhia á fheabhsú, ar ghalar a laghdú agus ar shlite beatha a chosaint i baol a gcúlaithe.

Níl na hacmhainní airgeadais, na scileanna, an teicneolaíocht ná an saineolas ag tíortha atá ag forbairt chun dul i ngleic le haeráid atá de shíor ag athrú. Is iad na tíortha is mó a fhulaingeoidh ó athrú aeráide is lú atá abálta an tathrú sin a bhainistiú.

Tá dualgais ar Éirinn mar chuid de Chreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC) cabhair a thabhairt do thíortha atá ag forbairt chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Aithnímid an prionsabal seo go bhfuil freagrachtaí coiteann agus deighilte amach orainn chun cabhair a thabhairt do na tíortha sin a mbeidh an t-ualach is mó orthu toisc an t-athrú aeráide.

Táimid tiomanta do Phlean Gníomhaíochta um Athrú Aeraide i gComhthéacs Chomhoibriú maidir le Forbairt a shonraíonn gníomhaíochtaí chun próifíl an bheartais um athrú aeráide a ardú, chun oiriúnú a dhéanamh d'athrú aeráide, agus chun forbairt íseal charbóin a chothú agus chun inniúlacht a thógáil chun pleanáil a dhéanamh d'athrú aeráide i dtíortha atá ag forbairt.

Leanfaimid orainn ag tacú le gníomhaíochtaí sonracha san earnáil seo, cosúil le hoiliúint do na príomhdhaoine a dhéanann cinntí i dtíortha atá ag forbairt chun cabhrú leo pleanáil a dhéanamh d'éifeachtaí athrú aeráide.

# Trádáil agus Forbairt

## Comhthéacs

Meallann an Afraic fho-Shahárach níos lú ná 3% den infheistíocht eachtrannach dhomhanda. Tá laghdú seasta ag teacht ar líon na n-easpórtála domhanda ó na tíortha is lú forbartha ó 3% sna 1950idí go dtí tuairim is 0.5% inniu.

Tá trádáil mhéadaithe, réigiúnach agus dhomhanda i gcroílár fás seasta eacnamaíoch sna tíortha is lú forbartha. Ta an poitéinsiúl ag an Afraic i bhfad níos mó ná an méid a fhaigheann sí ó chúnamh oifigiúil forbartha a thuilleamh trí thrádáil a dhéanamh.

Cé gurb é rochtain ar mhargaí d'earraí le trádáil atá ina príomhfhócas ar dhíospóireacht phoiblí faoi riachtanais trádála na dtíortha atá ag forbairt, tá i bhfad níos mó i gceist le trádáil ná rochtain. Tá inniúlacht feabhsaithe riachtanach, agus calafoirt níos éifeachtaí chomh maith le riaracháin agus próisis níos éifeachtaí custaim agus líonraí bóithre agus cumarsáide níos fearr. Tá dúshláin shuntasacha ag baint le caighdeáin idirnáisiúnta dlí agus margaidh i gceist chomh maith.

Bíonn cúnamh ag teastáil ó thíortha atá ag forbairt chun a n-inniúlacht a fheabhsú chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh, a sheachadadh agus a dhíol.

Braitheann cumas tíre leas a bhaint as trádáil níos oscailte ar neart agus ar tháirgeacht a heacnamaíocht intíre. Is féidir le tíortha atá ag forbairt a bheith níos leochailí agus d'fhéadfadh go mbeadh cosaint bhreise de dhíth orthu.

Chun a bheith éifeachtach i gcomhrac na bochtaine caithfear gníomhaíocht eacnmaíoch ar son na mbocht a chothú.

## Freagra na hÉireann

Freagraíonn Éire do riachtanais trádála na dtíortha atá ag forbairt go príomha tríd an AE agus tríd an Eagraíochta Dhomhanda Trádála. Is é Coimisiúin na hEorpa a dhéanann idirbheartaíocht leis an WTO ar son gach ballstáit den AE.

Ba é cruthú an WTO freagra an phobail idirnáisiúnta ar bhagairtí agus ar dheiseanna domhandaithe atá ag síormhéadú. Cuireann sé fóram ar fáil do bhaill chomhaontaithe trádála a shocrú, díospóidí trádála a réiteach agus córas rialacha trádála a fheidhmiú.

Cuireann babhta reatha idirbheartaíochta an WTO, an babhta DOHA forbartha, deiseanna suntasacha ar fáil do thíortha atá ag forbairt chun leas a bhaint as trádáil dhomhanda. Tá córas láidir trádála ann bunaithe ar rialacha chun leasa tíortha beaga agus tíortha atá ag forbairt araon.

### Beartas Trádála na hÉireann agus an WTO

Mar a luadh i Ráiteas Náisiúnta Trádála na bliana 2005, 'Trádáil ar son Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta' táimid tiomanta don ghné forbartha de bhabhta Doha. Cuireann idirbhearta reatha an WTO deis ar fáil d'Éirinn deimhin a dhéanamh de nach bhfuil an iomarca brú ar na tíortha is boichte agus nach imeallaítear iad, ach in ionad sin cinntítear go mbíonn an deis acu a leasanna féin a chur chun cinn agus a chosaint, ionas go mbíonn sé de thoradh air sin go mbíonn córas trádála i bhfeidhm atá cothrom agus a chuireann na deiseanna is mó ar fáil dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

Ta an cumas ag an Afraic i bhfad níos mó ná an méid a fhaigheann sí ó chúnamh oifigiúil forbartha a thuilleamh trí thrádáil a dhéanamh.

### Cúnamh um Thrádáil

Is é is aidhm le 'Cúnamh um Thrádáil' ná cabhrú le tíortha atá ag forbairt, go háirithe leis na tíortha is lú forbartha, chun a n-inniúlacht trádála a thógáil, chun a leasanna féin a chothú agus a chosaint sna hidirbheartaíochtaí WTO, agus chun na comhaontuithe WTO a chur i bhfeidhm. Ba chóir go gcabhródh 'Cúnamh um Thrádáil' le tíortha atá ag forbairt chun déileáil leis an ídiú atá á dhéanamh ar a rochtain speisialta ar mhargaí na dtíortha forbartha, agus ba cheart go n-úsaidfí é chun an infrastruchtúr atá riachtanach chun dul san iomaíocht go rathúil ar mhargaí an domhain a thógáil. Méadóimid an maoiniú a thugaimid do thionscnaimh iltaobhacha 'Cúnaimh um Thrádáil'.

### Trádáil Chóir agus Eiticiúil

Bhí ról suntasach ag Éirinn ag tacú le hinniúlacht a thógáil do tháirgeoirí beaga caife i Meiriceá Láir tríd an maoiniú a tugadh d'Eagraíochtaí Lipéadaithe Idirnáisiúnta 'Fair Trade' (FLO) .

Bhí éifeacht acu ar an bpointe trí ioncam na dtáirgeoirí beaga a shocrú i rith na titime is déanaí ar phraghsanna idirnáisiúnta do chaife. Thug sé cabhair dóibh trí fhócas na dtáirgeoirí a athrú ó mhargaíocht a dhéanamh ar an táirge mar thráchtearra go feabhas a chur ar an gcaighdeán, caife speisialta a tháirgeadh, a margadh a bhriseadh suas, margaí faoi leith a aithint agus tiontú go táirgíocht orgánach. Chabhraigh an cur chuige seo go mór le fostaíocht áitiúil a mheadú agus le leas teaghaigh.

*Méadóimid ár dtacaíocht airgeadais do thionscnaimh a chothaíonn trádáil chóir agus eiticiúil.*

### Tacaíocht don Earnáil Phríobháideach inár gclárthíortha

Cuireann Éire tacaíocht dhíreach ar fáil cheana féin d'fhorbairt san earnáil phríobháideach inár gclárthíortha agus tríd ár n-eagraíochtaí iltaobhacha lena n-airítear an Banc Domhanda agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Dlí. I measc na samplaí den tacaíocht, tá tacaíocht d'fhorbairt na hearnála um phróiseáil bhia i Mósambíc agus tacaíocht d'athchóiriú an dlí tráchtála in Uganda.

Nuair atá clár á mhéadú, bíonn tacaíocht níos fócasaithe agus níos dírithe riachtanach.

### Comhtháthú Eacnamaíoch Réigiúnach

In Éirinn, bhaineamar leas iontach as comhtháthú réigiúnach Eorpach agus tá tuiscint ar leith againn ar na leasanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis.

Is aidhm shonrach d'Aontas na hAfraice comhtháthú réigiúnach a bhaint amach. Ar fud na réimsí pobail réigiúnacha atá ann san Afraic, bíonn leibhéail éagsúla chomhtháithe ann agus bíonn trasbhallraíocht idir phobail.

Is féidir le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach deiseanna suntasacha a chur ar fáil do thíortha atá ag forbairt i dtéarmaí deiseanna trádála agus i dtéarmaí inniúlacht feabhsaithe araon. Tabharfaimid tacaíocht do chomhoibriú réigiúnach níos giorra a chothú idir tíortha atá ag forbairt go háirithe san Afraic fho-Shahárach.

### Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch

Tá an tAontas Eorpach ag déanamh idirbheartaíochta faoi láthair maidir leis na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (EPAanna) le sé ghrúpaí de thíortha san Afraic, Sa Chairib agus i gceantar an Aigéin Chiúin (ACP). Tá soláthar déanta do na EPAanna i gcomhaontú Cotonou idir an AE agus Stáit an ACP agus is é sin an chuid trádála den ghaolmhaireacht an Aontais leis na tíortha seo. Tá siad le teacht i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2008. Trí shaorthrádáil a chur chun cinn laistigh de na réigiúin, cothóidh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíochta comhtháthú eacnamaíochta níos cóngaraí idir thíortha atá ag forbairt agus tacóidh sé leo agus iad ag dul isteach sa gheilleagar domhanda. Creidimid go daingean go gcaithfidh na hidirbhearta EPA seo comhaontuithe a bhaint amach a thacóidh le riachtanais fhorbatha thíortha an ACP agus lena n-iarrachtaí an bhochtaineacht a laghdú.



*Monarcha phróiseála cnónna caisiú in Cumbana, Mósaimbíc.*
Bhíodh Mósaimbíc ar cheann de na táirgeoirí is mó cnónna caisiú ar domhan go dtí gur thosaigh an tionscal sin ag meath sna 1970í. Athosclaíodh an mhonarcha seo in 2006 le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

# Cé leis a mbímid ag obair agus an fáth go n-oibrímid leis na comhpháirtithe sin

Is guth amháin í guth na hÉireann i bhforbairt dhomhanda. Caithfimid oibriú le comhpháirtithe agus rialtais na dtíortha atá ag forbairt san áireamh, le deontóirí eile, le heagraíochtaí neamhrialtasacha inár gcuid iarrachtaí chun freastal ar riachtanais na ndaoine is boichte ar domhan.

## Coiste um Chúnamh Forbartha an OECD (DAC)

Is fóram é an DAC, Coiste um Chúnamh Forbartha an OECD, chun chomhchomhairle a dhéanamh idir na 22 tír déthaobhach a thugann cúnamh agus Coimisiún na hEorpa. Spreagann sé deontóirí chun leibhéal agus éifeachtacht sreafaí cúnaimh chuig tíortha atá ag forbairt.

Is é an DAC a shainíonn cé mhéid de chaiteachas an Rialtais ar féidir a rá gur Cúnamh Oifigiúil Forbartha nó ODA é.

Cuireann an DAC treoirlínte beartais ar fáil do bhaill agus iad ag cur i bhfeidhm ina gcláir um chomhoibriú forbartha. Léirionn na treoirlínte seo na tuairímí agus taithí na mball agus an leas a bhaintaer as ionchur ó institiúidí iltaobhacha agus ó shaineolaithe aonair, agus saineolaithe ó thíortha atá ag forbairt san áireamh.

Eagraíonn an DAC Athbhreithnithe ó Phiaraí agus cuireann sé i bhfeidhm iad, is iad na hathbhreithnithe seo a éilíonn cuntasacht ó bhaill as an mbainistiú a rinne siad ar a gcuid clár um chomhoibriú forbartha agus tá sé mar chuid den iarracht iomlán chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar éifeachtacht an chúnaimh forbartha.

Rinneadh an tAthbhreithniú deireanach Piaraí ar Éirinn sa bhliain 2003 agus moladh an méid a bhain an tír seo amach go dtí seo, agus nótáladh 'gur sainghné den chlár é go bhfuil dianfhócas ar bhochtaineacht a laghdú agus go bhfuil tiomantas láidir ann i leith prionsabail na comhpháirtaíochta'.

Tá an chéad athbhreithniú piaraí eile ar Éirinn le bheith ar siúl sa bhliain 2008.



*Máthair agus a leanbh in Mósaimbíc*
Tá neamh-chomhionannas inscne fós ann go forleathan ar fud an domhain. Cuireann bochtaineacht leis an bhfadhb seo agus bíonn sé deacair réiteach a fháil uirthi dá bharr. Tacaíonn Cúnamh Éireann le raon tionscadal sa chuid den domhan atá i mbéal forbartha agus is é is aidhm do na tionscadail sin ná cuidiú le mná seilbh a ghlacadh ar a saol féin agus deireadh a chur le neamh-chomhionannas.

# Ag Obair le Rialtais

Tá sé riachtanach obair le córais rialtais nó tríd córais rialtais inár dtíortha comhpháirtíochta má tá na feabhsaithe curtha i bhfeidhm le bheith inbhuanaithe agus má tá Spriocanna Forbartha na Mílaoise le baint amach. Is féidir leis seo deacrachtaí a chruthú i dtéarmaí inniúlacht riartha lag, ach tá ár gcomhoibriú ag cabhrú leis an inniúlacht sin a fheabhsú.

Baineann an fhreagracht bhunúsach as forbairt a chothú agus a chur chun cinn leis na rialtais. Is iad rialtais na dtíotha atá ag forbairt is cóir a bheith mar na comhpháirtithe is tábhachtaí chun forbairt fhadtéarmach a chothú.

Táimid tar éis dul isteach i ngaolmhaireachtaí struchtúrtha le roinnt bheag tíortha comhpháirtíochta agus is iad seo ár 'gclárthíortha'. Agus sinn ag ainmniú comhpháirtithe mar chlárthíortha, táimid ag déanamh tiomantais chun acmhainní suntasacha, intuartha thar thréimhsí fada a chur ar fáil chun cabhrú leo forbairt a dhéanamh. Is é a bheidh i gcroílár ár gclár déthaobhach cúnaimh ná cúnamh a thabhairt do roinnt clárthíortha ar bhonn atá fócasaithe agus fadtéarmach.

Cuirfidh na comhpháirtiochtaí seo oibleagáidí ar na Rialtais a fhaigheann cúnamh, lena n-áirítear, tiomantas a léiriú do phrionsabail an daonlathais, meas a léiriú do chearta daonna agus d'fhorlámhas an dlí agus toilteanas chun dul i ngleic le caimiléireacht.

I ndáiríre, tá deacrachtaí i gclárthíortha na hÉireann sna réimsí sin. Is airí iad na deacrachtaí seo den leibhéal den tearcfhorbairt sna tíortha seo agus cuireann siad leis an tearcfhorbairt sin. Tá sé d'aidhm ag ár gcur chuige córais rialtais na dtíortha seo a neartú agus iad a bheith níos freagrúla agus níos ábalta freastal ar riachtanais a gcuid saoránach.

Bunófar straitéisí chun é seo a bhaint amach ar na cúinsí sainiúla atá i bhfeidhm i ngach tír. Beimid freagrach i leith aon athraithe sna cúinsí seo agus athróimid ár bpleananna ar bhonn gníomhach más gá é de réir na gcúinsí a thiocfaidh aníos.

Tá éabhlóid suntasach tagtha ar an modhanna seachadta le deich mbliaina anuas. Tá Éire agus deontóirí eile tar éis bogadh amach ó chur chuige bunaithe ar thionscadal agus i dtreo cur chuige bunaithe ar chláir le rialtais na gcomhpháirtithe. Tá ár gcomhoibriú leis na rialtais seo ag teacht lena bpleanáil náisiúnta agus tá trí phríomhshaghas i gceist:

**Clár Bunaithe ar Limistéar:**
Téimid i gcomhar le húdaráis áitiúla ar thosaíochtaí a socraíodh roimhré chun inniúlacht oifigiúil a mhéadú agus chun seirbhísí feabhsaithe agus níos éifeachtaí a sheachadadh ar fud réimse earnálacha. Is bealach iad na cláir bunaithe ar limistéar chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá agus chun cur lenár dtuisicint maidir le saincheisteanna ag leibhéal náisiúnta.

**Cur Chuige ar fud na hEarnála:**
Is obair í seo a dhéantar in éineacht le deontóirí eile, ag cabhrú le hearnálacha faoi leith cosúil le sláinte agus oideachas ag an leibhéal náisiúnta. Tá aon airgead a chuirtear ar fáil do rialtais ainmnithe do ghníomhaíochtaí aontaithe san earnáil a roghnaíodh. Nios minice agus níos minice beidh ár obair á dhéanamh againn bunaithe ar an obair a roinnt idir na deontóirí sa chás gur féidir le tíortha faoi leith a bheith chun tosaigh in earnálacha ina bhfuil láidreachtaí sonracha acu.

**Tacaíocht Ghinearálta don Bhuiséad:**
Aistriú airigid díreach é seo ó roinnt deontóirí gó díreach isteach i mbuiséad rialtais thír chomhpháirtíochta. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an gcur chuige seo, ligeann sé don rialtas bheith i gceannas ar a fhorbairt féin a phleanáil agus is cabhair é deimhin a dhéanamh de go bhfuil an dul chun cinn inbhuanaithe.

Baineann an fhreagracht bhunúsach as forbairt a chothú agus a chur chun cinn leis na rialtais. Is iad rialtais na dtíotha atá ag forbairt is cóir a bheith mar na comhpháirtithe is tábhachtaí chun forbairt fhadtéarmach a chothú.

D'fhéadfadh go leanfadh Éire ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionscadail aonair sna clárthíortha sa chás nach mbíonn an beartas nó an timpeallacht institiúideach oiriúnach do chúnamh níos praiticiúla.

Is féidir le tionscadail bheith an-luachmhar mar fhoinsí nuálaíochta i modhanna forbartha agus is bealaí iad inar féidir le deontóirí rud éigean a fhoghlaim faoi chumas na ndaoine féin dul i ngleic leis na deacrachtaí atá rompu.

Tá a bhuntáistí agus a mhíbhuntáistí féin ag gach ceann de na cur chuigí seo. Níl sé de chumas ag aon chur chuige amháin freastal ar riachtanais uile na hÉireann, mar dheontóir, nó ar riachtanais uile na rialtas comhpháirtiochta mar fhaighteoirí.

Bíonn dúshláin faoi leith ag baint le tacaíocht ghinearálta bhuiséadach. Is féidir leis a bheith ina mhodh seachadta éifeachtach má bhíonn na cúinsí oiriúnach. Éilíonn sé go mbeadh muinín ag deontóirí i gcórais airgeadais agus riaracháin na dtíortha a fhaigheann cúnamh. Is é an diananailís agus monaitóireacht a bheidh ina bhunús ag ár gcinntí faoi Thacaíocht Ghinearálta Bhuiséadach agus modhanna eile cúnaimh.

*Coinneoimid meascán de mhodhanna a thacóidh lena chéile i ngach ceann dár gclárthíortha.* I ngach cás, braithfimid an meascán ar chúinsí faoi leith gach uile thír a chur san áireamh ag teacht leis an sárchleachtas idirnáisiúnta.

Agus sinn ag obair le rialtais agus trí rialtais, tá sé tábhachtach deimhin a dhéanamh de go mbíonn na rialtais seo cuntasach i leith daonra a dtíortha féin.

## Comhordú agus Comhtheacht

Tá cuntasacht i leith na ndeontóirí an-tábhachtach d'fhonn a chinntiú go gcaithfear an t-airgead i gceart. Is féidir le líon na ndeontóirí agus an éagsúlacht ina riachtanais tuairiscithe brú úafásach riaracháin a chur ar na rialtais agus is féidir leis cur isteach ar a mbuntasc, sé sin a dtíortha féin a riaradh.Tá deontóirí anois ag bogadh níos mó i dtreo comhordú agus comhtheacht níos mó ar a gcuid iarrachtaí, d'fhonn na hiarrachtaí seo a bheith níos éifeachtaí agus chun an t-ualach a laghdú. Sa bhliain 2005 d'aontaigh na deontóirí agus na faighteoirí Fórógra Páras ag sonrú bearta sonracha sa réimse seo.

De réir mar a dhruideann deontóirí i dtreo speisialtóireacht mhéadaithe, ghlacfaidh Cúnamh Éirinn a pháirt féin sna réimsí sin ina bhfuil buanna agus taithí aici orthu, agus aithneofar agus tacófar le ról ceannarúil dheontóirí eile in earnálacha eile.

Cabhróidh sé seo le costais idirbheartaíochta agus dúbláil a sheachaint. Ar an taobh eile de, d'fhéadfadh nach mbeadh Éire chomh feiceálach is a bhí maidir leis an méid a chuireann sí isteach. Beidh dúshláin faoi leith ag baint leis seo ó thaobh an chláir a chur in iúl don phobal ach rachfar i ngleic leis na fadhbanna seo.

## Clárthíortha Nua

Toisc an méadú ar an gclár méadóimid líon na dtíortha a thagann faoin gclár féin. Is ardán tábhachtach a bheidh ann, tíortha comhpháirtíochta fadtéarmacha a roghnú chun ar gcaiteachas méadaithe a thiontú go hiarrachtaí chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Is iad na fachtóirí seo a leanas a chabhróidh linn ár gcomhpháirtithe nua a roghnú.

**Bochtaineacht:**
Roghnófar ár gclárthíortha nua ó na tíortha is lú a bhfuil forbairt déanta acu agus beidh ár gcuid gníomhaíochtaí ag focasú ar bhochtaineacht.

**Scóip d'Éirinn Éifeacht a bheith aici ar fhorbairt:**
Caithfidh scóip a bheith ann d'Éirinn chun cúnamh réadúil a thabhairt, ag cur san áireamh an méid a rinneamar roimhe seo, ár scileanna agus ár dtaithí.

**Rialachas:**
Caithfear aird a dhíriú ar rialachas agus ar chaimiléireacht agus clárthíortha nua á roghnú againn. Sna tíortha sin ina bhfuil an riachtanas is mó, beifear ag súil le deacrachtaí maidir leis na caighdeáin rialachais. In ainneoin sin, caithfidh an treocht iomlán a bheith dearfach. Caithfidh an Rialtas/na Rialtais i gceist, inniúlacht a léiriú chun seilbh a ghabháil ar an bpróiseas forbartha, agus ar obair na ndeontóirí a smachtú ag teacht lena dtosaíochtaí féin.

**Slándáil agus Buanseasmhacht**
Ba chóir go mbeadh foireann Chúnamh Éireann ábalta bogadh timpeall go saor agus go sábháilte. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht pholaitiúil buanseasmhach go leor ionas go mbeidh na bunchoinníollacha i bhfeidhm chun clár cúnaimh a sheacadadh.

**Gné Réigiúnach**
Buntáiste a bheidh ann obair a dhéanamh ar bhonn réigiúnach agus an clárthír a úsáid mar bhunús.

**Deontóirí eile**
Bheadh sé níos fearr dá mbeadh deontóirí eile sna clárthíortha ina mbíonn Éire ag obair ann.

*Méadóimid líon na gclárthíortha ina mbímid ag obair i bhfianaise na ndeiseanna a cruthaíodh leis na hacmhainní breise. Sa mheántéarma, méadóimid líon na dtíortha comhpháirtíochta ó ocht gcinn go deich gcinn. Is í An Mhaláiv an chéad tír a ainmneofar mar seo. (féach an Bosca)*

I gclár nua d'aon tír, bíonn sé riachtanach bunús láidir a bheith ann chun comhoibriú fadtéarmach a chruthú. Is gá go mbeadh ár modhanna oibre oiriúnach do na clárthíortha i gceist agus go bhfreastalódh siad ar riachtanais na dtíortha sin agus ar spriocanna an chláir. Seans go mbeidh orainn a bheith nuálaíoch agus bealaí nua a fhorbairt chun obair a dhéanamh le clárthíortha, le béim faoi leith ar rialachas polaitiúil agus eacnamaíoch, chomh maith le seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil. Caithfimid tacaíocht a thabhairt chun na córais riaracháin a neartú , ionas go mbeidh ár gcomhoibriú chomh héifeachtach agus feidhmiúil agus is féidir agus chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as airgead an gcáiníocóirí.

## Stáit Leochaileacha

Níos mó agus níos mó feictear dúinn tionchar na coimhlinte agus na héagobhsaíochta ar thíortha, go háirithe san Afraic. Fiú nuair a bhíonn próiseas síochána i bhfeidhm agus ag dul chun cinn, d'fhéadfadh tíortha éagobhsaíocht a mhothú ar fud réimse uile a gcuid gníomhaíochtaí. D'fhéadfadh éagobhsaíocht a bheith i gceist sna hinstitiúidí rialtais agus san earnáil phoiblí fiú éagobhsaíocht san infrastruchtúr a bheith i gceist.

Tuigimid na himpleachtaí a bhaineann lena leithéid de héagobhsaíocht. Tá na riachtanais dhaonna sna tíortha seo dochreidte. Is ionann na daoine a mhaireann sna stáit leochaileacha agus aon trian de na daoine a mhaireann ar níos lú ná $1 in aghaidh an lae, sin leath de na leanaí uile a fhaigheann bás roimh dóibh cúig bliana d'aois a bhaint amach agus aon trian dóibh siúd gan uisce inólta.

Tá an baol ann go scaipfidh éagobhsaíocht agus coimhlint fhoréigneach ar fud na réigiún. Má theipeann ar stát is féidir leis impleachtaí domhanda a bheith aige ar shlándáil agus ar shaibhreas. Táimid ag breathní ar na suímh seo ar bhonn níos cuimsithí agus ar conas is féidir le hÉirinn an méid is mó cúnaimh a thabhairt do na tíortha seo chun seasamh ar a mbonnaibh féin arís.

Éilíonn ár mbaint leis na suímh seo go n-aimseofar bealaí nua oibre. Déanfaimid infheistiú i dtíortha atá ag teacht as coimhlint nó i dtíortha ina bhfuil na córais rialtais lag, déanfaimid infheistiú sna struchtúir agus i meicníochtaí an rialtais, i réimsí cosúil le póilíneacht, inniúlacht a thógáil laistigh den teirbhís phoiblí agus sna córais rialtais.

Freastalóimid ar riachtanais in earnálacha cosúil le hoideachas agus sláinte agus tacóimid le slite beatha a chur ar fáil. Sa chás nach féidir seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil trí chórais rialtais, tabharfaimid tacaíocht do shaghsanna eile seirbhísí a sholáthar agus a sheachadadh, trí eagaíochtaí neamhrialtasacha(NGOan na) agus trí eagraíochtaí idirnáisiúnta araon.

*Doimhneoimid ár bhfócas ar obair a dhéanamh i stáit leochaileacha. Ag tógáil ar ár ngníomhaíochtaí reatha, agus ar ár ról i gcoinneáil na síochána leis na NA, díreoimid ár bhfócas ar Siarra Leon agus An Libéir, dhá thír iad sin le timpeallachtaí feidhmiúla atá fíordhúshlánach.*

Sa dá thír sin oiriúnófar an clár cúnaimh chun déileáil le suímh iarchoimhlinte ina bhfuil na hinstitiúidí stáit lag nó in easnamh go hiomlán. Cuirfear béim láidir ar rialachas agus braithfidh scála ár gcunaimh ar cé chomh sásta is a bheimid go bhfuil an cumas acu cúnamh a úsáid agus dul i gcoinne na caimiléireachta.



*Muintir na háite ag fáiltiú roimh oifigigh síochánaíochta na NA ar shroicheadh Barclayville na Libéire dóibh*
Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an atógáil atá idir lámha sa Libéir, agus le dí-armáil agus díshlógadh na saighdiúirí tar éis dheireadh chogadh cathartha 14 bliain na tíre.

## An Mhaláiv: 9ú Clárthír na hÉireann

Tá an Mhaláiv ar ceann de na tíortha is boichte ar domhain, le hos cionn 65% den daonra ag maireachtáil faoi bhun na líne bochtaineachta. Rangáitear í sa 165ú háit ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe.

Tá riachtanais ollmhóra ag an Mhaláiv. Tá sí ag fulaingt ó easpa bia ó 2002 cé go bhfuil 90% den daonra ag obair san fheirmeoireacht ó lámh go béal. Chaill aon mhilliún dá dhílleachtaí a dtuismitheoirí toisc SEIF. Is é 39.7 an t-ionchas saoil nuair a bheirtear leanbh sa Mhaláiv; in Eirinn is é 77.7 an ghnáthaois a bheifí ag súil leis.

Tá an Mhaláiv ag brath go mór ar chúnamh seachtrach toisc nach bhfuil ach inniúlacht an-teorannta ag an rialtas chun seirbhísí a sheachadadh, agus toisc an bonneagar a bheith chomh lag sin, an mhíshlándáil bhia agus leibhéil arda VEID/ SEIF.

Thosaigh Éire ag tabhairt tacaíocht shuntasach don Mhaláiv nuair a bhí an éigeandáil Slándála bia ann sa bhliain 2002. Ó shin i leith leanamar orainn ag tabhairt tacaíochta trí fhaoiseamh éigeandála agus trí chlár pleanáilte athshlánaithe a chur i bhfeidhm. Tá tacaíocht tugtha againn chomh maith d'eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair sa Mhaláiv, go mórmhór sna rémsí seo, sláinte, oideachas agus talmhaíocht.

Ón mbliain 2002, tá €18 milliún tugtha againn mar chúnamh don Mhaláiv.

Toisc go bhfuil an Mhaláiv ainmnithe mar chlárthír nua ag Éire, tá tús curtha le comhpháirtíocht a ligfidh dúinn ár dtacaíocht don tír a fhócasú agus a dhoimhniú.

# An tSochaí Shibhialta agus Eagraíochaí Neamhrialtasacha

Is téarma leathan é sochaí shibhialta, agus is éard atá i gceist ná eagraíochtaí atá lasmuigh den earnáil rialtais, agus grúpaí pobail san áireamh, institiúidí oideachais, eagraíochtaí do mhná, eagraíochtaí atá bunaithe ar chreideamh, cumainn ghairmiúla, ceardchumainn, grúpaí fostóirí , na meáin agus grúpaí a labhraíonn amach ar son na ndaoine. Cé go bhfuil an-éagsúlacht eatarthu ó thaobh struchtúir agus spriocanna de, tá na heagraíochtaí sin riachtanach sa daonlathas sláintiúil, i dtíortha forbartha agus i dtíortha atá ag forbairt.

Caithfidh Rialtais a bheith freagrach i leith riachtanais a saoránach agus i leith eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta agus is féidir leis na heagraíochtaí sin cabhrú leis na saoránaigh na riachtanais sin a chur in iúl. Is féidir le heagraíochtaí sa tsochaí shibhialta rudaí riachtanacha a dhéanamh chun rialtas níos fearr a bhaint amach trí cheisteanna a chur ar an rialtas agus brú a chur ar an rialtas a bheith níos fearr. Is féidir le heagraíochtaí sa tsochaí shibhialta ról fíorthábhachtach a ghlacadh chun seirbhísí riachtanacha a sheachadadh chuig daoine sa chás nach bhfuil sé ar chumas ag an gcóras stáit é sin a dhéanamh.

Bhí eagraíochtaí forbartha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ó Éire agus misinéirí ag obair i dtíortha atá ag forbairt sular cuireadh tús le clár cúnaimh an Rialtais. Tá saghsanna eile eagraíochtaí lena n-áirítear ceardchumainn, institúidí oideachais agus na meáin ag dul i ngleic le ceist na forbartha agus teastaíonn uathu ról a ghlacadh ann.

### Eagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha na hÉireann: Príomhchomhpháirtí

Leanfaidh an earnáil neamhrialtasach in Éirinn ar aghaidh mar phríomhchomhpháirtí do Chlár Chúnamh Éireann. Is é an sprioc atá againn uile ná an bhochtaineacht a laghdú, is féidir linn oibriú chun an sprioc sin a bhaint amach i dteannta a chéile agus as ár stuaim féin.

Tá cáil iontach ar NGOanna na hÉireann sa tír seo agus go hidirnáisiúnta. Tá níos mó i gceist sa ghaolmhaireacht eadrainn agus na NGOanna ná socruithe maoiniúcháin agus bíonn plé eadrainn faoi bheartas thar réimse earnálacha. Baineann an Rialtas agus na NGOanna leas as an ngaolmhaireacht seo.

Tá buntáistí soiléire ag baint le hobair a dhéanamh leis na NGOanna. Bíonn sé ar chumas na NGOanna dul chuig láthair na tubaiste go han-tapaidh. Is féidir leo feidhmiú ag leibhéal áitiúil agus pobail, ag cabhrú chun an tsochaí shibhialta a neartú agus oibríonn siad go háirithe le grúpaí an-leochaileach nó imeallaithe. Is féidir leis na NGOanna a bheith ina mbealach eile chun cúnamh a thabhairt nuair a bhíonn na cúinsí i dtír mí-oiriúnach chun gaolmhaireachtaí idir-rialtasach a fheidhmiú. Is féidir le hobair na NGOanna cabhrú le gaolmhaireachtaí struchtúrtha.

Tá ról tábhachtach ag NGO forbartha ag coinneáil saincheisteanna forbartha faoi bheartas poiblí ar chlár na meáin.

### Maoiniú d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

De réir mar a mhéadaigh an chlár, tháinig méadú freisn ar an maoiniú atá ar fáil do NGOanna. Thugamar €48 milliún do NGOanna sa bhliain 2001 agus faoin mbliain 2005 b'ionann an maoiniú a thugamar agus €100 milliún. I gcomparáid le deontóirí eile, tá an méid airgid a thugaimid do na NGOanna an- ard ag 15-20% in aghaidh na bliana. Is léiriú é seo ar thábhacht na NGOanna ní hamháin i leith an chláir chúnaimh oifigiúil ach i gcur chuige na tíre i leith na forbartha san iomlán. Is sainghné agus is gné thábhactach den chlár é.

Leanfaidh an earnáil neamhrialtasach in Éirinn ar aghaidh mar phríomhchomhpháirtí do Chlár Chúnamh Éireann.

Féadfar an maoiniú atá ar fáil do na NGOanna a mhéadú de réir mar a mhéadaíonn an clár. Cúiseoidh an maoniú breise seo dúshláin ó thaobh bainistíochta agus cuntasachta de don earnáil NGO, agus beidh sé sin amhlaidh ar fud an chláir. Táimid réidh chun cúnamh a thabhairt d'eagraícohtaí chun a n-inniúlacht a thógáil ionas gur féidir leo feidhmiú go héifeachtúil agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní breise atá ar fáil.

Aithnímid go mbíonn maoiniú ilbhliantúil agus intuartha ag teastáil ó NGOanna chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid gníomhaíochtaí fadtéarmacha. Tá riachtanas ann chomh maith chun deiseanna agus cúnamh a thabhairt do NGOanna níos lú agus do NGOanna nua atá ag cur tús lena gcuid oibre. Tar éis dul i gcomhairle le pobal na NGOanna in Éirinn, cuíchóiríodh na meicníochtaí chun cúnamh a thabhairt do NGOanna, agus as sin tá trí scéim tagtha chun cinn chun freastal ar riachtanais na hearnála éagsúla seo.

**Clár Scéim Ilbhliantúil (MAPS)**
Déanann sé seo foráil do chomhpháirtíochtaí idir an Rialtas agus líon beag NGOanna (faoi láthair is iad seo Christian Aid Ireland, Concern, GOAL, Self Help International agus Trócaire). Cuireann sé maoiniú suntasach agus intuartha ar fáil ar feadh cúig bliana chun tacú leis na spriocanna a aontaíodh orthu. Tá gaolmhaireacht láidir forbartha ag na NGOanna atá páirteach i MAPS le Cúnamh Éireann agus thar am tá sé léirithe acu go bhfuil nósanna imeachta agus córais chuí i bhfeidhm acu mar aon le hinniúlacht láidir um bainistíocht airgeadais. Déanfar machnamh chun an scéim a leathnú amach chuig eagraíochtaí eile.

**Ciste Forbartha na Sochaí Sibhialta:**
Beidh an ciste nua seo, a tharraing le chéile roinnt cistí eile, solúbtha go leor chun freastal ar réimse leathan riachtanais. Ní bheidh incháilitheacht ar airgead teoranta go NGO amháin; déanfar measúnú ar iarratais ó eagraíochtaí eile cosúil le hinstitiúidí ardoideachais. Cuirfear airgead ar fáil do ghníomhaíochtaí chun bochtaineacht a laghdú i dtíortha bochta atá ag forbairt. Beidh ar eagraíochtaí a léiriú go bhfuil an cumas acu gníomhaícohtaí beartaithe a chur i bhfeidhm, agus go bhfuil siad iontach ó thaobh airgid de, go gcloíonn siad le dea-chleachtais forbartha agus le inbhuanaitheacht airgeadais.

**Scéim Micreathionscadal:**
Cabhróidh an scéim seo go mór leis na heagraíochtaí nua agus níos lú, le deontais suas le €20,000. Is é an phríomhchritéir a bhainfidh le hairgead a thabhairt ná: ábharthacht i leith riachtanais áitiúla agus fócas ar bhochtaineacht, inbhuanaitheacht na dtionscadal, éifeacht ar chomhionannas inscne agus éifeachtacht agus feidhmiúlacht.

Beidh maoniú ar fáil do scéimeanna éigeandála agus athshlánaithe lasmuigh de na scéimeanna seo.

## Infheictheacht ár gComhoibriú

Ag teacht leis an sprioc chun infheictheacht an chláir oifigiúil chúnaimh a mhéadú, beifear ag súil go dtabharfadh na NGOanna aiteantas cuí don chúnamh airgid a thugann Cúnamh Éireann.

## Ag tabhairt tacaíochta d'Forbairt na hEarnála Neamhrialtasaí

Chonacthas fás suntasach ar líon na NGOanna forbartha le déanaí. Sa chomhthéacs seo tá sé riachtanach go gcoinnítear slán deacháil, agus gairmiúlacht agus caighdeán ardoibre NGOanna na hÉireann i gcónaí. Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe NGO le cinntiú go gcoinnítear an caighdeán seo.

Táimid tiomanta d'athchóiriú cuimsitheach ar an dlí chun cuntasacht a chinntiú agus chun cosaint i gcoinne mí-úsáid stádas carthanachta agus na calaoise. Tá an fhreagracht seo ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Thug an Rialtas formheas do Scéim Ginearálta don Bhille um Rialáil na gCarthanachtaí 2006 agus tá reachtaíocht á dhreachtú.

Tá an cead agus an fhreagracht ar shaoránaigh páirt a ghlacadh i gcinntí polaitiúla a théann i bhfeidhm ar a saol agus tionchar a bheith againn ar na cinntí sin chomh maith. Is é atá mar aidhm againn ná sochaí a bhunú a fheidhmeoidh ar bhonn níos fearr.

Teastaíonn uainn timpeallacht a chruthú a chabhróidh le daoine rudaí a bhaint amach agus chun muinín an phobail a neartú san earnáil trí na caighdeáin arda trédhearcachta agus cuntasachta reatha a láidriú, nithe atá riachtanach sa réimse seo.

### Miniséirí

Is iad eagraíochtaí Mhisinéirí na hÉireann a bhí ina gceannródaithe sa réimse seo den chomhoibriú forbartha. Bhí a n-obair siúd ann roimh chlár forbartha an Rialtais agus ar bhealaí áirithe táimid ag leanúint a dtreoir.

Tá saineolas agus líonraí cuimsitheacha curtha le chéile ag eagraíochtaí na misinéirí a úsáideann siad chun cúnamh a sheachadadh. Tá athshondas láidir ag obair agus ról na misinéirí le muintir na hÉireann agus tá tacaíocht láidir acu freisin. Seans nach bhfuil an infheictheacht chéanna ag baint lena gcuid oibre agus tá sé thar a bheith luachmhar mar sin féin.

Tá bunús níos láidre curtha againn anois inár gcomhoibriú leis na misinéirí trí Sheirbhís Acmhainne Mhisinéirí na hÉireann a bhunú. Tabharfaimid tacaíocht d'eagraíochtaí na misinéirí chun pleanáil a dhéanamh don todhchaí agus chun oiriúnú a dhéanamh i dtimpeallacht forbartha atá ag síorathrú.

Is tríd an mbuiséad cúnaimh a mhéadú a bheimid ábalta níos mó airigid a thabhairt d'eagraíochtaí na misinéirí a bhfuil de chumas acu cúnamh a sheachadadh ar an talamh. Is í Seirbhís Acmhainne Mhisinéirí na hÉireann a bheidh ina phríomhbhealach chun an maoiniú seo a sheoladh ar aghaidh.

### An tSochaí Shibhialta i dtíortha atá ag forbairt

Is gá do gach grúpa sa tsochaí a pháirt féin a ghlacadh i bpróiseas na forbartha. Tá an cead agus an fhreagracht ar shaoránaigh páirt a ghlacadh i gcinntí polaitiúla a théann i bhfeidhm ar a saol agus tionchar a bheith acu orthu chomh maith. Is féidir na cearta agus na freagrachtaí seo a úsáid trí struchtúir fhoirmeálta (e.g. vótáil sna toghcháin) agus tríd iad féin a eagrú chun seirbhísí níos fearr a éileamh óna rialtais. I dtéarmaí níos leithne is féidir leo rialtas níos freagraí agus níos cuntasaí a éileamh. Tá an réimse grúpaí ó thaobh na saghsanna agus an líon díobh atá ann ollmhór.

Trí obair a dhéanamh le rialtais inár gclárthíortha, táimid ag iarraidh feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí bunúsacha agus cúramshláinte agus oideachas san áireamh. Is féidir le grúpaí laistigh de na tíortha seo seirbhísí níos fearr a eagrú agus a éileamh sna réimsí seo agus i réimsí eile. Is féidir leo riachtanais a chur in iúl agus feidhmiúlacht an rialtais i ndáil le ceartas daonna agus nithe eile a mheas. Is é sin an tsochaí shibhialta ag gníomhú.

Is tríd ár gcur chuige clárthíre atáimid ag cur an bhunfhreagracht ar an rialtas as forbairt a dhéanamh, agus is trí thacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta a chuirimid an fhreagracht chéanna i lámh na saoránach. Is é atá mar aidhm againn ná sochaí a bhunú a fheidhmeoidh ar bhonn níos fearr.

Sna clárthíortha, tugaimid tacaíocht do straitéisí atá faoi cheannas rialtais dírithe ar bhochtaineacht a laghdú. Spreagaimid tuilleadh rannpháirtíochta ón tsochaí shibhialta sna próisis chomhchomhairle agus phleanála a chuireann leis na straitéis seo. Spreagfaimid rannpháirtíocht na sochaí sibhialta go háirithe sa phróiseas pleanála agus monatóireachta, cosúil le forbairt na bPáipéar Straitéise chun Bochainteacht a Laghdú.

Déanann NGOanna na hÉireann an-chuid oibre trí na comhpháirtithe áitiúla. Is príomhbhealach é seo dár gcúnamh chuig an tsochaí shibhialta. *Leanfaimid orainn ag spreagadh na NGOanna chun comhpháirtiochtaí a fhorbairt agus a neartú le heagraíochtaí i dtíortha atá ag forbairt.*

Caithfidh an tacaíocht don tsochaí shibhialta a bheith oiriúnach do na cúinsí faoi leith atá i bhfeidhm sa tír i gceist. Caithfear a bheith cúramach gan an bonn a bhaint de na hinstitiúidí daonlathacha. Go hidéalach níor cheart go spreagfaí eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta seirbhísí comhthreomhara a thosú, mar shampla i réimse na sláinte, ach ba cheart go gcruthódh sé spreagadh nó brú ionas go ndéanfaidh an stát obair níos fearr. Ach, toisc an scála riachtanais atá ann, leanfaidh siad orthu ag glacadh ról tábhachtach i soláthar díreach na seirbhísí seo.

## Cead Cainte agus Ról na Meán i dTíortha atá ag Forbairt

Is féidir le cead cainte agus saoirse na meán a bheith ina fhórsa láidir chun rialachas níos fearr agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Is i an oscailteacht ceann de na modhanna is fearr chun stop a chur le leatrom ar chearta an duine agus freagrachtaí dlíthiúla.

Is féidir le meáin chumarsáide a bheith ina phríomhimreoir mar chuid den tsochaí shibhialta níos leithne i dtíortha atá ag forbairt.

Tá an nasc idir na meáin agus an stát polaitiúil agus dá bhrí sin is nasc an-ghoilliúnach é. Tá úinéireacht an stáit ar nuachtáin agus ar theilifís i bhfad níos airde i dtíortha na hAfraice agus sa Mheán Oirthear. Ar an meán, tá rialtais na hAfraice i gceannas ar 61% de na cúig pháipéar is mó ráchairte agus tá fáil acu ar 85% den lucht féachana den chúig stáisiún teilifíse is mó ráchairte. Má chuirimid é seo i gcomparáid le hlarthar na hEorpa, níl seilbh ag an stát ar aon cheann de na cúig nuachtán is mó ráchairte.

In ainneoin réimeas an stáit sna meáin náisiúnta, tá fás suntasach tagtha ar líon na stáisiún raidió príobháideach, áitiúil agus pobail agus ar líon na nuachtán neamhspleách ar fud roinnt mhaith de thíortha na hAfraice, agus an chuid is mó dár gclárthíortha san áireamh. Tá éifeacht aige seo ar an bpobal sa chaoi is go nascann sé le chéile iad agus anois tá tuiscint níos fearr ag daoine ar shaincheisteanna cosúil le VEID/SEIF.

Is féidir leis a bheith beagán achrannach do dheontóirí a bheith ag obair leis na meáin i dtíortha atá ag forbairt. Ach toisc an tábhacht a bhaineann leis na meáin, tá sé riachtanach go labharfaidh deontóirí amach ar son trédhearcacht níos mó, ar son úineireacht níos leithne agus ar son saoirse níos mó do na nuachtáin agus sinn uile ag plé lenár rialtais chomhpháirtíochta agus é seo a dhéanamh ar bhonn atá oscailte agus trédhearcach.

*Tabharfaimid tacaíocht ghníomhach do mheáin chumarsáide ata neamhspleách agus saor a chur chun cinn inár gclárthíortha, trí idirbheartaíochtaí le rialtais agus trí thacaíocht a thabhairt do chumas na meán tionscnaimh a thógáil, cosúil le cláir chun iriseoirí a oiliúint agus chun trealamh a thabhairt chun dáta. Anuas ar sin tabharfaimid tacaíocht do thionscadail agus do chláir a spreagann níos mó comhoibrithe idir na meáin agus an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí cearta daonna.*

# Éire, Na Náisiúin Aontaithe (NA) agus Forbairt

Tá ár mballraíocht leis na Náisiún Aontaithe ina bhunchloch do bheartas eachtrach na hÉireann ó chuamar isteach sa bhliain 1955. Léiríodh an dea-cháil atá ar Éirinn i gcóras na NA nuair a chaitheamar dhá bhliain ar an gComhairle Slándála (2001 - 2002) agus ról an Aire Gnóthaí Eachtracha mar thoscaire an Ard-Rúnaí um Athchóiriú na NA díreach roimh an gcruinniú mullaigh domhanda sa bhliain 2005.Tá Éire ina tacaí leanúnach maidir le gníomhaíochtaí na NA chun an tsíocháin a choimeád, agus glacann sí páirt sna gníomhaíochtaí sin chomh maith, go mórmhór san Afraic.

Ag Cruinniú Mullaigh Athbhreithnithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005, chuir ceannairí an domhain béim ar na naisc idir slándáil, forbairt agus cearta daonna agus an riachtanas atá ann dul chun cinn a dhéanamh sna trí réimse sin. Tá ár rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forbartha na NA, ina chuid lárnach dár rannpháirtíocht i gcóras na NA ar an iomlán.

Tá ról tábhachtach ag an eagraíocht chun comhaontú idirnáisiúnta a thógáil ar na príomhdhúshláin forbartha. Is ról normatach é seo, agus cabhraíonn sé le clár a leagadh síos do bheartas forbartha idirnáisiúnta. Ghlac na NA ról thar a bheith tábhachtach i ndréachtú Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus chuir sé i gcroílár an chláir forbartha idirnáisiúnta iad.

Tá roinnt láidreachtaí faoi leith ag na NA sa réimse forbartha. Má sheoltar cúnamh tríd na NA seachnófar ilroinnt agus dúbláil iarrachtaí na ndeontóirí agus soláthrófar barainneachtaí an mhórscála Tá cistí agus cláir na NA ina gcomhpháirtithe tábhachtacha d'Éirinn sna tíortha ina bhfuilimid ag obair.

Is tríd ár gcomhpháirtíocht leis na NA ar féidir linn cúnamh a chur ar fáil agus freagairt don riachtanas a bhíonn ar réimse tíortha atá i bhfad níos leithne ná mar is féidir linn a dhéanamh tríd ár gclár déthaobhach amháin.

## Athchóiriú

Caithfidh athchóiriú a bheith go hard ar chlár oibre na NA agus ar chlár oibre a baill chomh maith. Táimid ag súil níos mó den chomhtháthú a fheiceáil ar fud chórais na NA agus luach ar airgead a chinntiú inár gcomhoibriú leis an eagraíocht. Tabharfaimid tacaíocht do chéimeanna chun comhtháthú a mheadú i bhforbairt na heagraíochta seo, gníomhaíochtaí daonnúla agus timpeallachta, agus ag an am céanna na naisc idir chodanna normatacha agus feidhmiúla na NA a choinneáil.

Ba chóir go mbeadh gníomhaireachtaí, cistí agus cláir na NA níos fócasaithe agus níos éifeachtaí ina n-iarrachtaí freastal a dhéanamh ar dhúsláin uilíoch na 21ú huoise trí phróiseas athchóirithe agus ba chóir úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní a sholáthraíonn na Ballstáit. Neartóidh athchóiriú na Náisiún Aontaithe agus beidh sé níos ábharthaí i leith riachtanais fhorbartha.

## Tiomantas na hÉireann

Le blianta beaga anuas, rinne Éire cuíchóiriú ar a rannpháirtíocht le cistí agus le cláir na NA ag díriú a tacaíochta ar roinnt cistí agus cláir inár bunaíodh comhpháirtíochtaí straitéiseacha. Mar aon leis an díriú seo tháinig méaduithe suntasacha ar thoirt iomlán na maoinithe a cuireadh ar fáil. De thoradh air sin tá guth níos láidre ag Éirinn agus í ag dul i bpáirt leis na cuideachtaí seo. Is iad na faighteoirí cúnaimh is mó a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann ná, Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) Ciste Leanaí na NA (UNICEF) agus Oifig an Ard-Choimisinéara do Dhídeanaithe (UNHCR).

Anuas air sin bíonn Ranna Rialtais eile ag dul i bpáirt le réimse leathan cistí agus clár na NA agus ag cabhrú leo ó thaobh airgid de, cosúil leis an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) Clár Bhia an Domhain (WFP), An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir

Is tríd ár gcomhpháirtíocht leis na NA ar féidir linn cúnamh a chur ar fáil agus freagairt do na riachtanais a bhíonn ar réimse tíortha atá i bhfad níos leithne ná mar is féidir linn a dhéanamh tríd ár gclár déthaobhach amháin.

na Náisiún Aontaithe (UNESCO). Tá cuid mhaith den mhaoiniú a chuirtear ar fáil mar seo dírithe ar chomhoibriú forbartha. I réimsí maoinithe cosúil le hoideachas, sláinte agus slite beatha bíonn na rannpháirtíochtaí seo riachtanach mar chuid den chlár cúnaimh.

Le suimeanna méadaithe airgid phoiblí ar fáil anois do na NA, tá freagracht mhéadaithe orainn anois páirt a ghlacadh i spriocanna beartais na gcistí agus na gclár a shainmhíniú agus a monaitóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre.

Déanfaimid measúnú agus iniúchadh níos láidre ar ár rannpháirtíochtaí leis na NA agus san áireamh ann beidh teagmháil díreach idir Aonad Measúnaithe agus Iniúchtha Chúnamh Éireann agus le cláir agus cistí na NA.

Tá comhchomhairle lenár gcomhpháirtithe sa NA agus rannpháirtíocht ghníomhach sna Boird Ard-Fheidhmeannacha thar a bheith tábhachtach. Agus a gcuid oibre á mheas againn, coinnítear sinn ar an eolas trí chomhchomhairle a dhéanamh le deontóirí eile agus trí thuairiscí ónár misiúin faoin bhfeidhmiúlacht sa réimse. Rachaidh an Mhonatóireacht agus an measúnú i bhfeidhm ar chinntí sa todhchaí faoi mhaoiniú.

Seo a leanas an chritéir leathan a bheidh mar threoir duinn inár rannpháirtíocht sa todhchaí le gníomhaireachtaí na NA:

**Comhleanúnachas le hollspriocanna forbartha na hÉireann,** agus go mórmhór ár bhfócas ar bhochtaineacht a laghdú;

**Bainistíocht éifeachtach agus feidhmiúil,** agus fócas sóiléir ag gach ciste nó gníomhaireacht ar a shainordú féin, agus comhoibriú laistigh de theaghlach na NA, d'fhonn an tionchar is mó a chinntiú;

**Tiomantas d'Athchóiriú,** is gá go mbeadh sé seo ina phróiseas leanúnach, toisc é a bheith riachtanach le haghaidh éifeachtacht na heagraíochta agus chun muinín na ndeontóirí agus an phobail a choimeád;

**Ag obair i gcomhpháirt le rialtais thíortha atá i mbéal forbartha** agus i gcomhordú leis an mBanc Domhanda agus le deontóirí iltaobhacha agus déthaobhaha eile.

Téann an chuid is mó dár n-airgead chuig gníomhaireachtaí na NA agus chuig a chiste lárnach go sonrach, tugann sé seo an tsolúbthacht do ghníomhaireachtaí a dtosaíochtaí féin a shonrú laistigh den sainordú a aontaíodh. I gcás na ngníomhaireachtaí níos mó, cuirfear maoiniú ar fáil ar bhonn tiomantas ilbhliantúil, chun an tseasmhacht agus an intuarthacht atá riachtanach do phleanáil éifeachtach a dhéanamh. Beidh sé seo amhlaidh , ag brath ar fheidhmiúlacht shásúil. Tá sé tábhachtach fós airgead a chur ar leataobh do shuímh éigeandála. Féadfar airgead a chur ar leataobh i gcás cistí áirithe fad is atáimid ag tógáil gaolmhaireacht bunaithe ar mhuinín agus iontaobh.

De réir mar a leanann an clár ar aghaidh ag méadú, cuirfear acmhainní breise ar fáil do chomhoibriú leis na NA. Féadfar a bheith ag súil leis go mbeidh sé de thoradh air seo go mbeidh tacaíocht mhéadaithe ann do ghníomhaíochtaí reatha na NA agus go mbeidh tacaíocht ann do ghníomhaíochtaí nua. Sampla amháin de seo is ea an Ciste um Thógáil na Síochána, a bunaíodh ag eascairt as Cruinniú Mullaigh an Domhain 2005 agus táimid tiomanta don chiste seo a mhaoiniú.

*Méadóimid ár gcomhoibriú le cistí agus le cláir na Náisiún Aontaithe d'fhonn cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú, mar aon le comhsheasmhacht lenár gcur chuige i leith chúnaimh forbartha agus lenár dtacaíocht d'athchóiriú na NA.*

# Éire, an tAontas Eorpach agus Forbairt

Is cuid lárnach é cúnamh forbartha an Aontais Eorpaigh de chlár Chúnamh Éireann agus oibreoimid le caighdeán an chúnaimh sin a fheabhsú agus le héifeachtacht an tseachadta a fheabhsú fresin.

Is é an tAontas Eorpaigh an deontóir is mó ar domhan má thógtar an Pobal agus na Baillstáit le chéile, cuireann sé níos mó ná leath de ODA an domhain ar fáil. Is é an AE an comhpháirtí trádála agus eacnamaíoch is tábhachtaí do thíortha atá ag forbairt.

Laistigh den Aontas Eorpagh, is inniúlacht roinnte é comhoibriú forbartha idir an tAontas Eorpach ar lámh amháin agus na Baillstáit ar an lámh eile.

Bainistíonn Coimisiún na hEorpa cúnamh forbartha a sheachadtar trí Bhuiséad an Phobail agus an Ciste Forbartha Eorpach. Sa bhliain 2004, seachadadh 15% de ODA iomlán na hÉireann trí na bealaí seo. Tá an méid cúnamh sin le méadú. Cabhraíonn an méid airgid a thugann Éire, (rinneadh measúnú air seo) chuig an 10Ú Ciste Forbartha Eorpach leis an Afraic, an Chairib, agus tíortha an Aigéin Chiúin agus meadóidh sé mar chuid den chiste, arb ionann é agus €200 milliún thar tréimhse sé bliana.

Mar sin is cuid lárnach é cúnamh forbartha an Aontais Eorpaigh de Chlár Chúnamh Éireann. Tá sé tábhachtach gur féidir le hÉirinn monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an gcúnamh agus go mbíonn cur isteach aici ag leibhéal beartais, agus é d'aidhm aici caighdeán cúnaimh an Phobail a ardú mar aon le héifeachtacht a seachadta a ardú fresin.

Tá ról ag an Aontas ó thaobh noirm a leagan síos freisin. Aontaítear ar chur chuige comhchoiteann i leith na ndúshlán forbartha agus leanann na ballstáit agus an Pobal iad sin. Is é an Comhaontú Eorpach, a aontaíodh ag Comhairle na hEorpa sa bhliain 2005, a shonraíonn díbirt na bochtaineachta mar an bhunsprioc agus an ollsprioc atá ag comhoibriú forbartha an AE'. B'ábhar imní é seo d'Éirinn go n-aontófaí é seo agus idirbheartaíocht á dhéanamh ar an téacs.

Toisc gur deontóir i Éire, a thugann cúnamh d'ardchaighdeán, tá an deis aici dul i bhfeidhm ar bheartas forbartha an AE. Má oibrímid le deontóirí eile san AE leis an dearcadh céanna is féidir linn an tionchar sin a mhéadú. Ag teacht le tosaíochtaí forbartha agus le cleachtais forbartha na hÉireann, déanfaidh Éire an méid seo a leanas:

Cinnteoidh sí go rachaidh sciar níos mó de chúnamh an AE chuig na Tíortha is Lú Forbartha.

Spreagfar deontóirí eile an AE bogadh i dtreo cúnamh atá 100 % saor ó cheangal a thabhairt.

Déanfar gach iarracht an comhleanúnachas ag leibhéal an AE a neartú, ionas go méadaítear beartais an AE ar gach leibhéal spriocanna forbartha an AE.

### Comhordú agus Comhtheacht

Tá comhordú agus comhtheacht méadaithe i measc na ndeontóirí riachtanach chun éifeachtacht an chúnaimh a mhéadú agus chun úinéireacht áitiúil na forbartha a spreagadh.

Is é an tAontas Eorpach an deantóir is mó ar domhan, cuireann sé níos mó ná leath de ODA an domhain ar fáil.



*Bean le scáth fearthainne a dheonaigh an AE, i gcampa teifeach, Mae La Oon, An Téalainn.*
In 2004, chuir an AE breis is €10 billiún ar fháil mar chúnamh don fhorbairt.

Tá meicníochtaí agus struchtúir láidre i bfeidhm cheana féin ag an AE chun comhoibriú idir na ballstáit a spreagadh, agus dá bhrí sin tá an AE sa suíomh ceart chun cur isteach mór a dhéanamh i ndáil leis seo, agus ag an am céanna meas a thabhairt do ról tosaigh an OECD gan an bonn a bhaint den phríomhphrionsabal, sé sin go mbeadh an fhorbairt á threorú go háitiúil.

## Meantóireacht do Bhallstáit nua an AE.

Ag tarraingt ar níos mó ná tríocha bliain taithí, *leanfaimid orainn inár gclár meantóireachta do na Ballstáit nua,* ag cabhrú leo forbairt go tapaidh agus cabhrú leo a n-inniúlacht a fhorbairt sa rémse um beartas forbartha a chumadh agus a chur i bhfeidhm.

## Comhleanúnachas idir Ionstraimí an Aontais

Is é an tAontas Eorpach an deontóir agus an bloc trádála is mó ar domhan. Tá gaolmhaireachtaí struchtúrtha aige ar fud an domhain agus tá tionchar nach beag aige ar imeachtaí domhanda. Cinnteoimid go dtagann beartais agus prionsabail an Aontais leis na prionsabail sonraithe sa Pháipéar Bán seo agus nuair is féidir é, go rachaidh sé chun leasa na ndaoine is boichte ar domhan.

# Éire, an Banc Domhanda agus Forbairt

Is é an Banc Domhanda tríd an gCumann Forbartha Domhanda (IDA), a thugann cúnamh trí airgead a ligean amach agus deontais a chur ar fáil ar chostas íseal, an fhoinse is mó de chúnamh forbartha seachtrach atá ann do Thíortha ar Ioncam Íseal (sin tíortha le hioncam in aghaidh an duine de níos lú ná $965 sa bhliain 2005). Cuirfidh clár reatha an IDA suas le US $33 billiún ar fáil i bhfoirm deontais agus iasachtaí do na tíortha is boichte idir 2005 agus 2008.

Maoinítear an IDA trí ranníocaíochtaí óna bhaill agus ó sciar den ioncam ó fheidhmíochtaí eile an Bhainc Dhomhanda. Tá Éire ina ball den IDA ó 1960 agus faoi lár 2005 chuir sí $206,690,000 ar fáil dá chaipiteal. Tá sé de chumhacht ag an Aire Airgeadais ranníocaíochtaí a dhéanamh faoi Achtanna na gComhaontaithe Bretton Woods agus trí Achtanna na mBanc Forbartha agus tá dlite air tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Oireachtas faoi rannpháirtíocht na hÉireann sa Bhanc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Faoi chlár reatha an IDA tá Éire ag tabhairt €70 milliún eile agus anuas air sin, cuirfidh sí €59 milliún ar fáil don IDA sa bhliain 2006 chun cabhrú fiacha a chealú. Is modh suntasach é an IDA dá bhrí sin chun ODA na hÉireann a chur ar fáil.

I dtíortha forbartha, tá tionchar mór ag an mBanc Domhanda ó thaobh cinntí beartais agus ó thaobh acmhainní a leithdháileadh, toisc an méid cúnaimh a thugann sé, toisc a chumas anailís a dhéanamh ar obair agus toisc a ghaolmhaireacht láidir leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Ní chuireann an IMF an t-uafás airgeadais forbartha ar fáil, ach tá ról suntasach aige chun beartais mhicrea-eacnamaíochta na dtíortha sin a mhúnlú.



*Lánseisiún de Chruinnithe Bliantúla an IMF/an Bhainc Dhomhanda*

Tá tionchar díreach ag beartas agus ag an timpeallacht institiúideach i gclárthíortha na hÉireann ar éifeachtacht an chúnaimh fhorbartha a chuirimid ar fáil. Déanfaimid iarracht a chinntiú go spreagfaidh idirghabhálacha an Bhainc Dhomhanda agus an IMF timpeallacht fhabhrach i leith éifeachtacht ár gcúnaimh dhéithaobhaigh agus i leith na MDGanna a bhaint amach.

Is é an tAire Airgeadais a sheasann d'Éirinn ar Bhord Gobharnóirí an Bhainc Dhomhanda, seasann sé mar Ghobharnóir agus mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais mar Gobharnóir mhalartach. Chomh maith leis sin, tá an tAire Airgeadais ina Ghobharnóir ar an IMF agus ina Ghobarnóir ar Bhanc Ceannais na hÉreann mar Ghobharnóir Malartach. Tagann Boird na nGobharnóirí le chéile uair sa bhliain.

Is iad na Boird Feidhmeannacha a bhainistíonn gnó laethúil an Bhainc Dhomhanda agus an IMF, agus tá Éire ina ball den toghcheantar faoi cheannas Cheanada.

Beidh dlúth-chomhoibriú idir an Roinn Airgeadais, atá freagrach go príomha as Institiúidí Bretton Woods agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha atá freagrach as clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann um chomhoibriú forbartha a phleanáil agus a sheachadadh. Tógfar ar na teagmhálacha oibre idir an dá Roinn cheana féin chun a chinntiú go gcuirfear spriocanna forbartha na hÉireann chun cinn ar an mbealach is éifeachtaí agus ionas gur féidir an réimse iomlán acmhainní agus saineolais a chur i bhfeidhm ar ár bpairtíocht leis na hinstitúidí idirnáisúnta airgeadais.

## Faoiseamh ó Fhiachas

Tá deá-cháil ar Éirinn maidir lena seasamh faoi fhaoiseamh ó fhiachas do thíortha atá ag forbairt. Ní creidiúnaí déthaobhach í Éire toisc go dtugann sí a cuid cúnaimh i bhfoirm deontais i gcónaí. Is sinne a bhí chun tosaigh ag labhairt amach ar son faoisimh 100% ar fhiachas a thabhairt do na Tíortha is Lú Forbartha, agus is sinn an chéad rialtas de thír forbartha a rinne é sin.

I mbliana tá €59 milliún tiomanta againn d'fhaoiseamh iltaobhach ó fhiachais tríd an mBanc Domhanda.

Tá sé an-tábhachtach go n-aithneofar nach é faoiseamh ó fhiacha an phriomhsprioc. Is éard atá i gceist ná acmhainní breise a chur chun cinn chun forbairt a mhaoiniú. Sa Bhanc Domhanda agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile, teastaíonn uainn deimhin a dhéanamh de go bhfuil an maoiniú chun faoiseamh a thabhairt ó fhiachas sa bhreis ar na hacmhainní a tiomnaíodh do chomhoibriú forbartha agus gurb é toradh an fhaoisimh sin ná go gcuirfear breis acmhainní ar fáil sna LDCanna do ghníomhaíochtaí chun bochtaineacht a laghdú.



*Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó*

Toisc an obair atá déanta againn faoiseamh a thabhairt do thíortha ó fhiacha agus toisc an idirbheartaíocht ar a son, tá sé d'aidhm ag Cúnamh Éireann pobail lánfheidhmeacha a thógáil agus a chinntiú go mbainfeadh na daoine is mó i ngátar fónamh as buntáistí an domhandaithe

# Cá mbímid ag obair?

# An Afraic

*Is í an Afraic a bheidh mar phríomhfhócas geografach do Chúnamh Éireann.*

Is de bharr an riachtanais go bhfuil an fócas seo againn: tá dhá thrian de na tíortha is boichte ar domhan san Afraic. San Afraic fho-Shahárach tá líon na mbocht ag síormhéadú agus tá gnáthioncam na ndaoine is boichte ag laghdú. Níl os cionn aon trian de na leanaí cláraithe sa bhunscoil. Ar an iomlán tá an dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha Mílaoise is moille á dhéanamh san Afraic. Téann isteach is amach le 80% de ODA na hÉireann chuig an Afraic.

Tá níos mó i gceist le gaolmhaireacht na hÉireann leis na Afraic ná soláthar cúnaimh. Is fiú na milliún euro gach bliain é an trádáil a dhéanann Éire leis an Afraic gach uile bhliain. Tá níos mó daoine de bhunadh na hAfraice anois ina gcónaí agus ag obair in Éirinn agus tá líonra de mhisin taidhleoireachta againn san Afraic. Bhíomar bainteach le héigeandáil a bhainistiú agus an tsíocháin a choimeád i bhfeidhmíochtaí formheasta ag na NA ar fud mór-roinn na hAfraice agus beidh sé ina fhócas i gcónaí dár n-iarrachtaí tacaíocht a thabhairt don tsíocháin. Is é Clár Chúnamh Éireann an príomhbhealach a théann an rialtas i ngleic leis na fadhbanna san Afraic.

Tá sé cinn de chlárthíortha na hAfraice san Afraic fho-Shahárach. An Aetóip, Leosóta, Mósaimbíc, An Tansáin, Uganda, agus an tSaimbia. Anuas ar sin tá cláir shuntasacha eile againn sa Libéir, i Siarra Leon, agus san Afraic Theas. Táthar ag smaoineamh ar leathnú teoranta a dhéanamh ar chlárthíortha. Díreoidh an leathnú seo ar an Afraic.

Laistigh den AE tá fócas méadaithe ar an Afraic. I mí na Nollag 2005, ghlac Ceannairí Stáit agus Rialtais Bhallstáit uile an AE, agus an Taoiseach san áireamh le straitéis do ghaolmhaireachtaí an Aontais leis an Afraic. Is céim chun tosaigh é Straitéis an AE i leith na hAfraice ina ghaolmhaireachtaí leis an Afraic. Déileálann sé le forbairt, slándáil agus cearta daonna, le rialachas agus le fás eacnamaíoch. Cuireann an Straitéis seo béim ar úinéireacht, ar chomhpháirtíocht agus ar obair a dhéanamh trí institiúidí Afracacha. Sonraíonn sé tosaíochtaí sóiléire agus spriocanna is féidir a thomhais agus seasann sé don rannpháirtíocht ag an leibhéal polaitiúil is airde san Eoraip leis na dúsláin roimh an Afraic.

## Tacaíocht d'Institiúidí Afracacha

Le blianta beaga anuas tá fás ar na tionscnaimh réigiúnacha agus ar fud na mór-roinne chun déileáil le dúshláin na hAfraice. Tá institiúidí nua ann agus tá athbheochan á dhéanamh ar na sean-instiúidí. Tá deis ann trí obair a dhéanamh leis na hinstitiúidí seo dul i ngleic le saincheisteanna polaitiúila, forbartha agus slándála ar bhonn réigiúnach.

Is é Aontas na hAfraice (AU) a bunaíodh sa bhliain 2002, a sheasann don eagraíocht is uachtaraí a dhéileálann leis na dúshláin slándála agus forbartha atá roimh mhór-roinn na hAfraice. Ghlac an AU an ról tosaigh chun freagra a thabhairt ar an gcoimhlint reatha in Darfur sa tSúdáin. Tá feidhmíochtaí tacaíochta síochánta bunaithe ag an AU sa Bhurúin agus i bPoblacht na hAfraice Láir. Tá an AE ina mhúnla ag an AU ina aidhm chun comhtháthú polaitiúil agus socheacnamaíoch a chur chun cinn ar an mór–roinn. Tá an AU tar éis glacadh le clár socheacnamaíoch dar teideal Comhpháirtíocht Nua d'Fhorbairt na hAfraice (NEPAD). Tionscnamh é seo a bhfuiltear ag súil go gcuirfear creat ar fáil d'fhorbairt na mór-roinne, agus béim ar úinéireacht agus ceannaireacht Afracach.

Tá forbairt an AU tar éis roinnt institiúidí Afracacha tábhachtacha a chur chun cinn, cosúil le Comhairle Síochána agus Slándála an AU, An Pharlaimint Pan-

Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn cothromaíocht ann idir na híomhánna diúltacha den Afraic agus na rudaí dearfacha atá le tairiscint ag an mór-roinn i dtéarmaí a stair

Afracach agus Coimisiún na hAfraice um Chearta na nDaoine agus Cearta Daonna. Tá an AU ag obair go dlúth le heagraíochtaí fo-réigiúnacha san Afraic, go mórmhór iad sin cosúil leis an bPobal Eacnamaíoch de na Stát Iar-Afracacha, atá ag déanamh an-chuid ar son na n-iarrachtaí réigiúnacha chun an tsíocháin a choinneáil.

Is ionann na hinstitiúidí agus na tionscnaimh seo agus tiomantas láidir polaitiúil ag ceannairí na hAfraice a bheith chun tosaigh chun dul i ngleic le fadhbanna na mór -roinne agus tá tacaíocht tuillte acu. Ní fios go fóill cé comh rathúil agus a bheidh siad. Is teist é ar a gcreidiúint an bealach a dhéileálfaidh siad le fadhbanna doleigheasta rialachais i roinnt tíortha Afracacha. Tógfaidh sé go leor ama chun dul chun cinn a dhéanamh ar fud na mór-roinne sin. Éileoidh sé tacaíocht sheachtrach agus glacfaidh Éire a páirt féin ann.

*Cuirfimid cúnamh ar fáil d'Aontas na Afraice agus d'eagraíochtaí réigiúnacha eile san Afraic, chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an mór-roinn sin.*

## Cláir um Fhorbairt Réigiúnach

Tá gníomhaíocht ag leibhéal réigiúnach riachtanach chun dul i ngleic le fadhbanna nach n-aithníonn teorainneacha réigiúnacha.

Leis na hacmhainní breise airgeadais atá ar fáil anois don chlár, is tráthúil é féachaint ar an seans atá ann tacaíocht a thabhairt do chur chuigí réigiúnacha maidir le forbairt, chun cur leis an méid atá ar siúl againn ag leibhéal tíre.

Tá ceithre cinn de chlárthíortha na hÉireann ina bhaill de na heagraíochtaí réigiúnacha, an Pobal Forbartha na hAfraice Theas (SADC) agus cuirimid cúnamh suntasach ar fáil don chúigiú ball, an Afraic Theas.

Cuireann sé seo eolas agus taithí ar fáil dúinn chomh maith leis an mbunús polaitiúil agus riaracháin atá riachtanach chun clár réigiúnach a thógáil san Afraic Theas. Tá comhtháthú réigiúnach tagtha chun cinn go láidir in Iarthar na hAfraice agus b'fhéidir go mbeadh deiseanna eile ar fáil dá réir.

*Féachaimid ar na deiseanna atá ann chun cláir réigiúnacha a fhorbairt san Afraic Theas agus in Iarthar an hAfraice, chun luach breise a chur lenár gcuid oibre laistigh de na tíortha éagsúla.*

## An Afraic in Éirinn

Tá íomhá agus an tuiscint ar an Afraic in Éirinn fós go mór faoi thionchar nádúr agus scála na bhfadhbanna a bhaineann le tearcfhorbairt. Tá sé seo ag athrú beagán, go háirithe toisc go bhfuil níos mó daoine ag teacht ón Afraic chun cónaí in Éirinn agus tá pictiúr níos cuimsithí agus níos coimpleáscaí á chur os ár gcomhair.

Tá sé fíor thábhachtach go mbeidh cothromaíocht ann idir na híomhánna diúltacha den Afraic agus na rudaí dearfacha atá le hofráil ag an mór-roinn i dtéarmaí a staire, a cultúir agus a healaíne, chomh maith le deá scéalta eacnamaíocha agus polaitiúla. Ba cheart aird a dhiriú ar an éagsúlacht idir thíortha agus fiú laistigh de thíortha. Ba cheart aird a tharraingt ar cheannaireacht na hAfraice agus iad ag dul i ngleic le fadhbanna na hAfraice.

*Cuirfidh An Roinn Gnóthaí Eachtracha tacaíocht airgid ar fáil d'imeachtaí chun Lá na hAfraice, 25 Bealtaine, a cheiliúradh, d'fhonn tuiscint níos dearfaí agus níos cuimsithí a chothú faoin Afraic in Éirinn.*

# Obair Dhomhanda Eile

Cé gurb í an Afraic a bheidh mar phríomhfhócas againn, freagróimid do riachtanais in áiteanna eile ar domhan. Toisc go bhfuil acmhainní méadaithe againn i mbliana tá an deis ann ár gcomhoibriú a mhéadú go mórmhór san Áis, áit a bhfuil dhá cheann dár gclárthíortha lonnaithe.

## An Áis

Tá luas na forbartha san Áis le caoga bliain anuas dochreidte, ach ní dul chun cinn cothrom é. Tá cuid de na heacnamaíochtaí is mó fáis taobh le taobh le cuid de na daoine is boichte ar domhain.

Is léiriú é an réimse gaolmhaireachtaí atá ag Éire leis an Áis ar an éagsúlacht sin, agus na naisc thrádála atá ag fás agus an plé polaitiúil déthaobhach atá ar siúl eadrainn mar chuid den AE tríd an bpróiseas ASEM agus ASEAN. Ag féachaint ar na riachtanais i gcuid mhór den Áis, is cuid riachtanach den gaolmhaireacht comhoibriú forbartha.



*Saothraí Ríse in Vítneam*
Díríonn clár fóirithinte Chúnamh Éireann in Vítneam ar rialachas, ar chúrsaí sláinte agus ar an earnáil phríobháideach a fhorbairt, chun cuidiú le Vítneam Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.

Tá dhá chlárthír de chuid na hÉireann san Áis, **Timor Leste (Tíomór Thoir) agus Vítneam.**

Is í Timor Leste an tír is lú forbartha san Áis. Bhí Éire i Timor Leste sular bhain sí neamhspleáchas amach sa bhliain 2002. Tá an cúnamh a thugaimid athraithe anois ó chúnamh éigeandála agus cúnamh daonnúil go comhoibriú forbartha fadtéarmach. Chuir Éire trúpaí agus baill den Gharda Síochána ar fáil, agus iad ag feidhmiú faoi shainordú ón NA, chun an tír a chur ar a bonnaibh féin tar éis dóibh neamhspleáchas a bhaint amach. Is é an príomhfhócas a bheidh ag ár gcúnamh ná coinneáil ar aghaidh le cumas a thógail don Rialtas dírithe ar sheirbhís níos éifeachtaí, cuntasaí a sheachadadh.

Ní laghdóidh an eagóbhsaíocht i Timor Leste ár dtiomantas i leith chúnamh a thabhairt do na daoine. Sa Vítneam tá fócas soiléir á nascadh againn maidir le bochtaineacht a laghdú agus maidir leis an earnáil phríobháideach a fhás.Toisc an fás eacnamaíochta atá déanta ag Vítneam, beidh srian ama le ról an chláir um chomhoibriú forbartha. Tá cuid de chomharsana na Vítneam ag leibhéal forbartha eacnamaíoch i bhfad níos ísle. Soláthróidh Vítnéam bonn agus ó shin is féidir linn **clár réigiúnach a fhorbairt a chlúdóidh Laos agus an Chambóid.**

Le blianta beaga anuas chonacthas géarghá le cúnamh daonnúil san Áis, ag eascairt as an gcoimhlint san Afganasteáin, an crith talún sa Phacastáin agus Súnámaí na hÁise Theas. Táimid tar éis freagairt do na héigeándálaí seo agus tabharfaimid tacaíocht níos mó do na feidhmíochtaí athshlánaithe sna tíortha i gceist.

## Meiriceá Laidineach

Ba cheart go leanfadh comhoibriú forbartha le Méiriceá Laidineach cur chuigí éagsúla bunaithe ar riachtanais féin an réigiúin sin. Cé go bhfuil Méiriceá Láir fós ina fhócas dár gcúnamh déthaobhach, leanfaimid orainn ag maoiniú tionscadal ar fud Mhéiriceá Laidineach agus leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíocht oirúnach don AE, do na tíortha sa réigiún sin.

Is é Méiriceá Láir an réigiún is boichte i Meiriceá Laidineach. Cé nach bhfuil sé le rá faoi aon cheann de thíortha Mhéiriceá Láir go bhfuil siad tearcfhorbartha, tá rátaí an–ard de bhoctaineacht choibhneasta agus de dhearbh-bhochtaineacht ann go mórmhór i gceantair thuaithe. Leag an Stoirm Thrópaiceach Stan sa bhliain 2005 agus Hairicín Mitch sa bhliain 1998 béim ar leochaileacht na ndaoine is boichte roimh eifeachtaí na dtubaistí nádúrtha.

Tá clár comhoibritheach Chúnamh Éireann i Méiriceá Láir dírithe anois ar na tíortha seo. **An tSalvadóir, Hondúras agus Nicearagua.**

Ce go bhfuil ár gcúnamh á sheachadadh go príomha trí eagraíochtaí sa sochaí sibhialta, tá ár ngníomhaiochtaí pleanáilte i gcomhar le rialtais na dtíortha seo.

Beidh ár gcúnamh chuig Méiriceá Láir dírithe orthu seo a leanas:

> Tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an tsaoránaigh i mbeartas poiblí d'fhonn bochtaineacht a laghdú agus trí tacaíocht leanúnach a thabhairt d'inniúlacht sa tsochaí shibhialta a thógáil.

> Cúnamh a thabhairt do dhaoine a slite beatha féin a thógail, trí thacaíocht a thabhairt do thrádáil chóir, agus rochtain ar mhargaí do mhná agus do tháirgeoirí beaga eile a chur chun cinn

Is iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheidh ina phríomhbhealach againn chun cúnamh a sheachadadh. Táimid ag tógáil naisc le heagraíochtaí Éireannacha, NGOanna agus ollscoileanna chomh maith. Cinnteoimid go mbeidh na gníomhaíochtaí a dtugaimid tacaíocht dóibh ag teacht le laghdú náisiúnta na bochtaineachta agus le pleananna forbartha na dtíortha seo.

Méadóidh an méid cúnaimh leithdháilte do Mhéiriceá Láir de réir mar a fhásann an clár uile.



*Caife orgánach á baint in Guatamala*
A bhuíochas leis an gcuidiú a thug Cúnamh Éireann do tháirgeoirí beaga cur le cumas táirgeachta a ngnó i Meiriceá Láir, tá táirgeoirí, oibrithe agus a dteaghlaigh ag baint fónaimh as an gcóras Cóir-Thrádála agus as díolacháin a bhfuil deimhniú eitice acu.

## An Phalaistín

Tá Éire ag tacú le fada an lá le hiarrachtaí chun cabhrú le muintir na Palaistíne. Is tír an-bhocht í an Phalaistín agus tá sí ag brath go mór ar chúnamh toisc an choimhlint faoi thalamh atá ag leanúint ar aghaidh go fóill. Tá an timpeallacht feidhmiúcháin sna Críocha faoi Fhorghabháil sa Phalaistín tar éis éirí i bhfad níos deacra toisc na srianta ar rochtain agus ar ghluaisteacht timpeall agus gan réiteach polaitiúil féadfar féachaint ar chúnamh mar rud maolaitheach seachas mar réiteach ann féin.

Tá clár na hÉireann sa Phalaistín ag freagairt do riachtanais síorathraithe mhuintir na tíre sin. Cuireann Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil do chláir san oideachas agus i bhforbairt tuaithe chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chearta an duine agus do phróiseas an daonlathais trí eagraíochtaí sa sochaí sibhialta a mhaoiniú. Déanaimid gach iarracht fulaingt a mhaolú tríd ár gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí na NA a chuireann seirbhísí daonnúla ar fáil ar an talamh.

Leanfaimid orainn ag obair le cinntiú go seachadfar cúnamh na hÉireann chucu siúd is mó a bhfuil gá acu leis agus le cinntiú go bhfuil ár bhfreagra daonnúil éifeachtach laistigh de chomhthéacs forbartha san fhadtéarma.



*Leanaí ag sroicheadh na scoile – scoil Asharka, Qalquilya, An Bruach Thiar*
Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil don earnáil oideachais sa Phalaistín – scoláireachtaí chuig Ollscoil Bheithil agus tacaíocht dhaonchairdiúil san áireamh.

## An Eoraip agus an Áis Láir

Bhí an tiontú go daonlathas sna Stáit Bhalcánacha agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách (CIS) an-deacair agus chúisigh sé ardú suntasach sa bhochtaineacht san iliomad tíortha. Bhí iarmhairtí móra daonnúla ann toisc na coimhlintí laistigh de na Balcáin agus sna Cugais Theas agus san Áis Láir rud a chúisigh sreafaí méadaithe de theifeigh agus d'imircigh eacnamaíocha, de gháinneáil daoine agus scaipeadh VEID/ SEIF.

Cé go bhfuil an stád polaitiúil sna Balcáin Thiar níos seasta anois, tá sé fós mar cheann de na ceantair is leochailí ó thaobh éigeandála de agus tá neart maoin ó Chúnamh Éireann sa cheantar sin dá réir. Lasmuigh de na Balcáin, teastaíonn ón gClár Comhpháirtíochta cur leis an bhuanseasmhacht agus le slándáil agus leis an tiontú go daonlathas i dtíortha atá ar theorainneacha an AE.

Is ionann cuid mhaith de Chúnamh na hÉireann in Oirthear na hEorpa agus san Áis Láir agus a sciar den mhaoiniú iltaobhach, go mórmhór an Aontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe agus an Banc Domhanda.

Anuas air sin cuireann Cúnamh Éireann maoiniú déthaobhach ar fáil do Chlár Comhpháirtíochta don Eoraip agus don Áis Láir (PPECA). Tá sé d'aidhm ag an gclár dul i ngleic le bochtaineacht a laghdú agus le tacaíocht a thabhairt do thiontú daonlathach sa réigiún.

Oibrímid i gcomhpháirt le roinnt eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta le dea-cháil orthu ar an talamh. Tá oibleagáidí sonracha maoiniúcháin ag Éire sa réigiún ag teacht aníos as Comhaontú Buanseasmhachta d'Oirthear na hEorpa agus dóchas lenár mballraíocht i gComhairle na hEorpa agus an OSCE agus as ár dtacaíocht don bheartas um Chomharsanacht Eorpach. Anuas air sin, teastaíonn ón gClár Comhpháirtíochta tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí tiomsaithe airigid na NGOanna agus teastaíonn ón gClár tacaíocht a thabhairt don obair ar son cúiseanna a dhéanann NGOanna na hÉireann sa réigiún.

*Is iad na tosaíochtaí a bheidh againn ná inniúlacht a thógáil, cearta daonna agus daonlathas agus tacaíocht a thabhairt do na daoine faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí leochaileacha.*



*Foirgneamh a ndearnadh damáiste dó i lár na cathrach, Sarajevo, An Bhosnia-Heirseagaivéin*

Chuir Cúnamh Éireann leis na hiarrachtaí foirmiúla atá ar bun chun aitheantas a thabhairt do dhaoine atá mar íospartaigh an chogaidh agus tá an eagraíocht páirteach san obair atá ar bun tithe cúirte a thógáil i mBosnia don chóras dlí nua sa tír.

# Cur chuige Comhtháite maidir le forbairt

Tá níos mó i gceist le comhoibriú forbartha ná cúnamh a sholáthar. Is cúram don Rialtas uile é ar fud gach réimse beartais.

# Cur chuige Comhtháite maidir le forbairt

Is beartas de chuid an Rialtais uile é beartas um chomhoibriú forbartha agus táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar chomhtháthú ar fud an Chórais Rialtais chun tacú leis an mbeartas seo. Ní fheidhmíonn comhoibriú forbartha scoite amach leis féin ó bheartais eile. Tá éifeacht ag beartais ar fud réimse gnó an Rialtais ar thíortha atá ag forbairt. Tá gá le comhtháthú idir an fhorbairt agus beartais eile chun a n-éifeacht dhearfach ar thíortha atá ag forbairt a mhéadú agus chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú.

## Comhtháthí ar fud an Rialtais

Rinneadh an t-uafás chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir Ranna Rialtais le blianta beaga anuas. Tá sé fíorthábhachtach socruithe foirmeálta a chur i bhfeidhm agus a chinntiú anois go bhforbraítear peirspeictíocht forbartha láidir i bpróiseas cinnteoireachta an Rialtais sna réimsí ábhartha.

*Bunóimid Coiste nua Idir-rannach um Fhorbairt agus is é an tAire Gnóthaí Eachtracha a bheidh mar chathaoireach air, nó má bhíonn sé as láthair, is é an tAire Stáit freagrach as Cúnamh Éireann a bheidh ina chathaoirleach, chun comhleanúnachas a neartú i gcur chuige an Rialtais i ndáil le forbairt agus chun an leas is fearr a bhaint as saineolas agus scileanna ar fud na seirbhíse poiblí.*

Uaireanta, d'fhéadfadh go mbeadh an chuma ar an scéal go mbíonn suim na forbartha ag imeacht ó réimsí an leas náisiúnta. Déanfaidh an Coiste measúnú ar na nithe sin. Cuirfidh an Coiste deis thábhachtach ar fáil chun eifeachtaí forbartha na trádála agus beartais eile a mheas ag na leibhéil is airde sa Rialtas.

Tá níos mó i gceist le comhtháthú ná cinntí a sheiceáil d'éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann don fhorbairt. Baineann sé le poitéinsiúil a aimsiú ar fud an Rialtais do smaointe agus gníomhaíochtaí ar féidir leo cabhrú le forbairt inbhuanaithe domhanda agus le spriocanna Chúnamh Éireann. Chuige seo, roinnfidh Cúnamh Éireann an saineolas agus an taithí atá aimsithe aige le tríocha bliain anuas le hoifigigh ar fud an Rialtais, chun an bonn eolais a neartú d'obair sa todhchaí san earnáil seo.

Cabhraíonn an chuid is mó de na Ranna Rialtais leis an gclár um Chúnamh Oifigiúil cheana. Den chuid is mó, déantar é seo trí dhul i bpáirt le heagraíochtaí iltaobhacha, mar shampla an tacaíocht tugtha ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia chuig don Chlár Bia Domhanda agus an cúnamh a thugann an Roinn Sláinte agus Leanaí don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Ar na gníomhaíochtaí eile tá bainistíocht ag an mBord um Thaighde Sláinte ar chiste chun taighde sláinte domhanda a chothú agus an chomhpháirtíocht idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun deiseanna nua a aithint chun oideachas forbartha a chur chun cinn sa tsraith shinsearach.

Breathnóidh an Coiste ar na deiseanna atá ann chun a leithéid de ghníomhaíochtaí a chur chun cinn, ag baint an leas is fearr as an taithí agus an saineolas ar fáil ar fud an chórais rialtais i gcomhthéacs buiséid chunáimh atá ag méadú. Mar shampla, féachfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Cúnamh Éireann ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun feabhas a chur ar an ionchur a bhíonn ag Oideachasóirí na hÉireann chun oideachas a fheabhsú i dtíortha atá ag forbairt, mar thacaíocht i leith na bpleananna náisiúnta agus cuirfear tuairisc ar ais chuig an gCoiste.

Tá níos mó i gceist le comhtháthú ná cinntí a sheiceáil d'éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann don fhorbairt. Baineann sé le poitéinsiúil a aimsiú ar fud an Rialtais do smaointe agus gníomhaíochtaí ar féidir leo cabhrú le forbairt inbhuanaithe dhomhanda

## An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Bainistíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha an chuid is mó den Chlár. Leanfaimid orainn lenár gcur chuige comhtháite in obair na Roinne ar fud réimse iomlán na n-ionstraimí ar fáil dó: ionstraimí polaitiúla, taidhleoireachta agus cúnamh. Leanfar leis an gcomhtháthú seo inár gcur chuige i leith saincheisteanna sna NA agus san AE chomh maith lenár ngníomhaíochtaí déthaobhacha. Tá cainteanna struchtúrtha ar bun anois idir na Rannáin éagsúla den Roinn agus daingneofar iad sin amach anseo.

## Comhtháthú san Aontas Eorpach

Sa Ráiteas um Beartas Forbartha a aontaíodh sa bhliain 2005, tiomnaíonn gach uile bhallstát san AE le comhtháthú beartais a neartú d'fhorbairt. Laistigh den Aontas, beidh Éire ina phléadálaí láidir ar son comhtháthú beartais níos fearr ag teacht lenár dtiomantais fein agus de réir Airteagal 178 de Chonradh an AE.



# Ag cinntiú go bhfuil cúnamh ag obair

Tá caighdeán ár gcúnaimh chomh tábhachtach leis an méid cúnaimh a thugaimid.

Caithfidh an pobal idirnáisiúnta níos nó cúnaimh agus cúnaimh de chaighdeán níos airde a sheachadadh. Oibreoimid le deontóirí eile, le rialtais chomhpháirtíochta agus le heagraíochtaí iltaobhacha chun caighdeán agus éifeachtacht an chúnaimh forbartha ar fud an domhain a fheabhsú.

# Ag cinntiú go bhfuil cúnamh ag obair

Tá méadú ag teacht ar an méid cúnaimh a thugtar go domhanda. Tá Éire tiomanta do sprioc na NA a bhaint amach - 0.7% den OTN sa bhliain 2012. Sa bhliain 2005, d'aontaigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh a leibhéil chúnaimh a mhéadú go suntasach; thiomnaigh na Ballstáit sin a tháinig isteach i ndiaidh 2002 do 0.33% den OTN a bhaint amach faoin mbliain 2005 agus thiomanaigh na Ballstáit eile do 0.7% de sprioc a bhaint amach faoin mbliain 2015. Rinne deontóirí eile tiomantais cosúil leis sin. Ciallóidh na cinntí seo go mbeidh na billiúin euro de chúnamh forbartha breise ar fáil sna blianta amach romhainn.

Ní leor é an méid cúnaimh amháin a mhéadú. Is gá go mbeadh an cúnamh chomh héifeachtach agus is féidir. Éilíonn scála na bhfadhbanna atáimid ag iarriadh a leigheas é seo agus éilíonn an pobal a mhaoiníonn na cláir seo i ngach tír a thugann airgead, Éire san áireamh, é seo freisin.

Tá tacaíocht láidir ag Clár Chúnamh Éireann in Éirinn. Tá ceisteanna in aigne an phobail áfach faoi éifeachtacht an chúnaimh forbartha. I suirbhé a rinneadh sa bhliain 2005, dúirt suas le 20% de mhuintir na hÉireann nach raibh a fhios acu cibé an raibh nó nach raibh an cúnamh ag déanamh aon difríochta. Is gá go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil a gcuid cúnaimh ag dul i bhfeidhm ar shaoil na ndaoine is boichte ar domhan.

Toisc coimpléascacht an dúshláin, sé sin freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na mílte milliún duine i mórán tíortha, níl aon bhealach ceart le cúnamh a thabhairt. Táimid tiomanta áfach dár bhfeidhmíocht a fheabhsú ar bhonn leanúnach trí chomhoibriú idirnáisiúnta agus tríd ár gcuid iarrachtaí féin a mheas.

Tá sé riachtanach do gach deontóir go gcuirfear feabhas ar chaighdeáin. Is saincheist é do rialtais a fhaigheann cúnamh freisin a bhfuil de dhualgas orthu a thaispeáint gur féidir leo cúnamh a úsáid i gceart. Caithfear caighdeáin ard a lorg ó gach taobh.

Meastar gurb é Dearbhú Pháras an bealach is oiriúnaí chun eifeachtacht cunáimh a fheabhsú.

## Dearbhú Páras

I mí Márta 2005 i bPáras, dhearbhaigh rialtais tríocha cúig tír a thugann cúnamh agus caoga sé tir a fhaigheann cúnamh agus roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta go mbeadh siad ar son réimse beart chun éifeachtacht chúnaimh a fheabhsú. Féadfar na tiomantais a choimriú mar seo:

**Úinéireacht:**
ba cheart go mbeadh údarás ag na tíortha a fhaigeann cúnamh ar a mbeartas forbartha féin agus ar phleanáil.

**Ailíniú:**
ba chóir go n-ailíneoidh deontóirí a gcúnamh le straitéisí náisiúnta forbartha na dtíortha a fhaigheann cúnamh agus ba chóir go n-oibreoidh siad tríd a gcórais. Éilíonn sé seo go mbeadh straitéisí i bhfeidhm ag na tíortha a fhaigheann cúnamh agus ba chóir go mbeadh córais oiriúnacha ann chun iad a chur i bhfeidhm.

**Comhtheacht:**
ba chóir go bpleanálfadh deontóirí a gcuid gníomhaíochtaí ar bhealaí a méadóidh éifeachtacht iomlán, mar shampla trí shocruithe comhchoiteanna maidir le pleanáil, maoiniú, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar idirghabhálacha forbartha.

**Torthaí a bhainistiú:**
ba chóir torthaí a bheith ina slat tomhais faoi conas a oibríonn cúnamh, ní ionchur airgeadais ná ionchur eile.

Éilíonn scála na bhfadhbanna atáimid ag iarriadh a leigheas é seo agus éilíonn an pobal a mhaoiníonn na cláir seo i ngach tír a thugann airgead.

Is treoir phraiticiúil é na tiomantais agus na táscairí a aontaíodh sa Dearbhú faoi cad is gá a dhéanamh chun caighdeán an chúnaimh a fheabhsú. Is é cur i bhfeidhm na dtiomantas seo atá ina dhúshlán do gach deontóir.

Tá Éire níos faide chun cinn maidir le cur i bhfeidhm ná roinnt deontóirí eile, táimid anois ag déileáil le hiarrachtaí comhtheachta le deontóirí eile ag leibhéal tíre agus is é prionsabail na húinéireachta poiblí a threoraíonn ár gcuid oibre.

Anuas air sin tá ár gcuid cúnaimh 100% gan choinnóil. Beidh sé seo amhlaidh amach anseo. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé ceangailte le hearraí nó seirbhísí Éireannacha a úsáid agus dá bhrí sin is féidir leis na hearraí agus na seirbhísí a úsáidtear i dtionscadail agus i dtionsnaimh a bheith níos oiriúnaí do na riachtanais. Is minic a bhíonn siad níos saoire chomh maith.

## Ag obair le deontóirí atá ar aon intinn linn féin

Oibríonn Éire go dlúth i suímh fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta le deontóirí a bhfuil cur chuige cosúil i bhfeidhm acu maidir le cúnamh forbartha. Cuireann na fóraim seo deiseanna ar fáil chun taithí a roinnt, chun saincheisteanna a thagann aníos a phlé atá ábhartha i leith comhoibriú forbartha idirnáisiúnta, chun ullmhú a dhéanamh do phríomhchruinnithe idirnáisiúnta, agus chun deiseanna a mheas do chomhoibriú le chéile go hidirnáisiúnta agus i dtíortha comhpháirtíochta. Neartaíonn na comhghuallaíochtaí seo tionchar idirnáisiúnta na hÉireann agus cinntíonn siad go léiríonn ár gclár cúnaimh an sárchleachtas idirnáisiúnta is fearr.

## Dearbhú Caighdeáin

Tá caighdeán ard Chúnamh na hÉireann aitheanta go hidirnáisiúnta. Tá sé fíorthábhachtach i gcomhthéacs buiséid chúnaimh atá ag méadú go coinnítear tiomantas i leith cúnaimh d'ardchaighdeán a sheachadadh. Cinnteofar caighdeáin trí infheistíocht leanúnach sa phearsanra agus sna córais bhainistíochta atá ag teastáil chun an mhaoirseacht chuí a chur ar fáil do phleanáil, cur i bhfeidhm agus d'athbhreithniú a dhéanamh ar na gcláir chomhoibrithe.

## Iniúchadh agus Measúnú

Tá Aonad Measúnaithe agus Iniúchta ag Cúnamh Éireann a chinntíonn go ndéanann saineolaithe neamhspleácha measúnú ar ár dtionscadal agus cláir. Anuas air sin, tá príomhearnálacha caiteachais faoi réir Athbhreithnithe Caiteachtais Phoiblí a chuirtear ar fáil do Thithe an Oireachtais.

Féachann na measúnuithe seo ar ábharthacht thorthaí tionscadal i ndáil le spriocanna beartais, le héifeacht fhadtéarmach agus inbhuanaitheach, le luach na dtorthaí chuig an lucht leasmhara agus cuntasacht agus luach ar airgead i leith caiteachais.

Ligeann an próiseas measúnaithe seo don chlár freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine is boichte ar domhan. Tá sé riachtanach chun an clár a fheabhsú aitheantas a thabhairt agus foghlaim ó bhotúin a rinneadh roimhe seo agus ó ráthúlacht roimhe seo.

*Foilseoimid na measúnaithe seachtracha uile agus na hathbhreithnithe um chaiteachas poiblí le cinntiú go gcoinnítear an clár leis na caighdeáin arda a leagann sé síos.*

Le blianta beaga anuas tá dul chun cinn suntasach déanta sna feidhmeanna iniúchta inmheánacha ar fud na Rann rialtais uile. Ag teacht leis an dul chun cinn seo, bunaíodh Coiste Iniúchta neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh ar obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha, agus chun breathnú ar an mbainistíocht a dhéanann sé ar Chúnamh Éireann. Cinnteoimid go bhfuil acmhainní cuí ar fáil d'fheidhmeanna iniúchta na Roinne de réir mar a leathnaítear an clár.

# Cúnamh Éireann agus Pobal na hÉireann

Is le Muintir na hÉireann Cúnamh Éireann. Is iad cáiníocóirí na hÉireann a íocann as, agus cuirtear i bhfeidhm é ar a son.

Má tá an clár cúnaimh le fás a dhéanamh agus má táimid chun muinín an phobail a choinneáil, caithfidh an Rialtas an comhthéacs ina bhfuilimid ag obair ann mar aon leis na torthaí atá á bhaint amach againn a mhíniú.

Cé go mbeidh an Rialtas agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ag glacadh ceannaireacht san fhorbairt, is féidir le go leor codanna eile de shochaí na hÉireann páirt shuntasach a ghlacadh.

# Cúnamh Éireann agus Pobal na hÉireann

## Saorálaíocht: Ról do dhaoine aonair, d'institiúidí agus do phobail

### Daoine Aonair

Tá obair forbartha ag éirí níos gairmiúla de réir a chéile agus tá úinéireacht mhéadaithe áitiúil ar an bpróiseas forbartha ag muintir agus ag rialtais na dtíortha atá ag forbairt. Is féidir le saorálaithe dífríocht a dhéanamh, áfach.

Tá traidisiún fada ag saorálaíocht thar lear in Éirinn. Tá cór saorálaithe le dea-cháil dhomhanda air ag obair ar fud an domhain atá ag forbairt.

Tá suim láidir fós ann i saorálaíocht thar lear. I láthair na huaire maoiníonn an Rialtas níos mó ná aon mhíle saorálaithe, idir chléirigh agus thuataigh gach uile bhliain. Tá deiseanna ann do dhaoine le fuinneamh, le scileanna agus le suim ach uaireanta bíonn an t-eolas faoi na deiseanna seo teoranta.

Is é ár n-aidhm ná tógáil a dhéanamh ar thráidisiún na saorálaithe trí chúnamh méadaithe agus eolas a chur ar fáil d'ábhar saorálaithe.

*Cuirfimid eolas faoi dheiseanna saorálaíochta ar fáil ar bhonn níos inrochtana.*

Is le bunú Cór Aonad Saorálaithe laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le hoscailt Ionad Saorálaithe Chúnamh Éireann, a chuirfidh an Rialtas eolas, tacaíocht agus comhairle ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo a bheith ina saorálaithe.

Is imeacht nua suntasach é oscailt an Ionaid. Den chéad uair, cuirfidh oifig phoiblí inrochtana eolas cuimsitheach faoi gach gné den fhorbairt agus den tsaorálaíocht ar fáil.

Tá sé d'aidhm againn taithí agus saineolas na n-ábhar saorálaithe a mheaitseáil le gníomhaireachtaí agus le hinstitúidí ina mbeidh na scileanna sin ina bhuntáiste sa domhan atá i mbéal forbartha.

Beimid gníomhach inár n-iarrachtaí chun na deiseanna agus an cúnamh atá ar fáil a chur os comhair na ndaoine ar mhaith leo bheith ina saorálaithe, tríd na meáin chumarsáide, ionas gur féidir an fuinneamh láidir saorálaíochta atá in Éirinn a úsáid chun leasa comhoibriú forbartha.

### Institiúidí

Ní bheidh an tacaíocht don tsaorálaíocht teoranta do dhaoine aonair. Tá institiúidí poiblí agus priobháideacha níos minice anois, ag iarraidh páirt a ghlacadh agus cur le hiarrachtaí cúnamh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil gá acu leis.

Tá an t-uafás saineolais san earnáil phoiblí agus phríobháideach a d'fhéadfaí a úsáid do chomhoibriú forbartha.

Chun an phróiseas sin a éascú, forbróimid scéim chun a leithéid de thacaíocht agus treoir a chur ar fáil don a leithéid d'eagraíochtaí ina n-iarrachtaí chun comhpháirtíochtaí agus naisc a bhunú.

Gach uile bhliain lorgóimid moltaí maidir le tionscadail chomhpháirtíochta forbartha ó institiúidí poiblí agus príobháideacha na hÉireann. Tabharfaimid cabhair airgid do thionscnaimh incháilithe.

Cuirfidh Ionad Saorálaíochta Chúnamh Éireann eolas ar fáil d'institiúidí ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh sna gníomhaíoctaí seo.

Tá traidisiún fada ag saorálaíocht thar lear in Éirinn. Tá cór saorálaithe le dea-cháil dhomhanda air ag obair ar fud an domhain atá ag forbairt.

**Pobail**

Tá an iliomad grúpaí pobail bainteach cheana féin le comhoibriú le pobail ar fud an domhain atá ag forbairt agus tá suim léirithe ag mórán eile, comhoibriú comhpháirtíochta a fhorbairt. Cuirfimid comhairle agus cúnamh ar fáil do gach ghrúpa den saghas sin.

Tá an deis ann do ghrúpaí pobail iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim Mhaicrea-Thionscnaimh, a seoladh sa bhliain 2006.

Cuirfidh Ionad Saorálaíochta Chúnamh Éireann eolas ar fáil d'institiúidí ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh sna gníomhaíoctaí seo.

Cuirfimid eolas faoi na scéimeanna seo ar fáil ar bhonn níos leithne, agus déanfaimid iarratas poiblí ar mholtaí, ionas gur féidir le gach uile ghrúpa, agus institiúid incháilithe leas a bhaint as an tairiscint.

## Obair leis an Oireachtas

Is é an tOireachtas ceann de na toghlaigh is tábhachtaí do Chúnamh Éireann, mar atá sé d'aon réimse de ghníomhaíocht Rialtais. Is láidreacht lárnach é an tacaíocht tras-pháirtí atá ag an gclár um chomhoibriú forbartha.

Oibrimid chun baill an Oireachtais a choinneáil ar an eolas faoi obair an chláir agus chun a suim a choinneáil chomh maith trí imeachtaí a eagrú chun obair an chláir a fhéiceáil agus í bhfeidhm.

*Tabharfaimid cuireadh don Oireachtas na socruithe cuí a dhéanamh le díospóireachtaí rialta a eagrú sa Dáil agus sa Seanad ar chúrsaí forbartha.*

D'éascódh díospóireachtaí den chineál sin mionphlé poiblí faoin obair a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é agus cén fáth go ndéanaimid é. Dá mbeadh díospóireachtaí ann chuige sin, d'fhéadfaí féachaint ar an gcoimpléascacht agus ar na dúshláin a bhaineann le forbairt. Chuirfeadh an díospóireacht phoiblí leis an aidhm atá againn, sé sin caighdeán an chláir chúnaimh a ardú.

*Tabharfaimid cuireadh don Oireachtas Comhchoiste Nua den Oireachtas um Ghnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann a bhunú, le teacht in áit an choiste a bhí ann roimhe seo um Ghnóthaí Eachtracha.*

### Ionad Saorálaíochta agus Cúnaimh na hÉireann

*Osclóimid Ionad Saorálaíochta Cúnamh Éireann i mBaile Átha Cliath.*

Cuirfidh an tIonad seirbhís ar fáil do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí agus do phobail a dteastaíonn uathu bheith ina saorálaithe chun cabhrú le tíortha atá ag forbairt. Pointe céad teagmhála a bheidh ann dóibh siúd a dteastaíonn uathu ionchur a bheith acu san fhorbairt.

Cuirfidh an t-ionad eolas ar fáil chomh maith faoi obair Chúnamh Éireann agus faoi fhorbairt agus oideachas forbartha go ginearálta. Cuirfidh sé seirbhís ar fáil dóibh siúd a dteastaíon uathu a bheith páirteach i bhforbairt in Éirinn, le fócas faoi leith ar theagascóirí, leanaí agus daoine óga.

Beidh ionad taispeántais ann arb fhéidir é a úsáid chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna forbartha agus chun íomhánna níos cuimsithí agus níos casta agus níos dearfaí de thíortha atá i mbéal forbartha a chur chun cinn.

## Comhoibriú leis an Earnáil Ardoideachais

Tá naisc láidre ag Cúnamh Éireann le hinstitiúidí ardoideachais agus taighde in Éirinn.

Tá an comhoibriú leis an earnáil ardoideachais tábhachtach, ní hamháin i gcomhthéacs na chéad chúpla bliain eile ach san fhadtéarma chomh maith. Tá luach againn ar na naisc a forbraíodh leis na hinstitiúidí ardoideachais agus táimid tiomanta don leibhéal páirtíochta sin a mhéadú .

*Forbróimid clár do nascadh níos straitéisí idir Cúnamh Éireann agus institiúidí ardoideachasagus taighde in Éirinn. Cuirfear an clár seo i bhfeidhm in 2007.*

## Scoileanna ag nascadh le chéile agus Scéim Lántumtha

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le hobair a dhéanamh le múinteoirí agus le daltaí inár n-iarrachtaí chun feasacht a ardú faoi shaincheisteanna forbartha agus chun tuiscint a mhéadú faoi chomh maith.

Is ag tógáil ar ghníomhaíochtaí reatha a fhorbróimid scéim lántumtha agus nascadh le chéile scoileanna chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail a nascann scoileanna in Éirinn le scoileanna i dtíortha atá ag forbairt.

Is é an tacaíocht do thionscadail lántumtha a bheidh i gcroílár na scéime ón tús, sé sin tionscadal ina dtéann múinteoirí agus daltaí ar chuairteanna oideachais chuig scoileanna i dtíortha atá ag forbairt. Fáilteofar roimh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim nua seo i dtreo dheireadh na bliana 2006. (Feic lch.98)

## Ról do Ghnó na hÉireann

Tá ról ann do ghnó na hÉireann. Tá aitheantas ag méadú go bhfuil tábhacht thar na bearta ag baint leis an earnáil phoiblí sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta. Is féidir le gnónna áitiúla i dtíortha atá ag forbairt leas a bhaint as nascadh le comhpháirithe oiriúnacha gnó, arb fhéidir leo saineolas agus infheistíochta agus tacaíocht a thabhairt.

Sa bhliain 2004, bhunaigh Cúnamh Éireann Fóram na hEarnála Príobháidí mar thionscadal píolótach chun naisc idir an earnáil phríobháideach in Éirinn agus an earnáil phríobháideach i dtíortha atá ag forbairt a chothú. Mhol baill an fhóraim gur cheart é a bhunú anois mar eagraíocht neamhspleách nach bhfuil ag feidhmiú ar son an bhrabúis, 'Traidlinks', a thugtar air, agus tá sé d'aidhm aige ardán don earnáil phíobháideach in Éirinn a chur ar fáil chun cur leis an gclár oibre forbartha.

Is gnólachtaí na hÉireann a bheidh i gceannas agus tacóidh Cúnamh Éireann agus an earnáil phríobháideach leis. Ar na gníomhaochtaí a bheidh ar bun aige, beidh forbairt ghnó, cláir um scileanna acadúla agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú.

Táthar ag súil go n-oibreoidh an eagraíocht san Afraic go príomha. Beidh an fócas ar dtús ar na tionscail bhia agus talmhaíochta, mar is é sin an earnáil phríobháideach is mó san Afraic. De réir mar a fhorbraíonn an eagraíocht seans go mbreathnóidh sé ar earnálacha gnó eile.

Ba é Cúnamh Éireann a d'éascaigh an obair seo ag an tús ach is féidir leis an earnáil phríobháideach ceannaireacht a chur ar fáil sa réimse seo chomh maith. Beidh aigne oscailte againn maidir le moltaí inbhuanaithe chun bochtaineacht a laghdú a thiocfaidh ón earnáil phríobháideach.

Tá sé ar intinn ag an Rialtas go mbeidh rochtain ag gach uile dhuine in Éirinn ar dheiseanna oideachais agus go mbeidh siad ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh an domhain agus go bhfuil an poitéinsiúil iontu athrú a dhéanamh chun domhan níos córa agus níos cothroma a bhaint amach.

## Eolas Poiblí

Tá ardmheas ar chlár Chúnamh Éireann lasmuigh d'Éirinn. In ainneoin go bhfuil tacaíocht leathan pholaitiúil agus phoiblí ann don chlár, tá tuiscint agus feasacht faoin obair agus éachtaí Chúnamh Éireann teoranta go leor laistigh d'Éirinn féin.

*Le tacacíocht láidir ón bpobal a chinntiú, tá sé riachtanach go mbeadh an pobal ar an eolas faoi na heachtaí a baineadh amach ina gclár fortachta. Méadóimid agus feabhsóimid chuige sin ár ngníomhaíochtaí eolais phoiblí chun úinéireacht agus feasacht an phobail faoin gclár a neartú trí fheachtas mór eolas poiblí a sheoladh.*

Déantar an chuid is mó den obair na mílte míle i bhfad ó Éirinn – agus tá dúshláin maidir le heolas poiblí ag baint leis sin, ach is dúshláin iad seo ar féidir linn déileáil leo. Cuirfimid i láthair phobal na hÉireann torthaí a gcaiteachais ar chúnamh.

Tá oscailt an Ionaid Shaorálaíochta Chúnamh Éireann ina phríomhchuid de ghníomhaíochtaí cumarsáide níos leithne ag Cúnamh Éireann. Beidh an t-ionad ar an tsráid ina phointe fócais d'iarrachtaí chun feasacht phoiblí faoi ghníomhaochtaí an rialtais san earnáil fhorbartha a chur chun cinn.

## Oideachas Forbartha

I bhfad thar feasacht agus tuiscint ar cad atá ar bun ag an Rialtas, tá sé tábhachtach go mbíonn an feasacht agus tuiscint ag daoine faoi na dúshláin domhanda forbartha.

Tá ról tábhachtach le glacadh ag daoine in Éirinn mar shaoránaigh ag leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta. Chuige sin cuirfimid tacaíocht ar fáil d'oideachas forbartha a bhfuil ról fíorthábhachtach aige chun tuiscint an phobail a mhéadú faoi shaincheisteanna forbartha agus faoi na bunchúiseanna a mbíonn le bochtaineacht agus tearcfhorbairt sa domhan.

Tá sé ar intinn ag an Rialtas go mbeidh rochtain ag gach uile duine in Éirinn ar dheiseanna oideachais agus go mbeidh siad ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh an domhain agus go bhfuil an poitéinsiúil iontu athrú a dhéanamh chun domhan níos córa agus níos cothroma a bhaint amach.

Tabharfaimid tacaíocht do chomhtháthú oideachais fhorbartha laistigh den oideachas in Éirinn agus cothóimid feasacht phoiblí agus tuiscint níos mó ar shaincheisteanna forbartha. D'fhonn é a bheith chomh éifeachtach agus is féidir is ceart go mbeadh comhoibriú dlúth agus struchtúrtha idir An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Gléas úsáideach a bheidh sa Choiste Comhairleach um Oideachas Forbartha d'fhonn comhairle a thabhairt faoi chúrsaí beartais agus faoi straitéisí chun oideachas forbartha a chur chun cinn.

## Obair leis na Meáin

Oibreoidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha leis na meáin in Éirinn chun tuiscint níos mó a spreagadh agus chun clúdach níos mó a thabhairt do shaincheisteanna forbartha.

Is é an Simon Cumbers Media Challenge Fund a bheidh ina phríomhghníomhaí chun é sin a bhaint amach, toisc go dtugann sé cúnamh airgid d'iriseoirí agus d'eagraíochtaí sna meáin a chlúdaíonn saincheisteanna forbartha.

Breathnóimid ar réimsí nua gníomhaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh malartán idir iriseoirí ó thíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha a bheith i gceist anseo mar aon le tacaíocht d'oiliúint iriseoirí.

Leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíochta don tionscnamh CONNECT; comhfhiontar é sin idir Chúnamh Éireann agus roinnt NGOanna chun clúdach níos mó agus níos fearr a chothú faoi shaincheisteanna forbartha in Éirinn.

# Bainistíocht an Chláir

# Fócas an Chláir

Beidh impleachtaí suntasacha ag na méaduithe san ODA i rith na tréimhse 2006-2012 ar bhainistíocht. Tá an clár cúnaimh tar éis méadú faoi trí ó €254 milliún sa bhliain 2000 go tuairim is €734 sa bhliain 2006. Tá an méadú idir 2005 agus 2006 (meastar gur €189 milliún é) níos mó ná an clár uile sa bhliain 1996 (142 milliún). Méadófar an caiteachas ar Chúnamh faoi dhó faoin mbliain 2012.

Tá an leathnú is mó riamh ar bun ag an gclár. Tá an méadú seo ag tarlú go han- tapaidh. Cruthaíonn sé seo deiseanna chun níos mó a dhéanamh i dtéarmaí idirghabhálacha ar ardchaighdeán agus i dtéarmaí dul i gcion ar an gclár oibre náisiúnta forbartha. Baineann baol leis na deiseanna seo chomh maith, áfach. Beidh dúshláin shuntasacha ag baint le caiteachas mór ar chúnamh agus beidh dúsláin shuntasacha bainistíochta i gceist chomh maith.

Aithnímid go gcuirfidh an leathnú ollmhór ar mhéid an chláir chúnaimh, éilimh mhóra ar na daoine atá á riaradh. Beidh sé deacair caighdeáin arda an chláir a choinneáil agus an leathnú ollmhór ar bun agus beidh sé an-deacair an cinneadh faoi dhílárú a chur i bhfeidhm.

## Struchtúr

Ó thaobh struchtúr cláir Chúnamh Éireann, rinneadh mion-iniúchadh ar an ábhar seo ag Coiste Athbhreithnithe Chúnamh Éireann a d'eisigh a Thuarascáil sa bhliain 2002. Ba é conclúid an Choiste ná béim a leagadh ar an tábhacht a bhain le deimhin a dhéanamh de go bhfanfadh Clár Chúnamh Éireann mar Rannóg den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Ghlac an Rialtas go hiomlán leis an gconclúid sin.

## Athbhreithniú Mór

Sonraíonn an Paipéar Bán seo treo beartais an chláir chúnaimh atá ag leathnú amach. Tá plean athchóirithe agus mionsonraithe ag teastáil anois chun na hathruithe agus an leathnú amach a chur i bhfeidhm d'fhonn an éifeacht is fearr a bhaint amach.

Tá athbhreithniú ag teastáil ar chórais, struchtúir agus nósanna imeachta Chúnamh Éireann i bhfianaise scála an chláir agus i bhfianaise na ndúshlán roimhe.

*Tabharfaimid faoi athbhreithniú ollmhór ar bhainistíocht Chláir Chúnamh Éireann.*

Cuirfear a athbhreithniú ar an ábhar seo san áireamh maille leis, na córais riaracháin agus formheasadh, monatóireacht, meicníochtaí iniúchtha agus measúnaithe, córais bhainistíochta eolais agus na hinniúlachtaí bainistíochta agus teicniúla riachtanacha chun an clár a threorú tríd an tréimhse fáis seo. Is í an ollaidhm a bheidh ag an athbhreithniú ná comhairle a chur faoi uasfhorbairt chláir chúnaimh na hÉireann chun dearbhú cáilíochta iomlán a chinntiú de réir mar a bhogann sé i dtreo na sprice de 0.7% den OTN faoin mbliain 2012 a bhaint amach de réir an tiomantais a thug an Taoiseach.

Is é an Roinn Gnóthaí Eachtracha i gcomhar leis an Roinn Airgeadais a dhéanfaidh an t-athbhreithniú seo. Cuirfear tuairisc chuig an Railtas le moltaí ann.

Is tosaíocht phráinneach é deimhin a dhéanamh de go bhfuil leibhéil chuí foirne ann chun pleanáil a dhéanamh, chun cur i bhfeidhm a chinntiú, chun monatóireacht a dhéanamh agus chun iniúchadh a dhéanamh chomh maith le bheith freagrach as caiteachas an ODA. Tá sé molta go ndéanfar measúnú ar na riachtanais foirne i gcomhthéacs an Athbreithnithe Bainistíochta thuasluaite.

## Dílárú

Faoi chlár díláraithe an Rialtais, déanfar an Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha den Roinn Gnóthaí Eachtracha, is é sin ceannáras Chúnamh Éireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath faoi láthair a bhogadh go Luimneach.

Is é an Grúpa um Dhílárú a Chur i bhFeidhm faoi choimirce na Roinne Airgeadais a threoraíonn bainistíocht an díláraithe agus glacann an Roinn Gnóthaí Eachtracha ról gníomhach ann chun cur chuige comhtháite a chinntiú i ndáil leis an bpróiseas.

Tá dúshlán suntasach ag baint le Cúnamh Éireann a bhogadh go Luimneach. Éilíonn sé cúram faoi leith le cinntiú go mbeidh comhleanúnachas ann sa bheartas forbartha agus sa bheartas eachtrach agus go bhfuil cur chuige comhtháite ann ar fud gach Roinne Rialtais.

Táthar ag dul i ngleic le saincheisteanna chun baol a bhainistiú trí phleanáil agus trí straitéisí um bainistiú riosca. Ciallaíonn sé seo go mbíonn tréimshí cuí ag teastáil chun a chinntiú go gcoinnítear an cuimhne chorparáideach. Tá cúrsaí oiliúna agus inductaithe cuí le fáil agus leanfar ar aghaidh á soláthar do bhaill foirne nua. Tá na hathruithe san fhoireann á gcur i bhfeidhm céim ar chéim chun an phróiseas seo a éascú.

Údaidfear na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide is nua-aimisirí le cinntiú go mbíonn naisc láidre idir Baile Átha Claith, Luimneach, Ambasáidí agus oifigí Chúnamh Éireann.

Forbraíodh straitéis um fhaisnéis a bhainistiú do Chúnamh Éireann le roinnt tionscnamh á chur i bhfeidhm lena n-áirítear inlíon a fhorbairt agus príomhphóisis a mhapáil.

## An Bord Comhairleach do Chúnamh Éireann

Bunaíodh an Bord Comhairleach do Chúnamh Éireann sa bhliain 2002. Is é misean an Bhoird ná:

> Maoirseacht a dhéanamh ar an gclár atá ag leathnú

> Comhairle a chur ar fáil faoin treo straitéiseach

> Obair go dlúth le 'Cúnamh Éireann' chun an caighdeán, an éifeachtacht agus an chuntasacht a uasmheadú.

Sa chomhthéacs seo cuireann an bord comhairle ar fáil don Aire, don Aire Stáit agus d'Ardbhainistíocht na hÉireann faoi threocht straitéiseach an chláir.

Bhí ról tábhachtach ag an mBord Comhairleach maidir leis an bPáipéar Bán seo a ullmhú, bhí trí aighneacht scríofa ann, eagraíodh comhdháil ollmhór don lucht leasmhar agus tá plé leanúnach ar bun le Cúnamh Éireann. Tá an Bord ag féachaint ar a ról féin anois. Measann An Bord Comhairleach go bhfuil forbairt le déanamh aige chomh maith toisc go bhfuil an buiséad ag méadú agus toisc na hathruithe atá ag teacht ar an gclár dá réir. Is mian leis an mBord macnamh a dhéanamh lena chuid tuairimí mionsonraithe a chur i láthair faoi dheireadh na bliana 2006.

Beidh misean an Bhoird mar an gcéanna ach is tráthúil é ról an Bhoird a shonrú mar aon leis an ngaolmhaireacht atá aige le Cúnamh Éireann. Tógfaidh an tAthbhreithniú Bainistíochta ar Chúnamh Éireann ról an Bhoird Chomhairligh san áireamh. Tá comhoibriú leis na mBord riachtanach chun próiseas róil an Bhoird a mhéadú sa todhchaí.

# Ag Breathnú ar an Todhchaí

# Ag Breathnú ar an Todhchaí

Ní rud seasta é comhoibriú forbartha; le bheith éifeachtach is gá dó é féin a oiriúnú agus a fhorbairt chun dul i ngleic le domhan atá ag athrú. Caithfidh Cúnamh Éireann é féin a oiriúnú chomh maith. Tá sé tar éis eabhlódú a dhéanamh le tríocha bliain anuas chun freagairt do dhúshláin forbartha nua, chun coinneáil suas leis an gcleachtas is fearr agus chun an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a thagann aníos tríd na buiséid atá ag méadú.

Leanfaidh an clár ar aghaidh ag éabhlódú, agus foghlaimeofar ceachtanna nua agus breathnófar ar rémsí nua comhoibrithe. Beimid i gcónaí oscailte do smaointe nua agus is féidir breathnú orthu ag teacht leis na prionsabail sonraithe sa Pháipéar Ban seo.

Féachann an Chaibidil seo ar roinnt saincheisteanna atá ina ndlúthchuid de chomhoibriú forbartha idirnáisiúnta, ina bhfuil páirt teoranta ag Cúnamh Éireann ann go nuige seo agus a chuireann deiseanna ar fáil do thuilleadh gníomhaíochta sa todhchaí. Ní liosta cuimsitheach é seo. Mar shampla, beidh fuinneamh inbhuanaithe ina shaincheist do thíortha atá ag forbairt, mar atá do thíortha forbartha, agus b'fhéidir go n-éileoidh sé a thuilleadh airde ó dheontóirí.

## TFC agus Forbairt

Tá níos mó aitheantais tugtha anois don phoitéinsiúil a bhaineann le Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) chun fás eacnamíoch a chur chun cinn agus chun bochtaineacht a laghdú. Is sampla í Éire de thír a bhfuil TFC úsáidte aici go ráthúil agus is rud é a chumasaíonn a forbairt agus anois is eacnamaíocht eolasbunaithe í eacnamaíocht na hÉireann.

Tá an baol ann go bhfágfar na Tíortha is Lú Forbartha i bhfad taobh thiar sa réabhlóid dhomhanda TFC. Tá tionchar suntasach anois ag cumarsáid mhoibíleach ar an mbealach ina ndéantar gnó sna tíortha atá ag forbairt agus beidh ról an-tábhachtach aige i gcur chun cinn a bhfás eacnamaíoch. Ach tá tíortha na hAfraice fós taobh thiar den domhan forbartha maidir le rolladh amach agus úsáid Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide atá riachtanach chun eifeachtacht an chleachtais ghnó a fheabhsú agus chun Infheistíocht Eachtrach díreach a mhealladh. Béidh sé níos deacra do thíortha atá ag forbairt dul san iomaíocht ar leibhéal domhanda gan infrastruchtúr leordhóthanach TFC sa todhchaí.

Ionas gur féidir le TFC tacaíocht a thabhairt do laghdú na bochtaineachta, don mhí-chomhionannas agus d'eisiamh i dtíortha atá ag forbairt caithfear é a úsáid mar ghléas chun cabhrú le hidirghabhálacha praicitiúla agus inbhuanaithe a théann i ngleic leis na bunchúiseanna a mbíonn bochtaineacht ann. Sa réimse oideachais mar shampla, tacaíonn Cúnamh Éireann leis an tionscnamh atá bunaithe i mBaile Átha Claith, Ríomhscoileanna Domhanda agus Pobail (GeSCI) a bhfuil sé d'aidhm acu na teicneolaíochtaí seo a úsáid chun feabhas a chur ar chaighdeán an oideachais sa domhan atá ag forbairt. Oibríonn GeSCI leis na tíortha comhpháirtíochta ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le straitéisí agus chun straitéisí a chruthú chun an TFC a úsáid d'oideachas agus d'fhás an phobail.

Tá suim ag rialtais mórán de na thíortha atá ag forbairt in eispéaras na hÉireann nuair a thiontaigh sí ina eacnamaíocht bunaithe ar eolas. Oibreoimid sna blianta romhainn chun na beartais a chumadh chun an smaointeoireacht taobh thiar den tiontú seo a bheith níos inrochtana do thíortha a bhfuil suim acu ann, bainfear leas as an saineolais atá ar fáil san earnáil phríobháideach agus phoiblí in Éirinn mar atá molta san ochtú sprioc de Spriocanna Forbartha na Mílaoise.

Ní rud seasta é comhoibriú forbartha; le bheith éifeachtach is gá dó é féin a oiriúnú agus a fhorbairt chun dul i ngleic le domhan atá ag athrú.

Leanfaidh Cúnamh Éireann ar aghaidh ag obair leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chun dul i bpáirt leis an bpobal idirnáisiúnta agus le heagraíochtaí iltaobhacha faoi TFCanna d'fhonn ar gcuid dtaithí sa rémse seo a úsáid chun leasa na dtíortha atá i mbéal forbartha.

## Airgeadas Forbartha

Tá an rochtain ar chaipiteal ina shaincheist do lucht gnó agus do gnóthaí beaga i dtíortha atá ag forbairt. Tá Éire éagsúil ó thíortha eile sa chaoi is nach bhfuil banc forbartha nó institiúid forbartha aici chun tacaíocht airgeadais nó caipiteal a chur ar fáil don earnáil phríobháideach do thionscadail i dtíortha atá ag forbairt.

Féachaimid ar an luach agus an fhéidearthacht a bheadh ann Banc Forbartha Éireannach a bhunú.

## Imirce agus forbairt

Is saincheist í an imirce a nascann tíortha forbartha agus tíortha ata ag forbairt le chéile ar bhonn feiceálach agus coimpléascach.

Tá méadú tagtha anois ar imirce idirnáisiúnta toisc an domhandú agus tá sé ag cur le forbairt a dtíortha bunaidh agus leis na tíortha atá ag forbairt. Tá líon na n-imirceach ar fud an domhain tar eis méadú faoi dhó ó 1980 agus meastar anois go bhfuil 200 milliún duine i gceist. Is é an dúshlán atá ann ná na leasanna forbartha a bhaineann le himirce a mhéadú agus a n-éifeachtaí diúltacha a laghdú.

Tá sé aontaithe ag na Náisiúin Aontaithe gur chóir do rialtais iarracht a dhéanamh tathant ar dhaoine fanacht ina dtíortha féin i gcás gach uile dhuine agus go háirithe trí iarrachtaí chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Imirce (IOM) gurb ionann an t-airgead a sheol imircigh abhaile chuig a dtíortha bunaidh agus $100 billiún dollar SAM sa bhliain 2003. Ní dheachaigh an t-airgead seo ar fad go tíortha atá ag forbairt agus b'ionann an t-iomlán agus méid i bhfad níos mó ná sreafaí ODA sa bhliain chéanna. I roinnt tíortha is ionann sin agus foinse shuntasach ioncaim agus is féidir leis éifeacht shuntasach a bheith aige ar bhochtaineacht. Ba cheart breathnú air seo mar rud a chabhraíonn le sreafaí ODA seachas mar rud atá ina choinne sna tíortha a thugann airgead.

Fulaingíonn cuid mhaith de na tíortha atá ag forbairt toisc go gcalleann siad na daoine is oilte agus na daoine is mó scile toisc go bhfuil deiseanna oibre níos fearr ar fáil i dtíortha níos saibhre. Meastar gur chaill an Afraic 20,000 duine gairmiúl gach bliain ó 1990 ar aghaidh. Tá an éifeacht sin le brath san earnáil sláinte is mó, áit nach bhfuil sé éasca daoine eile a fháil lena n-áit a thógáil. Oibreoidh Éire le cinntiú go mbíonn na hacmhainní ag tíortha atá ag forbairt chun lucht gairme sláinte a choinneáil agus fostaithe rithabhachtacha eile ón tseirbhís phoiblí. Breathnóimid air seo lenár gcomhpháirtithe san AE chun féachaint ar an mbealach is fearr chun déileáil leis an gceist earcaíochta san Eoraip ionas nach lagaítear na córais sláinte atá fíor-leochaileach cheana féin i dtíortha atá ag forbairt.

Sa chás go ndíláraítear daoine toisc coimhlint nó tubaiste nádúrtha oibreoidh Éire leis na húdaráis freagracha agus le heagraícohtaí idirnáisúnta chun tacú leo dul abhaile go sábháilte agus go ráthúil ag teacht le treoirlínte na NA faoi dhíláru inmheánach agus faoi dhlí idirnáisiúnta na dteifeach.

## Míchumas agus Forbairt

Ar na 600 milliún duine faoi mhíchumas sa domhan, tá 70% díobh ina gcónaí i dtíortha atá ag forbairt dar le staitisticí na NA agus ta 82% ag maireachtáil faoi bhun líne na bochtaineachta.

Is iad na daoine faoi mhíchumas atá i measc na ndaoine is leochailí nó is imeallaithe i dtíortha atá ag forbairt. Is iad leanaí atá faoi mhíchumas is lú nach rachaidh ar scoil agus tá an rátá báis i measc leanaí faoi mhíchumas i dtíortha atá ag forbairt i bhfad níos airde ná i gcás leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas. Is féidir cuid mhaith den mhíchumas i dtíortha atá ag forbairt a sheachaint agus tá cuid mhaith de bainteach le heaspa cothú, le heaspa sláintíocht, le galair agus le coimhlint.

Go traidisiúnta is beag aird a thug na gníomhaireachtaí cúnaimh agus na deontóirí ar dhaoine faoi mhíchumas. Is léir anois má tá Sprioscanna Forbartha na Mílaoise le baint amach go bhfuil riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas le cur san áireamh ag rialtais náisiúnta, ag deontóirí agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag NGOanna mar aon le dúshlán forbartha eile.

Ar an obair reatha atá ar siúl againn san earnáil seo, tá cláir chun mianaigh talún a bhaint agus cláir leanúnacha sláintíochta agus uisce atá ina ngné lárnach de dhul i ngleic le tracóime, an príomhrud a chúisíonn daille.

*Breathnóimid ar na deiseanna do ghníomhaíocht mhéadaithe san earnáil mhíchumais agus forbartha cosúil le tacaíocht a thabhairt do chláir shonracha chun dul i ngleic le riachtanais daoine faoi mhíchumas.*

## Comhpháirtíochtaí Nuálaíocha

Feicimid anois go bhfuil comhpháirtíochtaí nuálaíocha ag forbairt agus ag fás do chomhoibriú, ag tabhairt le chéile rialtais, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, fondúireachtaí carthanachta agus daoine agus pobail a bhfuil deacrachtaí acu.

Sampla amháin de chomhpháirtíocht mar sin is sea an ghaolmhaireacht idir Cúnamh Éireann, Fondúireacht Clinton agus Rialtas Mhósaimbíc.

I mí Iúil 2003, d'aontaigh Cúnamh Éireann ar chreatlach do chomhoibriú chun tacú le Tionscnamh VEID/ SEIF atá ag Fondúireacht William J. Clinton chun freagraí na hearnála sláinte a neartú i leith VEID/ SEIF agus chun rochtain ar chóireáil do VEID/ SEIF a chur ar fáil sna tíortha a bhfuil gá acu leis. Faoin aontú seo tá 50 milliún euro geallta ag Cúnamh Éireann thar chúig bliana dírithe go príomha ar Mhósaimbíc. Is í Éire an deontóir déthaobhach is mó chuig an earnáil sláinte i Mósaimbíc. Tá Éire tar éis cabhrú le Mósaimbíc a cuid spriocanna a bhaint amach agus i roinnt cásanna a spriocanna a shárú maidir le spriocanna a bhaineann le SEIF. Tá dúshláin ollmhóra fós ann agus is comhpháirtíocht rathúil í.

Sampla eile de chomhpháirtíocht atá ag teacht aníos is sea an ghaolmhaireacht atá againn le Rialtas na hÍsiltíre. Tá an imní chéanna ar Rialtas na hÍsiltíre faoin easpa dul chun cinn ar MDG 3: sé sin comhionannas inscne agus cumasú na mban. Táimid tiomanta do gach iarracht a dhéanamh chun aird a dhiriú ar chomhionannas inscne agus an tábhacht a bhaineann leis chun bochtaineacht a laghdú.

Mar chéad chéim, tá sé aontaithe ag an dá thír go mbunófar comhpháirtíocht straitéiseach chun diriú ar bhearta faoi leith chun mná a chumasú agus do chomhionnnas inscne, ina measc sin, chun rannpháirtíocht pholaitiúil na mban a chur chun cinn chun stop a chur le foréigean i gcoinne na mban agus chun gluaiseachtaí láidre do mhná ar son an dea-rialachais agus na cuntasacha a thógáil.

*Lorgóimid comhpháirtíochtaí nuálaíocha arb fhéidir leo tioncharagus éifeachtacht ár n-iarrachtaí ar chomhoibriú forbartha a mhéadú.*



*Bóthar Mkate idir Kilosa agus Mekele, An Tansáin*
Faoi 2003 bhí os cionn Ð30 milliún curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann do Cheantar Kilosa sa Tansáin. Faoin am sin, bhí 507 Ciliméadar de chóras bóthar agus ceithre dhroichead tógtha sa cheantar. Nuair a chuir Cúnamh Éireann a chlár i gcrích, tugadh an mhonarcha tógála bóthar, monarcha a bhí ag feidhmiú go tréan, do Rialtas Réigiúnach Kilosa.

# Breac-chuntas ar an bpróiseas Comhairliúcháin

# An Próiseas Comhairliúcháin

Ba dheis é ullmhúchán an Pháipéir Bháin seo do chomhairliúchán cuimsitheach a bheith ann le pobal na hÉireann agus lenár gcuid comhpháirtithe forbartha. Cuireadh fáilte roimh aighneachtaí scríofa ó pháiritithe ar suim leo é agus fuarthas 137 aighneacht.

Tionóladh cruinnithe poiblí in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

| Dáta | Ionad |
|---|---|
| 13 Aibreán 2005 | Luimneach |
| 27 Aibreán 2005 | Port Láirge |
| 3 Bealtaine 2005 | Baile Átha Luain |
| 4 Bealtaine 2005 | Gaillimh |
| 10 Bealtaine 2005 | Corcaigh |
| 17 Bealtaine 2005 | Trá Lí |
| 24 Bealtaine 2005 | Baile Átha Cliath (Helix) |
| 7 Iúil 2005 | Dún Dealgan |
| 8 Iúil 2005 | Leitir Ceannain |
| 4 Deireadh Fómhair | Cora Droma Rúisc |
| 27 Feabhra | Baile Átha Cliath (Tamhlacht) |

Chuathas i gcomhairle le gníomhaireachtaí de chuid na NA agus lenár bpáirtithe sa chuid den domhan atá i mbéal forbatha chomh maith.

# Aighneachtaí ó eagraíochtaí

Action Aid Ireland
An Bord Comhairleach do Chúnamh Éireann
An Comhaontas Glas
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Aontas Mhisinéirí na hÉireann
Association of Refugees and Asylum Seeker Ireland
Banúlacht
Bóthar
Cairde
Church of Ireland Bishops' Appeal
Church of Scientology Mission
Clár Oideachais
Coimisiún Ceartais CORI
Coiste um Fhorbairt agus Faoiseamh Domhanda na Meitidistigh
Coláiste na hOllscoile Baile Átha Claith Cumann Cúnamh Domhanda
Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn
Comhar
Comharchumann na n-Oibrithe Pobail
Comhlámh
Comhghrúpa Náisiúnta de Líonraí Pobal na mBan
Comhpháirtíocht SEIF leis an Afraic
Comhdháil na gCeardchumann
Comhairle na hÉireann do Scoláirí Idináisiúnta
Cónaidhm na hÉireann don Fheachtas Domhanda d'Oideachas
Concern
Connolly Corporate Finance/ Citigroup
Cúnamh Chríostaí na hÉireann
Cumann Croise Deirge na hÉireann
Cumann Daonnachta na hÉireann
Cumann Mac Léinn TCD
Cumann na mBan in Iardheisceart Chiarraí
Cumann Naomh Pádraig (SPS)
Cumann um Oideachas Forbartha na hÉireann
DCI i DCU
Dóchas
ECO-UNESCO
Feachtas Domhanda ar son an Oideachais
Féinchúnamh Forbairt Idirnáisiúnta
Fóram na hÉireann do Shláinte Dhomhanda
Foraoisí Córa
Fóram na mBan in Iarthar an Chláir
Foróige
Foundation
Gorta
GOAL
Grúpa Comhairleach na nÓg d'Fhorbairt Náisiúnta na nÓg
Grúpa um Cheartas agus Síocháin i Léim an Bhradáin
Hope Foundation
Institiúid um Chomhtháthú Idirnáisiúnta
Ionad um Léinn Forbartha in Ollscoil Chathair Átha Cliath
Ionad um Oideachas Domhanda
Ionad Léinn Idirnáisiúnta DCU
Ionad um Staidéar a dhéanamh ar Fhorbairt i gCamaí
Ionad TCD do Shláinte Domhanda
Iontaobhas Idirnáisiúnta na dTeifeach
Irish Family Planning Association
Irish League of Credit Unions International Development
KADE
Misiún Chríostaí na nDall in Éirinn
Líonra Éire
Líonra Mná an Chláir
Líonra OEG um Oideachas Forbartha agus Taighde
Líonraí Sláinte agus Forbartha
Misinéirí an Chroí Rónaofa
Minisnéirí Cholm Cille
Na Fórsaí Cosanta
Northern Ireland/ Fighting World Poverty

Ollscoil Luimnigh, Oifigh an Uachtaráin
Oxfam Éire
Peace Brigades International
Plan Ireland
Presentation Justice Network
Seirbhís Acmhainne Mhisinéirí na hÉireann
Sightsavers International
Skill Share International Ireland
Slánaitheoirí na hÉireann
Teak 21 (International Federation of Quality Tropical
Hardware Association)
Tearfund
Tionscnaimh Idirnáisiúnta um an Vacsaín do SEIF
Foláireamh Idirnáisiúnta
Tionscnamh um Chearta Daonna na mBan
The Leprosy Mission
Transparency InternationalTrócaire
UNICEF
Vincentian Partnership for Social Justice War on Want
Wingspread International
WITH/Cúram
World Vision Ireland

# Aighneachtaí ó Dhaoine

Barrow, Edmund G.
Bourke, Mick
Brennan, Fionnuala
Brock, Rose Tuelo
Cass, Eamon
Counihan Family
Cryan, Columba
Daly, Bernard
Devon, Aidan
Dwan, Martin
Evans, Herbert
Fitzpatrick, Garret
Grehan Michael
Hume, Mo
Jackson, John A.
Kenny, James
Kevlihan, Rob
Kitt, Tom T.D., Aire Stáit i Roinn an Taoisigh
Kyomuhendo, Diana
Lennon, Seamus
Groarke, Maria
McGinly, John
Miley, Kevin
Mulcahy, Máire
Murphy, Anthony
Murphy, Paul
Murphy, Phillip
Nkuba, Michael
O'Brien, Denis
O'Brien, Sr. Miriam
O'Donovan, Ena
O'Duffy, Isobel
O'Neill, Nick
O'Sullivan, Paul
Redmond, Nick
Richards, Niambi
Roche, Niall
Sharer, Melissa
Soffe, David
Spillane, Charles
Standish, Ann
Jackson, John
Tighe, Eamon
Crowley, Tom
Van Rijn, John
Walsh, Kathy
Wyse, Garrett
Zietsman, Shiela

# Acrainmneacha

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| ACP | African, Caribbean and Pacific/<br>Afracach, Caríbeach agus Réigiún an Aigéin Chiúin |
| ACPHR | African Commission on People's and Human Rights/<br>Coimisiún na hAfraice um Chearta na nDaoine agus um Chearta Daonna |
| AE | Aontas Eorpach |
| APRM | African Peer Review Mechanism/<br>Meicníocht Afracach um Athbhreithniú Piaraí |
| ASEAN | Association of Southeast Asian Nation/<br>Cumann Náisiúin Thoirtheas na hÁise |
| ASEM | Asia Europe Meeting/<br>Cruinniú na hÁise agus na hEorapa |
| AU | African Union/<br>Aontas na hAfraice |
| AU PSC | African Union Peace and Security Council/<br>Comhairle Slándala agus Síochána an Aontais Afracaí |
| CERF | Central Emergency Response Fund/<br>Ciste Lárnach um Freagra ar Ghéarchéim |
| CEDAW | Convention on the Elimination of All Forms of Discrimination Against Women/<br>Coinbhinsiún um Gach Cineál Idirdhealaithe i gCoinne Mná a Dhíbirt |
| CGIAR | Consultative Group on International Agricultural Research/<br>Grúpa Comhchomhairle um Thaighde Idirnáisiúnta |
| CSF | Civil Society Fund/<br>Ciste na Sochaí Sibhialta |
| DAC | Development Assistance Committee/<br>Coiste an OECD um Chúnamh agus Forbairt |
| DEAC | Development Education Advisory Committee/<br>Coiste Comhairleach um Oideachas Forbartha |
| DFA | Department of Foreign Affairs/<br>An Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| ECOWAS | Economic Community of West African States/<br>Pobal Eacnamaíochta na Stát IarAfracacha |
| EDF | European Development Fund/<br>Ciste Forbartha na hEorpa |
| EPA | Economic Partnership Agreement/<br>Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíoch |
| ESDP | European Security and Defence Policy/<br>Beartas Cosanta agus Slándála na hEorpa |

| | |
|---|---|
| FAO | Food and Agriculture Organisation/<br>Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta |
| FLO | Fairtrade Labelling Organisations International/<br>Eagraíochtaí um Thrádáil Chóir agus Lipéadú Idináisiúnta |
| GeSCI | Global e-Schools and Communications Initiative/<br>Tionscnamh na Ríomhscoileanna Domhanda agus Cumarsáid Idirnáisúnta |
| HDI | Human Development Index/<br>Innéacs um Fhorbairt Dhaonna |
| ICRC | International Committee of the Red Cross/<br>Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge |
| IDA | International Development Association/<br>Cumann Forbartha Idirnáisiúnta |
| IDP | Internally Displaced Person/<br>Duine Díshealbhaithe go hInmheánach |
| ILO | International Labour Organisation/<br>Eagraíocht Saothair Idirnáisúnta |
| IMF | International Monetary Fund/<br>Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| IMRS | Irish Missionary Resource Service/<br>Seirbhís Acmhainne Mhisinéirí na hÉireann |
| IOM | International Organisation for Migration/<br>Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Imirce |
| LDC | Least Developed Country/<br>Tír is Lú Forbartha |
| MAPS | Multi Annual Programme Scheme/<br>Clár Scéim Ilbhliantúil (MAPS) |
| MDGs | Millennium Development Goals/<br>Spriocanna Forbartha na Mílaoise |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe |
| NGO | Non Governmental Organisation/<br>Eagraíocht Neamhrialtasach |
| NCCA | National Council of Curriculum Assessment/<br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| ODA | Official Development Assistance<br>Cúnamh Forbartha Oifigiúil |
| OSCE | Organisation for Security and Cooperation in Europe/<br>Eagraíocht um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip |

| | |
|---|---|
| OECD | Organisation for Economic Cooperation and Development<br>Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OTN | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| PPECA | Partnership Programme for Europe and Central Asia/<br>Clár Comhpháirtíochta don Eoraip agus don Áis Láir |
| PRSP | Poverty Reduction Strategy Paper/<br>Paipéar Straitéiseach um Bochtaineacht a Laghdú |
| RRI | Rapid Response Initiative/<br>Tionscnamh um Fhreagra Tapaidh |
| SADC | Southern African Development Community/<br>Pobal Forbartha na hAfraice Theas |
| TFC | Teicneolaicht Faisnéise agus Cumarsáide |
| UNDP | United Nations Development Programme/<br>Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe |
| UNESCO | United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation/<br>Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisún Aontaithe |
| UNFCCC | United Nations Framework Convention on Climate Change/<br>Creat Choinbhinsiún an Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide |
| UNHCR | United Nations High Commissioner for Refugee/<br>Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Theifigh |
| UNICEF | United Nations Children Fund/<br>Ciste na Náisiún Aontaithe do Leanaí |
| WFP | World Food Programme/<br>Clár Bia an Domhain |
| WHO | World Health Organisation/<br>An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte |
| WTO | World Trade Organisation/<br>An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

# Grianghraif

| | |
|---|---|
| Leathanach 21 | Pieternella Pieterse/Cúnamh Éireann |
| Leathanach 22 | Maxwell Photography Ltd. |
| Leathanach 30 | Rory Coveney/ Cúnamh Éireann |
| Leathanach 31 | Chris Sattlberger/Panos Pictures |
| Leathanach 42 | Sven Torfinn/Panos Pictures |
| Leathanach 50 | Rory Coveney/Cúnamh Éireann |
| Leathanach 55 | Tara Shine/Cúnamh Éireann |
| Leathanach 60 | Crispin Hughes/Panos Pictures |
| Leathanach 67 | Rory Coveney/Cúnamh Éireann |
| Leathanach 70 | Maxwell Photography Ltd. |
| Leathanach 74 | Tim A. Hetherington/Panos Pictures |
| Leathanach 82 | Dieter Telemans/Panos Pictures |
| Leathanach 83 | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| Leathanach 85 | Sven Torfinn/Panos Pictures |
| Leathanach 90 | Seán Hoy/Cúnamh Éireann |
| Leathanach 91 | Sean Sprague/Panos Pictures |
| Leathanach 92 | Ahikam Seri/Panos Pictures |
| Leathanach 93 | Chris Sattlberger/Panos Pictures |
| Leathanach 97 | DG-Development/Commissiún na hEorpa |
| Leathanach 117 | Pieternella Pieterse/Cúnamh Éireann |